




Bord Iascaigh Mhara

# Tuarascáil Bhliantúil 2017

BIM
Ireland's
Seafood
Development
Agency

# Clár Ábhar


| | |
|---|---|
| **Ráiteas an Chathaoirligh** | 2 |
| **Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh** | 4 |
| **Tosaíochtaí Straitéiseacha** | |
| Scileanna | 8 |
| Inbhuanaitheacht | 14 |
| Nuálaíocht | 22 |
| Iomaíochas | 28 |
| **Rialachas Corparáideach** | 31 |
| **Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste** | 34 |
| **Na Ráitis Airgeadais** | |
| Ráiteas Rialála agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird | 38 |
| Ráiteas ar Rialú Inmheánach | 43 |
| Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus le Cúlchistí Ioncaim Coinnithe | 46 |
| Ráiteas maidir le hIoncam Cuimsitheach | 47 |
| Ráiteas maidir le Staid Airgeadais | 48 |
| Ráiteas maidir le Sreafaí Airgid | 49 |
| **Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais** | 50 |
| **Cúnamh Deontais De Minimis** | 65 |
| **Cúnamh Deontais arna thacú ag an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh (CEMI) agus an Státchiste** | 66 |




An tionscal bia mara a fhorbairt trí shaineolas teicniúil, tacaíocht ghnó, cistiú, oiliúint agus cur chun cinn chleachtas comhshaoil freagrach a chur ar fáil.



# Ráiteas an Chathaoirligh

Níos mó ná riamh, tá ról lárnach ag acmhainní sármhaithe mara na hÉireann agus a tionscal bia mara nuálaíoch i gcur chun cinn fás eacnamaíoch ár n-oileán agus forbairtinbhuanaithe a bhaint amach dár bpobail cois farraige.



Tá tionscal bia mara na hÉireann bríomhar agus cruthaitheach agus dá bhrí sin tá ag eirí thar barr leis. Ag cur lena buntáistí nádúrtha, chuir an earnáil €1.15 billiún le geilleagar an náisiúin in 2017, méadú suntasach de 6.4% ar an bhliain roimhe. Tá an earnáil ag cur go mór le clú idirnáisiúnta na hÉireann mar thairgeoir bhia inbhuanaithe d'ardchaighdeán.

Tá os cionn 14,000 duine fostaithe go díreach nó go hindíreach san earnáil bhia mara, go leor acu lonnaithe i bpobail iargúlta an chósta áit nach bhfuil mórán deiseanna oibre eile. Tá geilleagair na réigiún seo ag brath go mór ar rath an tionscail bhia mara, áit a chuireann sé fostaíocht ar shoithí iascaireachta, feirmeacha éisc, i ngnólachtaí próiseála agus i leithdháileadh bhia mara ar fáil.

Mar bhunús leis an bhfeidhmíocht iontach atá ag an tionscal tá na tiomantas a rinneadh faoin gclár Food Wise 2025, creat straitéiseach a sheol an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (DAFM) in 2015 chun an deis atá ann de réir an éilimh dhomhanda do réitigh bhia a thapú. Tá an tionscal bia mara inchurtha leis an dúshlán seo trí thacaíocht a fháil ón BIM agus páirtnéirí eile, agus tá go leor oibre déanta aige chun déileáil leis na dúshláin ó thaobh an scála agus an tsoláthair de chun cur lena acmhainn agus áit dó féin a bhaint amach sa mhargadh domhanda.

Chun barr feabhais agus nuálaíocht a bhaint amach, tá gá le fís shoiléir straitéiseach, agus breathnaíonn an Tuarascáil Bhliantúil seo ar phríomhthacaíochtaí an tiomantais seo: na scileanna, agus an inbhuanaitheacht, nuálaíocht agus iomaíochas ar a bhfuil gníomhaíochtaí BIM bunaithe. Tríd an gceithre réimse seo, tá sé mar aidhm ag BIM fás eacnamaíoch, sóisialta agus comhshaoil inbhuanaitheach sa tionscal a éascú chun a chinntiú go sroicheann an tionscal barr a chumais.

Is í an chomhpháirtíocht eochair an dul chun cinn seo agus tá tábhacht mhór le comhoibriú idir chomhlachtaí leathstáit, an Rialtas, eagraíochtaí comhchéime agus an AE chun cobhsaíocht eacnamaíoch earnáil bhia mara na hÉireann a chosaint. Is pearsantacht ríthábhachtach é an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, an Teachta Dála Michael Creed, i gcur chun cinn fás inbhuanaitheach agus táimid an-bhuíoch don tacaíocht a thug sé dúinn i rith na bliana. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin thar ceann BIM dár gcomhghleacaithe sa Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus dár gcomhghníomhaireachtaí.

Bhí tábhacht mhór freisin ag baint leis an tacaíocht agus cúnamh airgeadais a fuaireamar ón gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh (CEMI) agus ón gCoiste Comhairleach um Iascach agus Dhobharshaothrú (ACFA) chun torthaí maithe a fháil ar fud na hearnála.


Le ceapadh Jim O'Toole mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin in Aibreán 2017, tá go leor taithí breise maidir le margaíocht bhia dhomhanda, forbairt inbhuanaithe agus ceannaireacht athraithe gnóthaithe ag an eagraíocht. Leis an taithí forleathan a bhí aige leis an mBord Bia, bhí ról lárnach ag Jim i bhfíorú na spriocanna uaillmhianacha maidir le bia mara a leagadh síos sa chlár Food Wise 2025.

## Chuir an earnáil suim measartha mór €1.15 billiún le geilleagar an náisiúin in 2017.

Ba mhaith liom freisin mo bhuíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe a shuíonn ar an mBord dá tacaíocht agus dá bproifisiúntacht i rith 2017. Bhí tionchar an-tábhachtach ag a n-iarrachtaí leanúnach ar chur i bhfeidhm fhís chomónta BIM.

Ar deireadh, thar ceann an Bhoird, ba mhaith liom aird a tharraingt ar an éacht a rinne stiúrthóirí agus foireann dhíograiseach BIM, táim an-bhuíoch as an spreagadh a thugann a bhfís agus a ndíocas dom i gcónaí. Ba mhaith liom freisin mo mhuinín i struchtúr, cuspóirí agus gníomhaíochtaí na heagraíochta seo agus a fostaithe a chuir in iúl.

Cé go bhfuil dúshláin mhóra os comhair na hearnála bia mara Éireannach, is féidir linn a bheith dearfach faoin todhchaí. Sa lá atá inniu ann, úsáideann an domhan níos mó éisc ná riamh agus, dá bharr sin, tá poitéinseal mór fáis in ann d'acmhainní mara na hÉireann. Amach anseo, cabhróidh an BIM le tairgeoirí bia mara nuáil a dhéanamh agus tairbhe a bhaint as na cúinsí fábharacha atá ann do bhia mara trí na huirlisí is gá a chur ar fáil don tionscal chun go bhforbróidh sé.



**Kieran Calnan**
Cathaoirleach

# Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh

Chuaigh tionscal bia mara na hÉireann ó neart go neart in 2017, ag cur go mór le geilleagar na hÉireann agus lenár bpobail chósta, agus ag an am céanna cuireadh chun cinn é sa mhargadh domhanda.



Ba bhliain iontach í 2017 do gheilleagar mara na hÉireann. D'fhás easpórtálacha bia mara 10% go €666 mhilliún, mhéadaigh an margadh intíre 4% go €429 milliún, agus don chéad uair riamh, chuaigh luach na trádála os cionn €1 billiún. Tá a chuid spriocanna á bhaint amach ag an tionscal bia mara, cuspóirí atá leagtha amach i straitéis Food Wise 2025 an Rialtais agus de thairbhe a acmhainní nádúrtha den scoth agus an tairiscint a chuireann sí ar fáil don mhargadh, tá deis mhaith ag Éirinn tairbhe a bhaint as na treochtaí reatha sa mhargadh bia mara domhanda.

Agus daonra an domhain ag fás, is é bia mara an fhoinse phróitéine is mó a bhfuil ag go leor daoine san Aifric agus do níos mó agus níos mó tomhaltóirí meán-aicmeacha i réigiún an Aigéin Chiúin agus na hÁise, áit ar mhéadaigh tomhaltas bhia mara faoi thrí le 25 bhliain anuas fiú. I margadh an AE agus sa mhargadh intíre, tá tomhaltóirí ag fáil tuiscint ar thairbhí chothaitheacha sláintiúla bhia mara, agus tá a n-aird á tharraingt ar áisiúlacht thairgí agus pacáistiú nuálaíocha.

Tá BIM tiomanta d'obair leis an tionscal bia mara chun tairbhe a bhaint as a acmhainneacht eacnamaíoch agus in 2017 dhírigh ár gclár gníomhaíochtaí isteach ar mhuinín agus cumas a chothú chun gur féidir linn fás an tionscail a spreagadh agus cáil na hÉireann mar sholáthraí bia mara inbhuanaithe den chéad scoth a dhaingniú.

Rud atá an-tábhachtach do rath an tionscail bhia mara ná an €240 milliún a leithdháileadh faoin gClár Forbartha Bia Mara – arna chomhchistiú ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (DAFM) agus an Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh (CEMI). Cumasaíonn an cistiú seo iarrachtaí an tionscail a bheith iomaíoch i margadh domhanda a ghluaiseann ar aghaidh go tapa. Ar a bharr sin, chabhraigh €30 milliún de thacaíocht AE leanúnach ón bPlean Straitéiseach Náisiúnta um Fhorbairt Inbhuanaithe Dhobharshaothraithe leis an BIM réimse scéimeanna a chur i bhfeidhm chun tacú leis an earnáil dhobharshaothraithe.


Le héifeachtúlacht optamach a bhaint amach, d'eagraigh BIM a chuid tacaíochtaí do na hearnálacha iascaigh, dobharshaothraithe agus próiseála ar bhonn ceithre thosaíocht straitéiseach:scileanna, inbhuanaitheacht, nuálaíocht agus iomaíochas. Is féidir torthaí an chur chuige struchtúrtha seo a fheiceáil sa réimse clár oiliúna agus oideachais spriocdhírithe a thug scileanna nua do dhaoine i ngach earnáil den tionscal; sna scéimeanna creidiúnaithe láidre a dhéanann rialú ar fhorbairt inbhuanaithe saibhreas aigéin na hÉireann; sna comhoibrithe nuálaíochta agus taighde a d'eascraigh teicneolaíochtaí agus táirgí nua astu; agus sna tacaíochtaí agus seirbhísí a chabhraigh le gnólachtaí san earnáil bhia mara luach a chur lena gnó, costais a laghdú agus rochtain a fháil ar mhargaí nua.

Dearadh na bearta seo, maraon le gach ceann de ghníomhaíochtaí BIM, chun cabhair a thabhairt don earnáil bhia mara a bhfuil dúshláin mhóra os a comhair ó thaobh na rudaí seo a leanas de: scála agus ilroinnt, soláthar teoranta ámhábhar riachtanais inbhuanaithe chrua, spleáchas ar aschur thráchtearraí agus, dar ndóigh, an neamhchinnteacht atá ann de bharr Brexit.

## Ba bhliain iontach í 2017 do gheilleagar mara na hÉireann.

D'ainneoin na ndúshlán seo, tá cuma dhearfach ar thionscal bia mara na hÉireann agus leanfaidh BIM ar aghaidh ag tabhairt tacaíochta don earnáil chun bealaí níos fearr gnó a dhéanamh a fhorbairt. Daingneoimid ár gcomhpháirtíochtaí, cruthóimid comhoibrithe nua, tabharfaimid tacaíocht do nuálaíochta agus cuirfimid i bhfeidhm inbhuanaitheacht go daingean i ngach gné de na rudaí a dhéanaimid. In 2017, tugadh faoi obair chun Ráiteas Straitéise don tréimhse 2018-2020 a fhorbairt, agus treoireoidh sé seo ár ngníomhaíochtaí chun iomaíochas níos fearr a bhaint amach.

Is acmhainn luachmhar é geilleagar mara na hÉireann agus tá BIM tiomanta do chinntiú go mbainfidh a fhorbairt amach fíorthairbhí dóibh siúd atá ag obair san earnáil, don gheilleagar agus do na pobail atá mar pháirt lárnach dó.



**Jim O'Toole**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin



Hugh Wilhare, Mulroy Bay Mussels, Co. Dhún na nGall



# Scileanna

Léirigh an réimse infheistíochtaí, clár oiliúna agus tionscnamh oideachas tiomantas BIM do scileanna nua a mhúineadh thar gach leibhéal agus gach earnáil i rith 2017.

# Scileanna

Beidh ról lárnach ag caipiteal daonna i bhforbairt thionscal bia mara na hÉireann agus léirigh an réimse infheistíochtaí, clár oiliúna agus tionscnamh oideachas tiomantas BIM do scileanna nua a mhúineadh thar gach leibhéal agus gach earnáil.

## Forbairt Scileanna Agus Straitéis Oiliúna

I rith 2017, rinne BIM comhairliúchán forleathan leis an tionscal, le páirtithe leasmhara agus soláthraí oideachais faoi na cláir scileanna agus oiliúna atá riachtanach chun tionscal bia mara na hÉireann a fhorbairt agus a leathnú amach. Díríodh isteach ar dhúshláin áirithe sa tionscal, lena n-áirítear an deacracht atá ann iontrálaithe nua agus oibreoirí le scileanna teicniúla a mhealladh isteach san earnáil, agus iarchéimithe ó éagsúlacht leathan dhisciplíní a mhealladh. Ar a bharr sin, d'fhéadfadh forbairt ghrinneas gnó a bheith ag srianadh fáis laistigh den tionscal agus ag cur cosc ar ghnólachtaí a bpoitéinseal margaidh iomlán a bhaint amach.

Mar fhreagra ar seo, rinne BIM athbhreithniú cuimsitheach de na scileanna agus an oiliúint ar fad a chuirtear ar fáil sna hearnálacha loingis, dobharsaothraithe agus próiseála, agus leag sé amach réimse leathan clár agus tacaíochtaí scileanna agus oiliúna ar gá iad a fhorbairt. Bhí ionchur chomhpháirtithe straitéiseacha ag teastáil chun cabhair a thabhairt le struchtúir chlár, le forbairt agus le creidiúnú agus, in 2017, rinne an eagraíocht taighde ar an margadh chun an bhearna is fearr sa mhargadh a aimsiú do thionscal bia mara na hÉireann.

Shainaithin an próiseas seo roinnt clár ar gá iad a fhorbairt in 2018. Chuimsigh siad seo cláir forbartha d'iontrálaithe nua, clár forbartha breisoiliúna, agus clár forbartha bainistíochta agus ceannaireachta, a bhfuil ról lárnach acu ar fad chun oiliúint chomhtháite agus chreidiúnaithe a chur ar fáil, agus conair forchéimnithe shoiléir a thabhairt d'oibreoirí an tionscail.

## Seirbhísí Oiliúna

Chabhraigh an próiseas seo le BIM cláir agus tacaíochtaí oiliúna nua atá ábhartha don tionscal a aithint agus a fhorbairt, a chuireann luach leis an tionscal agus a mheallfaidh na daoine is cliste agus is fearr isteach sa tionscal. Cé go gcuireann BIM oiliúint fhorleathan ar fáil, tá bearnaí fós sa phunann scileanna agus oiliúna don earnáil bhia mara agus beidh cúrsaí oiliúna agus daltais sna cláir nua chun a chinntiú go bhfuil rochtain ag an tionscal ar líon dhaoine proifisiúnta cumasacha agus muid ag dul ar aghaidh.

Bhunaigh BIM Grúpa Oibre Scileanna in 2017, i gcomhar le páirtithe leasmhara, chun Straitéis Oiliúna Bia Mara a fhorbairt don tréimhse 2018 go 2020. Ina dhiaidh sin, cruthaíodh Clár um Fheidhmiú na Straitéise Scileanna, a leagan amach pleananna forbartha agus feidhmithe do réimse clár scileanna agus oiliúna a chuirfidh BIM i bhfeidhm sna blianta atá amach romhainn.

Beidh sé mar aidhm ag na cláir seo iontrálaithe nua a mhealladh, iarchéimithe a fhorbairt, agus breisoiliúint a thabhairt dóibh siúd atá ag obair sa tionscal agus tacaíocht agus deis fhorbartha a thabhairt d'fheidhmeannaigh agus do cheannairí tionscail an todhchaí. Déanfar iad seo a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm i gcomhar le comhpháirtithe oideachais roghnaithe, lena n-áirítear Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí agus Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí.

## Coláistí Oiliúna Iascaigh Náisiúnta

In 2017, chuir BIM ar fáil 1,477 áit oiliúna don earnáil i gColáistí Iascaigh Náisiúnta na hÉireann BIM (NFCI) sa Chaisleán Nua, Contae Dhún na nGall agus Baile Chaisleáin Bhéarra, Contae Chorcaí, agus go háitiúil freisin ar fud 18 iascach tríd Aonaid Oiliúna Chósta BIM. Freagraíonn sé seo do 1,131 duine atá ag déanamh cúrsa BIM amháin nó níos mó.

Ag NFCI Bhaile Chaisleáin Bhéarra, thug áis oiliúna dóiteáin nua ag Daighinis deis oiliúna áitiúil d'iascairí sa réigiún. Ar a bharr sin, beidh seomra dí-chomhbhrúcháin thumadóireacht thráchtála a tógadh le sainchuspóir agus áiseanna tacaíochta do na cláir nua oiliúna do thumadóirí ag feidhmiú go luath.

Sholáthar clár sábháilteachta náisiúnta BIM, a dhíríonn isteach ar shoithigh iascaigh bheaga 15 mhéadar ar leithead nó níos lú, 456 Chárta Bhunoiliúna Sábháilteachta, agus soláthraíodh 253 Ghaireas Snámhachta Pearsanta (PFDanna) le Rabhcháin Aimsitheora Phearsanta (RAPnna) do scipéirí agus criúnna. Chabhraigh an oiliúint seo leis an tionscal riachtanais chaighdeáin shábháilteachta Chód Cleachtais na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt (DTTAS) a chomhlíonadh. Ar a bharr sin, bunaíodh Grúpa Forbartha Caighdeán in 2017 chun dámhachtain nua Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) ag Leibhéal 6 maidir le hOibriúcháin Tumadóireachta Scúba Tráchtála agus le hOibriúchán Análaithe ón Dromchla (Cladaigh).

## Ag Obair le Próiseálaithe Bia Mara

D'oibrigh BIM i ndlúthchomhar le próiseálaithe bia mara agus miondíoltóirí ar fhorbairt tháirgí, breisoiliúint, agus luach breise a chur le táirgí trí dhíriú isteach ar lipéadú, cur i láthair agus leagan síos córais shábháilteachta bia. Chuir sé seirbhísí pleanála gnó réigiúnaí ar fáil freisin chun cabhair a thabhairt do chuideachtaí maidir le pleanáil straitéiseach, struchtúrú airgeadais agus deiseanna fáis a thapú.

### Breisoiliúint in Eolas ar Tháirge

Lean clár 2017 ar aghaidh ag tabhairt breisoiliúna do mhiondíoltóirí agus do phróiseálaithe chun an t-easnamh eolais san earnáil a líonadh trí fhéilire cuimsitheach ceardlanna oiliúna réigiúnaí a chur ar fáil. I rith 2017, tugadh oiliúint do 211 rannpháirtithe san earnáil bhia mara i gceardlanna a chlúdaigh réimsí ar nós chócaireacht bhia mara do mhiondíoltóirí, láimhseáil agus filléadú éisc, cáilíocht agus measúnú éisc, agus oiliúint AGPRC bhia mara.

### Bainistíocht Sábháilteachta Agus Cáilíocht Bhia

Soláthraíonn BIM saintacaíocht, meantóireacht agus comhairle chun cabhrú le gnólachtaí bia mara caighdeáin shábháilteachta bia agus sláinteachais AE a chomhlíonadh. In 2017, rinneadh réimse seirbhísí a chur ar fáil, lena n-áirítear clár sábháilteachta bia do mhiondíoltóirí bia mara nuálaíocha, ceithre cheardlann réigiúnach AGPRC do phróiseálaithe bia mara, oiliúint do shábháilteacht bhia ar an láthair i dtrí chuideachta agus oiliúint do mheasúnú cháilíochta i gcuideachta mór éisc ghil. Eagraíodh dhá chúrsa oiliúna do mheasúnú cháilíocht éisc i gcomhar le Seafish UK inar tugadh oiliúint do rannpháirtithe i dteicnící mheasúnaithe cháilíocht éisc ag úsáid scéimeanna measúnaithe Mhodh Innéacs Torry agus Cáilíochta (QIM). Aithnítear na scéimeanna seo ar fud an domhain mar an dóigh is fearr chun cáilíocht éisc a mheasúnú go hoibiachtúil agus an tseilfré atá acu fós a dhearbhú. D'fhreastail 26 rannpháirtí de na hearnálacha próiseála bia mara, fáilteachais agus miondíola ar an gcúrsa oiliúna. Rud eile a tharla in 2017 ná go ndearnadh athbhreithniú ar an éileamh d'fhorbairt chlár oiliúna sábháilteachta bia do phróiseálaithe bia mara ag Leibhéal QQI 5 nó 6.

## Miondíol Bia Mara agus Forbairt Cheannaithe Éisc

### Comórtas na gCeannaí Éisc Óga, Oiliúint agus Meantóireacht

Forbraíodh an tionscnamh do Cheannaithe Éisc Óga chun breisoiliúint, cúiteamh agus aitheantas a thabhairt do cheannaithe éisc óga atá ag cur go mór leis an earnáil mhiondíola. Ba í 2017 an cúigiú bliain a eagraíodh an comórtas agus tá tuairisciú forleathan faighte aige sna meáin.

Tá forbairt tagtha ar an gclár agus tá iomaitheoirí sa chomórtas ceannais agus i ndá chatagóir éagsúil ann anois - Speisialtóir Bia Mara Neamhspleách agus Cuntar Bia Mara Ollmhargaidh.

Chuir tríocha iarratasóir isteach ar chomórtas 2017 agus ag ócáid Dhámhachtainí Bia Mara BIM ainmníodh na buaiteoirí mar Anne Stephens, The Fish Market, Má Nuad, Contae Chill Dara (Speisialtóir Bia Mara Neamhspleách) agus Scott Smullen, Dunnes Stores, Cúirt Choirnéil, Baile Átha Cliath (Cuntar Bia Mara Ollmhargaidh).

# Scileanna (ar lean)

Tugadh isteach catagóir nua in 2017 - Dámhachtain Ghnó Mhiondíola Bhia Mara BIM, a mheall 22 iarratasóir. Ainmníodh na buaiteoirí sa chatagóir seo mar Lar McCarthy, The Fresh Fish Shop, Droichead na Bandan, Contae Chorcaí agus Daniel Drwal, Tarpey's SuperValu, Bóthar Bhaile Átha Cliath, an Cabhán.

### Miondíol Bia Mara agus Forbairt

Cabhraíonn Clár Miondíola Bia Mara BIM le gnólachtaí bia mara tairiscintí miondíola d'ardchaighdeán a thabhairt agus tá réimse leathan feidhme aige a chuimsíonn ceardlanna agus cúrsaí oiliúna oideachasúla; láimhseáil agus filléadú iasc; cáilíocht bhia mara; AGPRC; meantóireacht ar an láthair; agus cur chun cinn iontrálaithe nua ar an tionscal. Ar fad, eagraíodh 25 ceardlann agus ócáid bhreisoiliúna, agus bhain 211 oibreoir bia mara tairbhe astu, in 2017. Leanadh ar aghaidh le forbairt a dhéanamh ar na naisc leis an earnáil ilmhiondíola agus rinneadh comhairliúchán maidir le forbairt chlár nua oiliúna do cheannaithe éisc atá le seoladh in 2018.

### An Clár Breisluacha Eorpach

Ó 2015 ar aghaidh, tá cuairteanna chuig an Íslítír le miondíoltóirí bia mara eagraithe ag BIM, ag tabhairt deis do mhiondíoltóirí Éireannacha nuálaíocht agus bealaí chun breisluach a chur le táirí a fheiceáil dóibh féin. Tá an earnáil bhia mara Ollannach níos forásaí maidir leis seo, agus filleann go leor díobh siúd a fhreastalaíonn ar na turais seo ar Éirinn agus forbraíonn siad a gcuid raon táirgí lena réimsí breisluacha féin. In 2017, chabhraigh BIM le ceithre mhiondíoltóir bia mara samplaí den mhúnla miondíola bia mara agus breisluacha Ollannach a fheiceáil. Ar bhonn chómhalartach, d'óstáil BIM sé mhiondíoltóir in Éirinn chun deis a thabhairt dóibh teacht ar cuairt agus naisc a chruthú le próiseálaithe bia mara.

## Oideachas Dhobharshaothraithe

### Oiliúint Dhobharshaothraithe

Déanann BIM comhthadhaill go dlúth leis an tionscal uisceshaothraithe chun cabhrú leis freastal ar a riachtanais leantacha scileanna. I rith 2017, chláraigh an chéad ghrúpa deich mic léinn a glacadh don Ard-Dioplóma i nDobharghnó ag campas Loch Garman Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach. D'fhorbair BIM an cúrsa seo i gcomhar le Campas Loch Garman Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach le tacaíocht ó Fheirmeoirí Aontaithe na hÉireann. Rinne an Grúpa Stiúrtha Dhobharshaothraithe, mar chuid de straitéis oiliúna nua BIM iarracht oiliúint ardscileanna agus cúrsaí eile a chur chun cinn chun riachtanais an tionscail a chomhlíonadh. Tá an cúrsa Leibhéal 8 creidiúnaithe ag QQI oscailte d'iarrthóirí ón earnáil bhia mara, lena n-áirítear réimsí ar nós dhobharshaothraithe, iascaigh agus phróiseáil bhia mara.

### Ceardlanna Fheirmeoireacht Diúilicíní Éireannacha

Eagraíodh ceardlann i Loch Garman faoi dhiúilicíní beantach-fhásta i Márta 2017 chun tionscal na hÉireann a thabhairt suas chun dáta maidir leis an taighde is déanaí, agus d'fhreastail cainteoirí ón bhFrainc, ón Ísiltír agus ón mBreatain Bheag ar an gceardlann. Cuireadh i láthair ábhair ar nós fadhbanna earcaithe síol diúilicíní sa Normainn, dinimic bheirtreach diúilicíní san Ísiltír, speiceas ionrach sna diúilicíní bunfhásta, deimhniúchán MSC agus treochtaí margaidh i rith an lae agus eagraíodh seisiún plé oscailte leis an tionscal chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna reatha.

Seoladh tionscnamh Threoirthionscadal Thairsí Mhuir Éireann (ISPP) tar éis na ceardlanna. Is é cuspóir an tionscnamh Interreg seo idir BIM agus Ollscoil Bangor sa Bhreatain Bheag clár oibre gréasáin a chur ar fáil do thionscal na ndiúilicíní bunfhásta a láróidh an t-eolas ábhartha ar fad, ar nós tuarascálacha suirbhéireachta diúilicíní, rialacháin, réamhaisnéiseanna agus taighde reatha.

## Feasacht ar Shábháilteacht

### Gaireas Snámhachta Pearsanta Agus Tionscnamh Comharthaíochta

Tar éis tabhairt isteach Scéim Oiliúna Sábháilteachta agus Trealaimh Feabhsaithe BIM in 2014, rinneadh 253 Ghaireas Snámhachta Pearsanta (GSPanna) le Rabhcháin Aimsitheora Phearsanta (RAPnna) a eisiúint in 2017. San iomlán, eisíodh os cionn 1,700 seaicéad don tionscal bia mara faoin scéim, scéim a leathnófar amach in 2018 tar éis theacht isteach na GSP Compact Supreme nua.

Mar thoradh ar chomhairliúcháin a rinneadh i dTuarascáil an Ghrúpa Oibre ar Shábháilteacht, Oiliúint agus Fostaíocht sa Tionscal Iascaireachta Éireannach (2015), chuir BIM isteach 150 comhartha "Caith do GSP" suas ag tríocha áit roghnaithe ar chósta na hÉireann le cúnamh Oifigigh Fhorbhartha Intíre BIM.

### Fearas Garchabhrach do Bháid Iascaigh Bheaga

D'oibrigh BIM, MEDICO Cork agus Oifig na Muirshuirbhéirí le chéile le Scoil Innealtóireachta Meicniúil agus Deartha Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath chun coimeádán a fhorbairt do nithe inathnuaite laistigh de riachtanais na Ranna Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Mar thoradh ar seo cuirfear trealamh leighis deontaschúnta agus oiliúint ghaolmhar ar fáil do shoithí intíre.

### Cobhsaíocht Shoithí Iascaireachta

Mar fhreagra ar chomhairliúcháin i dTuarascáil an Ghrúpa Oibre ar Shábháilteacht, Oiliúint agus Fostaíocht i dTionscal Iascaireachta na hÉireann, rinneadh físeán feasachta maidir le cobhsaíocht shoithí iascaireachta le béim ar leith ar shoithí níos lú ná 15 mhéadar ar fhad.

## Ceannaireacht Agus Forbairt Bhainistíochta

Tar éis comhairliúchán fairsing leis an tionscal agus athbhreithniú ar mholtaí na tuarascála tionscail in 2017, bhí BIM tiomanta do dhá chlár a fhorbairt: clár forbartha bainistíochta dírithe ar bhainisteoirí sinsearacha laistigh den tionscal bia mara, agus clár ceannaireachta dírithe ar Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin agus ar cheannairí an todhchaí. Cuirfidh na cláir seo ar fáil cur chuige iomlánaíoch d'fhorbairt daoine aonair agus cuideachtaí. Cuirfear é seo i gcrích trí réimse chlár oideachais, tacaíochtaí agus deiseanna foghlama atá deartha chun géire intinne gnó a chothú, scileanna bainistíochta a fhorbairt agus tuiscint níos fearr ar dheiseanna sa mhargadh intíre agus idirnáisiúnta a chur ar fáil.

## Caighdeáin Tumadóireachta ar Fheirmeacha Éisc

Bíonn tumadóirí ag teastáil ón tionscal dobharshaothraithe chun réimse feidhmeanna a chomhlíonadh nach ndéanfaí gan iad, nó a mbeadh go leor ama agus costas ag baint leis gan iad. Tá a gcuid tumadóirí cónaitheacha ag go leor feirmeacha éisc eite agus diúilicíní, cuid acu a fuair oiliúint ó BIM roimhe seo. De bharr easpa cúrsaí oiliúna do thumadóirí tráchtála in Éirinn sna deich mbliain roimhe seo, tá ganntanas tumadóirí le cáilíocht chuí sa tionscal.

Chun tacaíochtaí oiliúna cuí a chur ar fáil don tionscal, tá dhá chlár oiliúna creidiúnaithe do thumadóirí tráchtála curtha i bhfeidhm ag BIM: QQI Leibhéal 6 Tumadóirí Scúba Tráchtála agus QQI Leibhéal 6 Tumadóirí Análaithe ón Dromchla (intíre). Cuirfear ar fáil na cúrsaí seo ag Coláiste Iascaigh Náisiúnta na hÉireann BIM Bhaile Chaisleáin Bhéarra i gContae Chorcaí. Is cúrsa cúig seachtain é an cúrsa do Thumadóirí Tráchtála agus cúrsa trí seachtain atá sa chúrsa Análaithe ón Dromchla. Tá an chéad chúrsa sceidealaithe chun tosnú i nDeireadh Fómhair 2018. Feabhsóidh na cúrsaí seo caighdeán na gcáilíochtaí agus na sábháilteachta san earnáil.

## Cumarsáid Agus For-rochtain

### Ceachtanna Eolaíochta

Nasctha lena rannpháirtíocht sa chlár Eolaíochta agus Teicneolaíochta ag Obair, thug BIM isteach an cheathrú cheacht sa tsraith do mhic léinn dara leibhéal i rith 2017. Tá sé mar aidhm ag na ceachtanna eispéireas ón bhfíorshaol a chur le múineadh na heolaíochta. Leithdháileadh an ceacht "Bruscar Mara" ar 700 meánscoil ar fud na tíre agus bhí sé le feiceáil ag Taispeántas Eolaí Óga BT.

### Ardú Céime Gairme d'Iontrálaithe Nua

D'fhreastail BIM ar cheithre ócáid ghairme in 2017 i gcomhar le hInstitiúid na dTreoirchomhairleoirí. Ba é an cuspóir a bhí leis seo ná mic léinn dara leibhéal, múinteoirí agus treoirchomhairleoirí a chur ar an eolas faoi ghairmeacha sa tionscal.

Ag freagairt d'éileamh an tionscail agus an gá atá ann iontrálaithe nua a mhealladh isteach sa tionscal, shainaithin BIM cúig chlár iontrálaithe nua a bhfuil tuilleadh forbartha ag teastáil uathu. Cuimsíonn siad seo cúrsa oiliúna do cheannaithe éisc, cúrsa oiliúna deice, daltas innealtóireachta agus printíseacht próiseála bia mara/dhobharshaothraithe.

### Dearbhú Cáilíochta

Thosaigh BIM ag oibriú chun a chomhaontas dearbhaithe cáilíochta a athfhorbairt agus a uasghrádú le QQI mar chuid do phróiseas athbhunaithe caidrimh le soláthróirí oiliúna. Úsáidfear an fhaisnéis seo chun bonn eolais a chur faoi na polasaithe agus nósanna imeachta is gá chun go mbeadh comhaontas BIM ag teacht go huile is go hiomlán le treoirlínte chóras dhearbhaithe cáilíochta athbhreithnithe QQI.

# Inbhuanaitheacht






Is tiománaí tábhachtach do gheilleagar mara na hÉireann í an inbhuanaitheacht. Oibríonn BIM leis an earnáil bhia mara chun a chinntiú go bhfuil forbairt fhreagrach mar chuid lárnach dá ghníomhaíochtaí ar fad agus go gcaomhnaítear agus go gcosnaítear acmhainní nádúrtha na hÉireann don ghlúin seo agus do na glúnta atá romhainn.

Ray Thompson, Ceann Chlochair, Co. Lú

# Inbhuanaitheacht

Is tiománaí tábhachtach do gheilleagar mara na hÉireann í an inbhuanaitheacht agus tá rath sa tionscal bia mara comhaimseartha bunaithe uirthi. Oibríonn BIM leis an earnáil bhia mara chun a chinntiú go bhfuil forbairt fhreagrach mar chuid lárnach dá ghníomhaíochtaí ar fad agus go gcaomhnaítear agus go gcosnaítear acmhainní nádúrtha na hÉireann don ghlúin seo agus do na glúnta atá romhainn.

## Oibleagáid Gabhálacha a Thabhairt i dTír

Cuireadh tosach le hOibleagáid Gabhálacha an Chombheartais Iascaigh (CBI) d'iascaigh ghrinnill a thabhairt isteach ar bhonn speiceas ar speiceas in 2016. In 2019, beidh feidhm ag an rialúchán i gcás gach speicis a bhfuil teorainneacha gabhála ag baint leis.

### Roghnaíocht Fearais a Fheabhsú chun Déileáil leis an Oibleagáid Gabhálacha a Thabhairt i dTír

Is cuid lárnach é tabhairt isteach fearas iascaireachta roghnaitheach a laghdaíonn gabhálacha de speiceas róbheag nó thar an gcuóta d'acmhainn an tionscail an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír a chomhlíonadh. Braitheann roghnú na bhfearas iascaireachta níos roghnaithaigh seo ní hamháin ar na speicis a díríodh orthu agus ar thráthúlacht na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír, ach ar chur i bhfeidhm fhorálacha eile maidir le hoibleagáidí gabhálacha a thabhairt i dtír, ach go háirithe díolúintí *de-minimis* agus ardú cuóta. Nithe eile atá lena machnamh freisin is ea cinntí gnó a dhéanfaidh úinéirí soitheach, comhaontuithe réigiúnacha agus pleananna díofa, tabhairt isteach beart náisiúnta bainistíochta agus modhnuithe ar chreat rialála an AE.

Gan teacht roimh thorthaí aon cheann de na próisis seo, tá iarracht déanta ag BIM comhairle a thabhairt don tionscal agus don Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (DAFM) faoi roghanna fearas a laghdódh gabhálacha de thaisme d'iascaigh thábhachtacha. Tá staidéir leanúnach déanta ag Éirinn maidir le gabhálacha de thaisme a sheachaint. Le luach €55 mhilliún in 2017, is é *Nephrops norvegicus* an speiceas grinnill is tábhachtaí le farasbarr suntasach ó thaobh tráchtála de atá á ghabháil ag soithí Éireannacha. É sin ráite, is gá gabhálacha de thaisme d'éisc gheala ar nós troisc, faoitín agus cadóige, chomh maith le gabhálacha *Nephrops* beaga a laghdú chun stad luath iascaireachta nó "tachtadh" a chosc faoin oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír agus chun an leas is fearr a fháil as úsáid chuótaí. Rinneadh dul chun cinn suntasach maidir leis seo in 2017 trí roinnt staidéar a thabhairt i gcrích.

Rinne BIM staidéar ar bhosca sórtála SELTRA, a thaispeáin laghdaithe gabhálacha faoitín de 24%, cadóige de 51% agus troisc de 81%, agus méadú i ngabhálacha *Nephrops* de 19%. Cuireadh na gabhálacha seo i gcomparáid leis an bpainéal mhogaill chearnógach 300mm, gaireas roghnaitheach a úsáidtear go coitianta i Muir Éireann. Chomh maith le gabhálacha méadaithe de na spriocspeicis, cabhraíonn laghdaithe suntasacha i ngabhálacha éisc amanna sórtála a laghdú agus cáilíocht ghabhálacha a fheabhsú, rud a chur go mór le roghnú an chórais SELTRA.

Tar éis mhéadú reachtaithe i méid mhogaill shoc-fhoirceanna i mí Eanáir 2017, rinneadh dul chun cinn maidir le laghdú gabhálacha de thaisme de *Nephrops* beaga trí staidéar a dhéanamh ar a gcumas teacht slán. Bhí ráta marthanais de 64% ag *Nephrops* a ceapadh i dtrál le gaireas roghnaitheach SELTRA. Rinneadh an triail i rith an tsamhraidh nuair a bhí teochtaí aeir agus uisce an-ard, rud a thug meastachán marthanais sa chás ba mheasa. Úsáidfear an obair seo chun iarratas a dhéanamh ar dhíolúine ón oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír do *Nephrops* in uiscí Éireannacha.

Rinne BIM staidéar freisin a chuireann modheolaíocht staidrimh ar fáil chun comparáid a dhéanamh idir ghabhálacha dhá ghaireas nó níos mó ar nós trálaeireacht rige ceathrach, an príomhchineál gairis a úsáidtear in iascach *Nephrops* na hÉireann: *Foilsíodh staidéar ar chur i bhfeidhm mhodh chomparáide ghabhálacha ghinearálta do thrialacha ilghairis: san iascach trálaeireacht rige ceathrach do Nephrops* i Journal of Marine Science ICES. Anois is féidir gnéithe a mbíonn tionchar acu ar thorthaí thriail ar ghairis ar nós gabhmheáchan, suíomh na heangaí agus

gabhálacha lae/oíche a chur san áireamh sna hanailísí comparáide gabhálacha.

Seachas an t-iascach *Nephrops*, tá dúshláin mhóra os comhair soithí a dhíríonn ar speicis éisc ghrinnill faoin oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír de bharr na gcuótaí ísle atá ann do speicis ar nós troisc. Snámhann trosc gar de bhunshiota an tráil ach snámhann faoitín agus cadóg, spriocspeiceas coitianta sa Mhuir Cheilteach, go hard sa trál nuair a bhraitheann siad an gaireas talún.

Bhí sé mar aidhm ag BIM measúnú a dhéanamh ar thionchar an líne iascaireachta a ardú 0.75m go 1.0m os cionn leibhéal an ghairis talún ar mhaithe le gabhálacha troisc a laghdú agus gabhálacha inmharthana faoitín agus cadóige a choinneáil ag an leibhéal céanna. Laghdaíodh gabhálacha troisc 39% de réir meáchain ag úsáid an líne iascaireachta ardaithe i gcomparáid leis an líne iascaireachta chaighdeánach. D'ardaigh gabhálacha faoitín agus cadóige de 87% agus 37% de réir meáchain faoi seach leis an líne iascaireachta ardaithe. D'ardaigh luach an ghabhala 14%, ag déanamh cúitimh ar chaillteanais i ngabhálacha speiceas tráchtála ar nós éisc leathógacha agus bráithre leis an ngaireas athraithe. Laghdaíodh gabhálacha sciataí agus roic de 80% freisin de réir meáchain leis an líne iascaireachta ardaithe. Faoi choinníollacha inar cuireadh oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír i bhfeidhm go hiomlán, chuir an líne ardaithe siar an tachtadh ar throsc ó ocht go dtí níos mó ná aon ghabháil dhéag, ach ní raibh mórán tionchar le brath ar na gabhálacha cadóige.

## Luach a Chur le Gabhálacha de Thaisme

I rith 2017 freisin, rinneadh mionscrúdú a choimisiniú chun úsáidí poitéinsiúil a aithint de ghabhálacha de thaisme éisc nach bhfuil sách mór agus ar gá anois iad a thabhairt i dtír de bharr na hoibleagáide, úsáidí nach ionann iad agus na "húsáidí tionsclaíoch" atá ann faoi láthair (msh. min éisc agus bia peataí). Bunaithe ar na húsáidí a aithníodh, rinne an staidéar meastachán ar cén cineál éisc a shaothródh an teacht isteach is mó ag an gcostas is ísle d'iascairí. D'aithin an staidéar go leor úsáidí poitéinsiúla do ghabhálacha de thaisme ar nós táirgí bithbhunaithe (msh. peiptídí), fuinneamh (msh. bithghás) agus táirgí agranamaíocha (msh. leasacháin agus sadhlas). É sin ráite, de bharr an easpa infreastruchtúir atá ann faoi láthair chun a leithéid de tháirgí a tháirgeadh, ní shaothróidh fiú amháin na húsáidí is nuálaíochta teacht isteach ar infheistíocht d'iascairí faoi láthair.

# An Clár um Ghnó Bia Mara Glas

Cuireann an Clár um Ghnó Bia Mara Glas réimse tacaíochtaí bainistíochta maidir le héifeachtúlacht acmhainne ar fáil do chuideachtaí próiseála bia mara chun cabhrú leo costais a laghdú agus a bheith níos iomaíoch. Aithníonn an clár réimsí eile a d'fhéadfaí iad a fheabhsú agus tá siad seo faoi bhun na spriocanna fuinnimh, dramhaíola agus uisce do Chairt Inbhunaitheachta Origin Green. Is gné lárnach den chlár comhoibriú le Gníomhaireachtaí Stáit agus le heagraíochtaí eile a oibríonn sa gheilleagar glas, lena n-áirítear an Bord Bia, Fiontraíocht Éireann, Gnólacht Glas GCC, SEAI agus IBEC.

## An Dámhachtain Ghnó do Bhia Mara Glas

Ó 2015, tá urraíocht tugtha ag an gClár Glas don Dámhachtain Ghnó do Bhia Mara Glas ag na Dámhachtainí Glasa. In 2017, bhuaigh Comharchumann Bhaile Chaisleáin Bhéarra an duais do Ghnó Glas na Bliana ginearálta, éacht do rannpháirtí gníomhach sa Chlár Glas agus don earnáil bhia mara go ginearálta.

## Iomaíochas Agus Laghdaithe Costais

Sheol BIM an Treoir um Éifeachtúlacht Acmhainne do phróiseálaithe bia mara in 2017. Taispeánann an treoir sothuigthe seo conas ar féidir leis an tionscal coigiltis shuntasacha a bhaint amach tríd an úsáid is éifeachtúil agus is inbhuanaithe is féidir a bhaint as acmhainní. Tá nodanna agus cás-staidéir sa treoir bunaithe ar réimsí a bhfuil baint ar leith acu le próiseálaithe bia mara: úsáid uisce, ídiú fuinnimh, costais taistil agus bainistíocht dhramhaíola. Tá an treoir bunaithe ar fhoghlaimí agus nósanna imeachta dea-chleachtais forbartha ag an bhfoireann Glas agus próiseálaithe bia mara mar thoradh ar chláir éifeachtúlachta acmhainne.

Ó 2012 ar aghaidh, thug an Clár um Ghnó Bia Mara Glas cúnamh d'os cionn tríocha cuideachta bia mara chun feabhsaithe maidir le héifeachtúlacht acmhainne a bhaint amach thar réimsí an fhuinnimh, an uisce agus na dramhaíola. In 2017, rinneadh cúig iniúchóireacht éifeachtúlachta acmhainne le cuideachtaí bia mara, ag sainaithint réimsí a d'fhéadfaí a fheabhsú agus ag leagan amach gníomhaíochtaí sábhála costais poitéinsiúla.

# Inbhuanaitheacht (ar lean)

### Origin Green

Oibríonn an Clár um Ghnó Bia Mara Glas leis an mBord Bia chun caidreamh a bhunú le agus tacaíocht a thabhairt do chuideachtaí ar mhaith leo páirt a ghlacadh sa chlár Origin Green. Bhain trí chuideachta bia mara amach deimhniúchán Origin Green in 2017 mar thoradh ar a gcaidreamh leis an gClár Origin Green agus, go dtí seo, tugadh cúnamh díreach do 53 chuideachta chun ballraíocht fhíoraithe iomlán a thabhairt dóibh.

Chomh maith leis sin in 2017, reáchtáil an Clár Glas i gcomhar leis an mBord Bia dhá chuairt chomhroinnte eolais thrasearnála. I mí an Mheithimh, thug an earnáil bhia mara cuairt ar Fheirm Silver Hill chun ceacht a fhoghlaim ó sholáithrí próitéine malartach agus, i mí Dheireadh Fómhair, d'óstáil príomhphróiseálaí bia mara sna Cealla Beaga, Island Seafoods, toscaireacht ón earnáil bhia i gcoitinne chun cuairt a thabhairt ar a mhonarcha agus na nuálaíochtaí agus rudaí atá bainte amach ag an earnáil bhia mara i réimse na hinbhuanaitheachta a chur i láthair.

### Tionscadail Inbhuanaitheachta Nuálaíocha

Chuir an fhoireann Ghlas roinnt tionscadal ar bun in 2017 chun teicneolaíochtaí nua a lorg a chuirfidh le cáil na hearnála próiseála bia mara mar cheannródaí sa réimse nuálaíochta tríd inbhuanaitheacht. Ba í an fhoireann an príomhchomhpháirtí bia mara sa tionscadal Interreg d'Iarthuaisceart na hEorpa ar a ghlaoitear Food Heroes, a bhfuil mar aidhm aige fuíollábhar bia mara san earnáil a laghdú agus breisluach a chruthú ó fhotháirgí éisc ghil agus bradáin a bhfuil ann cheana. D'fhiosraigh tionscadal Interreg eile, Pisces, úsáid níos éifeachtúla a bhaint as leictreachas i monarchan próiseála bia mara trí theicneolaíocht eangach chliste a úsáid. Cuireadh i gcrích staidéar ar dheiseanna chun díleá anaeróbach a úsáid i bpróiseáil éisc. Leanfaidh na trí thionscnamh seo ar aghaidh i rith 2018.

## Tomhas ar Dhintiúirí Comhshaoil

Tomhaiseann an Clár Glas dintiúirí comhshaoil ionas gur féidir na rudaí atá bainte amach ag an tionscal a chuir in iúl ar bhealaí atá sothuigthe don tomhaltóir, do mhargaí agus d'ENRanna. In 2017, d'fhorbair an Clár Glas áireamhán astaíochtaí carbóin chun laghdú phróiseálaithe bia mara in astaíochtaí $CO_2$ a thomhas, a thaispeáint agus a mhonatóiriú. Is féidir an t-áireamhán a úsáid chun súil a choinneáil ar dhul chun cinn a bhaineann le laghdaithe fuinnimh.

## Iascaigh Cladaigh

### Fóraim Iascaigh Cladaigh

Ag teacht le chéile gach ceann acu trí huaire ar an meán, bhí an bhliain is gníomhaí fós ónar bunaíodh iad in 2015 ag na sé Fhóram Iascaigh Cladaigh Réigiúnaí (RIFFanna), a chuireann ar fáil deis chun fadhbanna a mbíonn tionchar acu ar an earnáil iascaigh cladaigh a phlé agus a chur chun cinn. Pléadh agus cuireadh go leor tograí faoi bhráid an Fhóraim Iascaigh Cladaigh Réigiúnach (RIFF) i rith na bliana, lena n-áirítear teacht isteach Íosmhéideanna Tagartha Chaomhnaithe (MCRSanna) do luaineacháin, don phortán dearg agus do sceana mara. Ritheadh reachtaíocht maidir leis an togra MCRS do luaineacháin agus tiocfaidh sí i bhfeidhm in 2018. Táthar ag súil leis go rithfear reachtaíocht maidir leis na tograí eile in 2018 freisin. Rinneadh plé ar roinnt cheisteanna eile i rith na bliana, lena n-áirítear an creat Pleanála Spásáil Mhuirí agus dul chun cinn a dhéanamh i leith bainistíochta agus aicmithe iascaigh fhiáin dhébhlaoscacha, ar bunaíodh grúpa oibre tiomnaithe dó.

Ba thionscnamh tábhachtach é tús a chur leis an obair ar Straitéis a leagan amach d'Earnáil Iascaigh Cladaigh na hÉireann 2018-2023 i Meán Fómhair, a bhfuiltear ag súil í a chur i gcrích agus a fhoilsiú in 2018.

### Grúpa Áitiúil Gníomhaíochta Iascaigh

D'oscail an tAire Michael Creed T.D. an scéim um Fhorbairt Cheantair Áitiúil Iascaigh d'iarratais ag an Ócáid Líonraithe FLAG i mí Feabhra. Fuarthas os cionn 240 iarratas roimh an dáta measúnaithe tionscadal, an 18 Márta agus roghnaigh na seacht FLAGanna 190 díobh seo le haghaidh chistithe, ag freagairt d'infheistíocht iomlán d'os cionn €4.8 milliún agus cúnamh deontais de €2.75 milliún. De na tionscadail a faomhadh, cuireadh críoch le 140 acu faoi dheireadh 2017 le hinfheistíocht €3 mhilliún agus cúnamh deontais de €1.77 mhilliún. Cuireadh 27 tionscadal eile siar go dtí 2018/2019.

### V-Eangú Gliomach

Dearadh an clár V-Eangú Gliomach chun inbhuanaitheacht stoc gliomach na hÉireann a fheabhsú. Faoin gclár, baineann iascairí de láimh eang shimplí i gcruth v ó heireaball an ghliomaigh bhaininn. Níl aon phian ag baint leis an eangú seo, agus cuireann sé ar chumas an ghliomaigh bhaininn pórú suas le trí huaire tar éis di bheith curtha ar ais san fharraige. Tar éis an rath a bhí ar an gclár in 2015 agus 2016, tháinig méadú suntasach ar úsáid an chórais seo le V-eangú á dhéanamh ar 30,000 le

meáchan iomlán de 27 tona in 2017. Mar thoradh air sin, cuireadh cúnamh deontais de €336,000, comhchistithe ag an EMFF, ar fáil d'iascairí. Rinneadh V-eangú ar bheagnach 3,000 gliomach a raibh fad carapáis os cionn 127mm agus meáchan iomlán de ceithre thona acu. Bhí meánmheáchan de 1.4kg ag na gliomaigh sin i gcomparáid le meánmheáchan de 0.8kg acu siúd a bhí faoi bhun 127mm.

### Scéim Chúnamh Deontais do Bhainistíocht Chladaigh

Níor roghnaigh mórán an scéim seo in 2017; ní bhfuarthas ach ceithre thionscadal le hinfheistíocht de bheagnach €70,000 agus cúnamh deontais de €55,000. Bhain dhá thionscadal le cruthú agus forbairt ghrúpa iascairí cladaigh chun tacú le hobair na bhFóram Iascaigh Cladaigh, agus bhain an chuid eile le meaisíní oighir agus áiseanna fuarstórais ar shoithí SSCF. Tugadh cistiú ar gach ceann den cheithre tionscadal.

## Comhairle Chomhairleach Uiscí an Iarthuaiscirt (NWWAC)

Rinneadh iarracht sa chomhoibriú a tharla idir BIM agus Comhairle Chomhairleach Uiscí an Iarthuaiscirt (NWWAC) i rith 2017 dul i ngleic le fadhbanna atá os comhair na hearnála gabhála agus, ach go háirithe, an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír do speiceas grinnill a chur i bhfeidhm in uiscí an iarthuaiscirt. Is éard a bhí i gceist sa rannpháirtíocht le Grúpa Bhallstát Chomhairle Chomhairleach Uiscí an Iarthuaiscirt ná 12 chruinniú a eagrú i rith na bliana agus ghlac an NWWAC páirt sna Moltaí Comhpháirteacha do Phleananna Diúscairte do 2018. Chuir an NWWAC comhairle fhianaise-bhunaithe ar fáil chomh maith don Choimisiún Eorpach agus Ballstáit réigiúnacha, ina ndeachaigh siad i ngleic le bearta teicniúla; TACanna agus cuótaí; rialú agus comhlíonadh; limistéir mhuirí faoi chosaint; an gníomh tarmligthe ar fheidhmíocht na ACanna;agus bearta bainistíochta speicis-oiriúnaithe do speicis lena n-áirítear *Nephrops*, sól, cadóg, faoitín, eascann, scátaí agus roic, agus an portán dearg.

Reáchtáil an NWWAC trí phríomhócáid, inar tharla 21 chruinniú, i mBaile Átha Cliath, Páras agus Dún Éadainn, agus ag an am céanna ghlac comhaltaí den chomhairle páirt i 35 chruinniú bainteacha in áiteanna éagsúla ar fud an AE.

## Speicis faoi Chosaint

Lean BIM air ag déanamh monatóireachta agus ag tuairisciú faoi sheachghabhálacha de speicis faoi chosaint de réir mar a cheanglaítear faoi Rialachán AE 812/2004. Cuireadh 12 thuarascáil san iomlán i gcrích ó 2005 i leith, rud is ionann agus 1,789 lá de thuairisciú breathnóra ar bord trálaeir pheiligeacha (1,464 lá) agus soithigh iascaireachta lín suite (325 lá) faoi seach. Léiríonn na torthaí go nuige seo gur beag an baol atá ann go mbeidh seachghabhálacha in iascaigh tráil peiligeacha in Éirinn. De bharr fadhbanna le róin in iascaigh lín suite rinneadh taighde fairsing agus forbraíodh go leantach modhanna chun idirghníomhartha a mhaolú. I gcomhar le Marine Renewable Energy Ireland, seoladh trialacha allamuigh d'fhearas éisteachta a dhíspreagann róin ó chomharsanacht soitheach iascaireachta in iascach crúca agus líne agus in iascach eangaí geolbhaigh do ronnaigh. Léiríonn torthaí ó iascaigh éagsúla go nuige seo go bhfuil poitéinseal maith ag an bhfearas éisteachta chun díchreachóireacht róin a dhíspreagadh in iascaigh dhuáin agus dhóraithe agus in iascaigh jigeála.

## An Caighdeán um Bia Mara ó Fhoinse Fhreagrach

Cuireann Caighdeán um Bia Mara ó Fhoinse Fhreagrach (RSS) BIM tacaíocht airgeadais agus theicniúil ar fáil d'earnáil ghabhála na hÉireann ar mhaith le hiascaireacht fhreagrach a chur chun cinn agus cur le stoic éisc agus shliogéisc. I rith 2017, lean comhdhlúthú an RSS ar aghaidh agus is ionann é anois agus an bonn atá ag cuideachtaí bia mara lena mballraíocht i gClár Origin Green an Bhoird Bhia.

In 2017, díríodh isteach ar shoithigh a dheimhniú a bhaineann le *Nephrops*, éisc gheala agus sliogéisc go príomhúil, agus a dhíolann trí chuideachtaí atá rannpháirtíoch sa chlár Origin Green. Tá an cur chuige seo ag teacht leis an straitéis chomhpháirteach a d'fhorbair BIM agus an Bord Bia in 2016. Ag aithint an tábhacht a bhaineann le feasacht faoin RSS laistigh den tionscal a chur chun cinn, cuireadh ceardlanna tiomnaithe ar fáil ag calafoirt éagsúla ar fud an chósta chun deimhniú shoithigh agus áiseanna ar an gcladach a éascú. Tionscnaíodh forbairt phacáiste cumarsáide faoin RSS freisin chun a phróifíl a ardú le cois thionscadal inbhuanaitheachta BIM eile. I rith 2017, rinneadh iniúchóireacht rathúil ar 15 shoitheach san iomlán i leith RSS, agus anois tá 34 shoitheach deimhnithe faoin scéim.

# Inbhuanaitheacht (ar lean)

## Timpeallacht Mhuirí

### Bruscar Muirí

Faoi 'Fishing for Litter', scéim bhruscair mhuirí BIM, bailíonn criúnna shoithigh rannpháirteacha bruscar muirí a ghabháiltear ina n-eangaí agus fágann siad i dtír é in áiteanna straitéiseacha. In 2017, chuir an Scéim Fishing for Litter dhá chalafort eile lena líonra, rud a dhéanann go bhfuil seacht phríomhchalafort bainteach sa scéim anois - Ceann Chlochair, Baile Chaisleáin Bhéarra, Bréantrá, na Cealla Beaga, Ros an Mhíl, Daingean Uí Chúis agus an Dún Mór. Cuireann an líonra náisiúnta forleathan calafort agus a máistrí cuain áiseanna ar fáil a ligean do na soithigh seo cúnamh a thabhairt chun an timpeallacht mhuirí a choinneáil glan agus sláintiúil.

Faoin scéim, tugadh i dtír os cionn 30 tona bruscar muirí in 2017. Thosnaigh BIM ar staidéar neamhspleách chun próifíl a fháil den chineál ábhair a tugadh isteach agus ainilís a dhéanamh ar dramhaíl oibríochta sampla den fhlít. Ba í aidhm an staidéir freisin plean éifeachtúlachta acmhainní ar bord a fhorbairt chun bainistíocht dhramhaíola a fheabhsú i réimsí na gcócús ar bhord shoithigh iascaireachta (tís) agus na dramhaíola oibríochta chun éifeachtúlachtaí costais a fheabhsú níos mó agus tionchar na dramhaíola a chruthaítear ar an timpeallacht a laghdú.

Chun tacaíocht a thabhairt don scéim Fishing for Litter, reáchtáil BIM roinnt ócáidí i gcalafoirt atá rannpháirteach sa scéim Fishing for Litter ar dhátaí tábhachtacha ar nós an Lá Eorpach Muirí, Lá Domhanda na nAigéan agus ag ócáidí áitiúla éagsúla. D'oibrigh sé freisin le roinnt déantúsaithe eangaidh Éireannacha chun a chinntiú go gcuirtear i leataobh fuíollghearrthóga eangaigh ghlana ionas gur féidir le grúpaí pobail iad a úsáid i ngníomhaíochtaí ealaíon agus ceardaíochta le páistí.

### Athchúrsáil Trealamh Iascaireachta

Tá páirt glactha ag BIM i dtionscadal athchúrsála eangaigh le roinnt blianta anuas. In 2016, rinneadh athchúrsáil ar 187 dtona trealamh iascaireachta dramhaíola ón limistéar cósta, agus baineadh amach 74 thona de líontóireacht phoileitiléine luachmhar. In 2017, de bhun rath an tionscadail seo, rinneadh taighde forleathan chun sruth dramhaíola neamhspleách a bhunú d'athchúrsáil ábhar poileitiléine ón tionscal, a d'fhéadfadh a iompú isteach i ndeis a ghineann ioncam. Breathnaíodh ar roghanna éagsúla lena n-áirítear líonóireacht poileitiléine a thiontú isteach in olaí breosla agus i dtáirgí olabhunacha eile trí phróiseas ar a nglaoitear pirealú.

Leanadh ar aghaidh freisin le haisghabháil eangach giolbhach níolóin i rith 2017. Rinneadh os cionn nócha tona d'eangach monaifhiliméad dramhaíola nó úsáidte a aisghabháil agus a athchúrsáil, méid a fhreagraíonn do 95% de dhramhaíl eangach monaifhiliméad a chruthaigh tionscal iascaireachta na hÉireann.

## Atlas Inbhuanaitheachta Comhshaoil BIM

D'fhoilsigh BIM a chéad Atlas Inbhuanaitheachta Comhshaoil in 2017, treoir cuimsitheach do na gníomhaíochtaí comhshaoil ar fad ar ghlac sé páirt iontu ar fud na hearnála iascaireachta farraige, feirmeoireachta éisc agus próiseála bia mara. Cuireann an tAtlas béim ar an obair thábhachtach atá ag tarlú san earnáil agus déanann sé iarracht an tionscal a spreagadh chun dea-chleachtais chomhshaoil a dhaingniú ina ghníomhaíochtaí ar fad. Déanfar é a thabhairt suas chun dáta go rialta chun tagarmharc a leagan síos d'obair chomhshaoil BIM leis an earnáil bhia mara agus chun súil a choinneáil ar dhul chun cinn na hoibre sin sa todhchaí. Chruthaigh foireann idir-ranna BIM réimse ábhar ilmheánach chun a chuid oibre maidir le hinbhuanaitheacht chomhshaoil a chur i láthair don phobal, lena n-áirítear bróisiúir, ábhar don suíomh gréasáin, físeáin ghearra léiritheacha agus acmhainní meán sóisialta.

## Scéimeanna Creidiúnaithe chun Rochtain a fháil ar Mhargaí Ardluacha

### Próiseas Tagarmhairc an Tionscnaimh Dhomhanda um Bhia Mara Inbhuanaithe

Chuaigh caighdeán cáilíochta do tháirgeadh dhobharshaothraithe Éireannach, Dobharshaothrú le Cáilíocht Dheimhnithe (CQA), isteach go hoifigiúil i bpróiseas Tagarmhairc an Tionscnaimh Dhomhanda um Bhia Mara Inbhuanaithe i nDeireadh Fómhair 2017 agus cuirfear an próiseas seo i gcrích in 2018. Tá an tagarmharc GSSI bunaithe ar Threoirlínte Eagraíocht Bia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe (UN FAO) maidir le héicilipéadú tháirgí éisc agus iascaigh. Cruthaíonn GSSI bealach don mhargadh soiléireacht faoi dheimhniú bia mara a chur ar fáil agus muinín tomhaltóirí a chinntiú.

### Deimhniú MSC do Dhiúilicíní Bunfhásta

Feidhmíonn BIM an Fóram Comhairliúchán ar Dhiúilicíní Bunfhásta (BGMCF) trína fhochuideachta uile-oileáin, the Aquaculture Initiative. I rith 2017, d'oibrigh an BGMCF chun Deimhniú Uile-Oileáin na Comhairle um Maoirseacht Mhuirí a choinneáil don tionscal diúilicíní bunfhásta, rud a thabharfaidh rochtain

leanúnach dó ar mhargaí den scoth san Eoraip. Chriathraigh BIM ceapach síl chun a fháil amach an raibh speicis ionracha iontu agus chuir sé i bhfeidhm clár monatóireachta seachghabhála don earnáil. Tá an eagraíocht ag forbairt cód cleachtais don tionscal i leith speiceas ionrach, do dhiúilicíní agus do speicis dhobhashaothraithe eile araon, agus tá caidreamh dlúth aige le páirtithe leasmhara agus bainteacha eile.

### Caighdeáin Orgánacha AE Agus Scéimeanna Ráthaíochta Eile

Lean BIM ar aghaidh ag cothabháil an chláir ráthaíochta chreidiúnaithe CQA ISO 17065/ EN45011 ar son na hearnála dobharsaothraithe. Tugadh cúnamh freisin do chuideachtaí creidiúnú maidir le Caighdeáin Orgánacha AE do bhradán agus diúilicíní a bhaint amach agus a choinneáil, atá ina réamhriachtanas sula bhfaightear rochtain ar mhargaí den scoth. In 2017, choinnigh 20 áis dhiúilicíní agus 26 áis bhradáin a mballraíocht CQA.

## CLAMS

Is tionscnamh comhshaoil na Córais Bhainistíochta um Dhobharshaothrú Áitiúil Comhordaithe (CLAMS) a chabhraíonn le gnólachtaí dobharshaothraithe oibriú as lámha a chéile lena dtimpeallacht agus lena bpobal áitiúil. Tá 12 ghrúpa CLAMS bunaithe go hoifigiúil sna bánna is tábhachtaí ar fud an chósta le deich gcinn eile ag staideanna forbartha éagsúla. Tá plean bainistíochta aonair ag gach ceann de na limistéir a thugann eolas faoi ghníomhaíochtaí na bhfeirmeoirí éisc agus sliogéisc áitiúla. Tugann Oifigigh Fhorbartha Dhobharshaothraithe BIM atá bunaithe go réigiúnach seirbhísí tacaíochta d'iontrálaithe nua sa tionscnamh. Déanann siad comhordú agus bainistíocht freisin ar réimse tionscadal lena n-áirítear glantacháin thrá agus ché agus cothabháil Scéimeanna Marcála Aontaithe Speisialta (SUMS).

Chuimsigh gníomhaíochtaí CLAMS in 2017 cúig ghlantacháin sa Chromán, i bPoll na nOisrí, sa tSnaidhm, sa Chaoláire Rua agus i gCill Mocheallóg. Cuireadh i gcrích trí ghlantachán athchúrsála eile freisin:athchúrsáil bairille i gCill Mocheallóg, athchúrsáil tristéil i nGaoth Dobhair agus rinneadh seanbhád oibre miotail a athchúrsáil i Loch Trasna. Ar a bharr sin, rinneadh SUMS nua a shuiteáil i Ros Mhic Eoghain, Contae Chorcaí agus cuireadh dhá shíneadh SUMS in áit i nGob an Choire agus i gCuan Mó, Contae Mhaigh Eo.

## An Chomhdháil Náisiúnta Bia Mara agus SeaFest 2017

Reáchtáladh Comhdháil Náisiúnta Bia Mara BIM i nGaillimh i gcomhair le SeaFest, féile mhuirí bhliantúil a chuimsíonn comhdháil ghnó Our Ocean Wealth agus féile do theaghlaigh. D'fhiafraigh an chomhdháil, faoin teideal "An Lámh in Uachtar a fháil i dTimpeallacht Athraitheach", don tionscadal machnamh a dhéanamh ar an treo a bhfuil a ghnó ag dul agus ar threo na hearnála go ginearálta agus dúshláin ar nós Brexit ag teacht chun cinn. Bhí foireann cainteoirí saineolach iontach ann a roghnaigh a smaointe faoi phríomhthosaíochtaí straitéiseacha BIM maidir le scileanna, inbhuanaitheacht, nuálaíocht agus iomaíochas.

Mheall an fhéile mhóréillimh do theaghlaigh SeaFest níos mó ná 100,000 cuairteoir chuig Calafort na Gaillimhe. Mar pháirt den fhéile cuireadh i láthair Eispéireas Bia Mara BIM/an Bhoird Bhia, áit ar léirigh taispeántáin agus réaltachta fíorúla dinimiciúla conas a ghabhtar agus a shaothraítear bia mara inbhuanaitheach na hÉireann, conas a ghlacann iascairí páirt i laghdú bhruscar muirí agus tábhacht na sábháilteachta ar muir. Tharla léirithe beo cócaireachta bia mara ann freisin ó mhórchefanna na Gaillimhe agus chuir buaiteoirí Cheannaí Éisc Óg na Bliana a gcuid scileanna in ullmhúchán éisc i láthair don phobal.

## Cúnamh Deontais do Dhobharshaothrú

In 2017, bhronn an Scéim um Dhobharshaothrú Inbhuanaitheach 23 deontais san iomlán ar luach €1,478,139.72 ar dhaoine aonair agus ar chuideachtaí a oibríonn i naoi gcontae ar fud na hÉireann. Ghiaráil sé seo infheistíocht phríobháideach de €3,853,694.92.

Bhí íostarraingt réasúnta bheag de €78,393.44 ag an Scéim Thairsí Eolais in 2017 le hinfheistíocht iomlán de €132,530. 70. Ba thionscadail ilbhliantúla agus tionscadail taighde fhadtéarmacha i gcomhar le hinstitiúidí tríú leibhéal an chuid is mó de na tionscadail a faomhadh faoin scéim seo. Tosófar ar na tionscadail seo a tharraingt anuas in 2018.



# Nuálaíocht

Chabhraigh réimse tacaíochtaí nuálaíochta BIM leis an earnáil bealaí nua agus níos fearr a aimsiú chun luach a chur le táirgí bia mara Éireannacha, ag baint amach éifeachtúlachtaí agus ag fás a mbonnmhéide.



David O'Doherty, Rene Cusack, Luimneach

# Nuálaíocht

Tá nuálaíocht glactha chuige féin ag tionscal bia mara dinimiciúil na hÉireann mar bhealach chun buntáiste iomaíoch a ghnóthú sa mhargadh idirnáisiúnta. Chabhraigh réimse tacaíochtaí nuálaíochta BIM leis an earnáil bealaí nua agus níos fearr a aimsiú chun luach a chur le táirgí bia mara Éireannacha, ag baint amach éifeachtúlachtaí agus ag fás a mbonnmhéide.

## Plean Straitéiseach Nuálaíochta

Is ionann nuálaíocht do BIM agus fadhbanna a réiteach agus fás a spreagadh san earnáil bhia mara. I gcomhréir le Food Wise 2025, is é an cuspóir ginearálta ná táirgeadh tráchtearraí a laghdú ó 70% go níos lú ná 50% agus, ag an am céanna, luach a chruthú ag gach céim sa slabhra soláthair.

I rith 2017, chuir BIM i gcrích plean nuálaíochta straitéiseach. Chuimsigh an plean tagarmharc a leagan síos do nuálaíocht in Éirinn i gcoinne eagraíochtaí comhchéime i seacht dtíortha ar fud na cruinne agus an Aontais Eorpaigh ar mhaithe le réimse leathan tuisceana ar ghníomhaíochtaí nuálaíochta a chur chun cinn san earnáil bhia mara. D'aithin an taighde an gá atá ann le spriocanna nuálaíocht a leathnú amach uathu siúd atá dírithe ar tháirgí nua agus teicneolaíocht go dtí spriocanna atá dírithe ar mhúnlaí gnó agus ar bhealaí go dtí an margadh. Leathann sé amach ar fud earnálacha an tionscail agus ar fud na ranna ar fad laistigh de BIM agus cuimsíonn sé na heochairthionscnaimh seo a leanas:

- Punann Nuálaíochta a chur ar fáil le meascán de thionscadail nuálaíochta ghearrthéarmacha agus fhadtéarmacha atá deartha le fás agus éifeachtúlacht a chur chun cinn.
- Próiseas nuálaíochta ceann ceann a chur ar fáil ar fud BIM chun fás tráchtála a spreagadh ar fud na hearnála.
- Múnla nua do chaidreamh le cliaint a chur i bhfeidhm don earnáil bhia mara atá bunaithe ar chur chuige comhpháirtíochta.
- Oibriú leis an mBord Bia chun foinsí léargais faoi chinnireacht an mhargaidh a chur ar fáil, a chabhraíonn leis an tionscal idirdhealú a dhéanamh idir tháirgí agus luach a chur leis na táirgí sin.
- An infheistíocht i T&F is gá a chinntiú tríd llionad barr fheabhais idir BIM, an earnáil, taighde agus institiúidí tríú leibhéal a chur ar bun.

Tá sé de chúram ag Mol Nuálaíochta Bia Mara BIM an plean seo a chur i bhfeidhm agus an acmhainn nuálaíochta a leathnú thar ar earnáil bhia mara in Éirinn. Is é an cuspóir ná go mbeadh an nuálaíocht ar fad faoin chinnireacht thráchtála agus go gcomhlíonann sí critéir áirithe chun luach a chur le táirgí: an bonn amhábhair a fhás; costais earraí agus seirbhísí a laghdú; corrlach an táirge a mhéadú.

## Mol Nuálaíochta Bia Mara

Bunaithe i gCloich na Coillte, Contae Chorcaí, tá an Mol Nuálaíochta Bia Mara (SIH) ag lár thairiscint nuálaíochta BIM agus cuireann sé saineolas agus teicneolaíocht ar fáil chun cabhrú le cuideachtaí treochtaí an mhargaidh a thuiscint; táirgí nua a fhorbairt agus a thástáil; rioscaí maidir le forbairt tháirgí nua a laghdú; torthaí rathúla a éascú. I rith 2017, chuir an SIH i bhfeidhm próiseas nuálaíochta bia mara ar leith chun tacaíocht a thabhairt don earnáil bhia mara. Tá seacht gcéim sa phróiseas seo, ag tosnú le nod agus ag críochnú, go hidéalach, le gnó scálaithe, inbhuanaitheach agus brabúsach. Rinneadh an próiseas nuálaíochta a chur i bhfeidhm ar thionscal agus ar thionscadail bhia mara straitéiseacha chun a chinntiú go mbainfidh gach tionscadal breisluach amach don earnáil.

### Seirbhísí d'Fhorbairt Tháirgí Nua Nuálaíochta

Leanann an Mol Nuálaíochta Bia Mara ar aghaidh ag cur ar fáil seirbhíse d'fhorbairt tháirgí nua don earnáil bhia mara. Cuimsíonn sé seo na seirbhísí a chuireann saineolaí teicneolaíochta agus trealamh táirgthe eochairphiolótach ar fáil agus a chinntíonn go ndéantar athchóiriú i gcónaí ar thairiscintí táirgí chun éilimh an mhargaidh a chomhlíonadh. In 2017, chuir an Mol Nuálaíochta Bia Mara 34 thionscadal nuálaíochta

d'fhorbairt tháirgí nua i gcrích agus ba phróiseálaithe bia mara 26 acu siúd. B'ionann tionscadail fhorbartha próisis, a dhíríonn isteach ar athruithe ar na próisis seo (msh. méadú táirgthe), 40% de na tionscadail seo. B'ionann tionscadail táirgí nua, a bhfuil tairiscintí go hiomlán nua mar thoradh orthu, agus 36% de na tionscadail seo.

B'ionann tionscadail athmhúnlaithe, a dhíríonn ar mhionathraithe a dhéantar ar an tairiscint táirgí reatha (msh. an méid iasc atá sa táirge a oiriúnú nó a seilfré a mhéadú), agus 16% de na tionscadail ar fad. Ba thionscadail fhorbartha pacáistiú, a dhíríonn isteach ar athruithe i bpacáistiú an táirge amháin. an chuid eile de na tionscadail. Tá an caidreamh is mó ag an earnáil éisc ghil le tionscadail chun táirgí nua a fhorbairt, le 46% de na tionscadail aici, agus 42% ag an earnáil sliogéisc;4% ag an earnáil salmainide; agus 4% ag an earnáil pheiligeach. Tá an chuid eile de na tionscadail bunaithe ar fheamainn (4%).

### Tacaíocht a Thabhairt do Chuideachtaí chun Luach a Bhaint as Faoitín Gorm

Is ionann faoitín gorm agus ceann de na héisc is mó peiligeacha is furasta a fháil in Éirinn. Rinne BIM measúnú ar an bpoitéinseal atá ann surimi (iasc mionaithe nite) a tháirgeadh as faoitín gorm, rud a d'fhéadfadh séasúr gear próiseála éisc pheileagacha in Éirinn a mhéadú. Thaispeáin trialacha a rinne saineolaí surimi sa bhFrainc go bhféadfaí é seo a bhaint amach go teicniúil.

Cuireadh le chéile meastachán den mhargadh féideartha agus cás gnó costáilte chun monarcha próiseála surimi a bhunúin Éirinn agus tá próiseálaithe Éireannacha ag déanamh athbhreithniú ar seo. Rinneadh a thuilleadh oibre chun cáilíocht filléadaithe agus acmhainn an fhaoitín ghoirm a fheabhsú trí dhul i gcomhar le soláthróirí trealamh d'fhilléadú éisc pheileagacha.

### Nuálaíocht & Gnó Bia Mara Scéim Phleanála

Tugann an Scéim Phleanála do Nuálaíocht & Gnó Bia Mara tacaíocht do nuálaíochtaí a thiománann iomaíochas san earnáil bhia mara. Is í aidhm na scéime luach bia mara a fheabhsú trí fhorbairt ghnó, trí nuálaíocht, forbairt tháirgí nua, teicneolaíochtaí do phróisis nua agus aistriú teicneolaíochta. Is é an t-uasmhéid do dheontais incháilithe ná €20,000 nó suas go dtí 50% den chaiteachas incháilithe, cibé ceann is ísle. In 2017, tugadh tacaíocht do 16 thionscadal le cúnamh poiblí de €156,037. Ba thionscadail tionscail na 16 thionscadal ar fad a chuimsigh pleanáil ghnó agus airgeadais, anailís féidearthachta margaidh agus tacaíocht theicniúil chun réimse táirgí bia mara agus táirgí díorthach bia mara a fhorbairt.

### Clár Forbartha um Chomhairliúchán Nuálaíochta

Tugann an clár seo rochtain don earnáil bhia mara ar sheirbhísí comhairliúcháin agus meantóireachta proifisiúnta ó choláistí tríú leibhéal agus tá sé mar aidhm aige fiontair phróiseála bia mara atá ag dul isteach sa mhargadh a ullmhú níos fearr. Tugtar eolas agus scileanna don earnáil maidir le soláthar ámhábhair, nuálaíocht, forbairt tháirgí nua, margaíocht, cumarsáid agus forbairt ghnó san earnáil bhia mara. I rith 2017, bhí teagmháil ag BIM le trí choláiste, Coláiste na hOllscoile Corcaigh, Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn agus Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge, agus le comhairleoirí nuálaíochta faoi chórais eolaíochta bia, nuálaíochta, cócaireachta, teicneolaíochtaí glasa agus ghnó.

### Meantóireacht Nuálaíochta

I rith sraith naoi seisiún meantóireachta idirghníomhacha, chuir 17 bpróiseálaithe bia mara beag agus mór i bhfeidhm próiseas nuálaíochta laistigh dá ngnólachtaí. Díríodh isteach ar mheántóireacht chun cabhrú le cuideachtaí bia mara na struchtúir agus na hacmhainní cearta dá gcuideachtaí a chruthú chun gur féidir leo a gclár nuálaíochta féin a chur chun cinn.

## Taighde Agus Forbairt Comhábhair Bhia Mara

### WEFTA 2017

Reáchtáil BIM an 47ú comhdháil de Chumann Theicneolaithe Éisc Iarthar na hEorpa (WEFTA) i nDeireadh Fómhair 2017. Bhailigh an chomhdháil agus ócáid líonraithe idirnáisiúnta seo le chéile os cionn 143 shaineolaí domhanda as caoga de na hinstitiúidí T&F bia mara idirnáisiúnta is tuilleamhaí in Éirinn agus go hidirnáisiúnta.

# Nuálaíocht (ar lean)

Ba é an cuspóir léargas luachmhara ar theicneolaíochtaí nuálaíocha nua a chuireann luach breise le gnólachtaí bia mara a phlé agus a roinnt. Chun go mbeadh sé seo ábhartha don earnáil bhia mara Éireannach, d'fhorbair BIM lá tionscail, a d'fhreastail 73 ionadaí ó thionscal bia mara na hÉireann air, áit ar roinneadh léargais thábhachtacha ar theicneolaíochtaí próiseála, pacáistithe agus méadaithe seilfré atá réidh ó thaobh tráchtála de.

### Clár T&F Bia Mara

Ligean an Clár T&F Bia Mara, a seoladh i nDeireadh Fómhair, do FBManna rochtain a fháil ar shaineolas T&F bia mara domhanda agus cabhraíonn sé le forbairt tionscadal a chuireann luach breise leis an earnáil bhia mara. I rith 2017, fuarthas tograí do sé thionscadal i gcomhair breithmheasa, agus faomhaíodh ceithre cinn díobh sin. Chuimsigh na tionscadail sin táirgeadh baoite tráchtála d'iascaigh phota Éireannacha; measúnú a dhéanamh ar dheiseanna comhábhair ó fhotháirgí diúilicíní; poitéinsiúil scálaithe suas d'fhuil-uisce pheileagach; seilfré éisc ghil a fheabhsú trí shárchuisniú a dhéanamh air. Tacaíonn Mol Nuálaíochta Bia Mara BIM le gach ceann de na tionscadail seo, a ritheann 12-18 mhí, agus cuireann sé na príomhtacaíochtaí bainistíochta tionscadail ar fáil.

I gcomhar le Teagasc, chuir BIM i gcrích trí thionscadal T&F dírithe ar thráchtáil a thosnaigh in 2016. Bhain siad seo le measúnú a dhéanamh ar dheiseanna comhábhair ó chitosan a bhaintear as fotháirgí sliogéisc, as fuil-uisce peileagach, agus collaigin/geilitín a fhaightear as éisc pheileagacha thearcúsáidte faoi seach. Cuireadh ar bun Creat Taighde i mí Lúnasa 2017 i gcomhar le Teagasc, Nofima, ceann de na príomhinstitiúidí taighde san Iorua, agus Ollscoil Luimnigh chun scóip tionscadal poitéinsiúil a fhorbairt.

### Taighde Margaidh Agus Léargais

Cuireann an Mol Nuálaíochta Bia Mara seirbhís taighde agus léargas margaidh ar fáil i gcomhar leis an mBord Bia mar chuid dá thairiscint chun an tionscal a threorú maidir le forbairt tháirgí nua, tionscadail nuálaíocha a chur ar fáil do chliaint agus bonn eolais a chur faoi fhoirmliú phríomhthionscadail fhorbartha straitéiseacha BIM.

I rith 2017, chuir Kantar Worldpanel tuarascálacha eolais leathbhliantúla agus oiriúnaithe do chliaint faoin mhargadh miondíola bia mara Éireannach i láthair, a chuimsigh eolas teicniúil faoi mhéid pacáistí, praghsanna, comhábhair agus pacáistiú.

D'aontaigh BIM agus an Bord Bia faoi chomhaontas ceadúnais maidir le comhroinnt inneachar sonraí margaidh an Bhoird Bhia. Cuirfidh sé seo ar chumas Mhol Nuálaíochta Bia Mara rochtain a fháil ar shonraí margaidh ó "Theach Smaointeoireachta" an Bhoird Bhia agus cuirfidh sé ar fáil seirbhís sruthlínithe ón dá ghníomhaireacht don tionscal. D'aontaigh an dá eagraíocht faoi theimpléad tionscail chun go gcuirfí ar fáil seirbhís cliaint níos fearr.

## Nuálaíocht Theicniúil

Chomh maith le nuálaíocht faoi chinnireacht an mhargaidh a dhéanamh, oibríonn BIM i ndlúthchomhar leis an tionscal chun réitigh theicneolaíochta a chur ar fáil a fheabhsaíonn éifeachtúlacht i dtáirgeadh ámhábhar.

## Cóir Leighis d'Aicíd Gheolbhaigh Aiméibeach Agus do Mhíolta Mara

### Tionscadal Éisc níos Glaine

Tá éisc níos glaine,*Cyclopterus lumpus*, á úsáid mar rialú bitheolaíochta atá neamhdhíobhálach don timpeallacht chun inmhíolú mhíolta mara ar fheirmeacha bradáin a laghdú. In 2017, rinneadh os cionn 180,000 iasc glan a tháirgeadh agus a sholáthar don tionscal. Ar an drochuair, de bharr tine ag ionad taighde OÉG i gCarna, cailleadh gach iasc os cionn 1g a bhí lonnaithe sa bhfoirgneamh a chuaigh trí thine. Mar thoradh ar sin, cuireadh deireadh leis gclár Broodstock roghnaitheach.

## An Clár do Stoc Goir Teitreaplóideach

Ag tógáil dúinn ar thionscadal fadtréimhseach comhoibritheach idir BIM agus Foras na Mara, áiríodh ar an gClár do Stoc Goir Teitreaplóideach do 2017 fás leantach agus riochtú of stoic a táirgíodh thar trí bliana anuas. Don chéad uair riamh, tugadh na teitreaplóideach isteach le haghaidh chomhoiriúnaithe do sceitheadh uibheacha luath san earrach chun riachtanais an tionscail a chomhlíonadh. Bhí ráta ard laghdaithe ann, áfach, mar thoradh díreach ar an gcomhoiriúnú as séasúr; mar sin cruthaíodh teitreaplóidigh bhreise trí chrosáil a dhéanamh idir na stoic a bhí ann cheana chomh maith le teitreaplóidigh a chruthú “de novo”. Cruthaíodh os cionn 12 mhilliún 'spat' trioplóideach. Go déanach sa samhradh, rinneadh an stoc seo a aistriú chuig córais iasclainne i suíomhanna feirmeoireachta oisrí saor ó aicídí. Déanfar a bhfeidhmíocht ó thaobh fáis agus básmhaireacht a mhonatóiriú go leanúnach.

### Trialacha Fáis ar Stoic Thrioplóideach

In 2016, rinneadh cúig mhilliún 'spat' G2 a imlonnú ag suíomhanna éagsúla ar fud an chósta agus rinneadh monatóireacht orthu chun a rátaí fáis gaolmhara a dhearbhú. Ag céim G6-G8, scaipeadh an síol níos faide idir suíomhanna fáis leantaigh roghnaithe. Tá monatóireacht agus bailiú sonraí ag dul ar aghaidh i gcónaí in 2017, agus tá an tionscadal beartaithe chun a chríochnú in 2018.

## Obair Shuirbhéireachta Eipidéimeolaíochta

Is í aidhm an tionscadail seo, a chomhoibríonn leis an tionscal agus Foras na Mara (MI), tuiscint a fháil ar thionchar coibhneasta dhúshláin bhitheolaíochta éagsúla ar thionscal na n-oisrí. Is é an cuspóir roghnúchán suíomhanna agus cleachtais fhearachais a fheabhsú agus éifeachtúlacht tháirgthe a mhéadú. Imlonnaíodh logálaithe a dhéanann monatóiriú ar theochtaí agus salandacht ar feadh an tséasúir fháis in ocht mbá ina fhástar oisrí. Rinneadh torthaí ón tionscadal a phlé leis an tionscal agus rinneadh comhaontú faoi na cleachtais is fearr d'fheirmeoirí oisrí arapaíoma.

## Tacaíocht a Thabhairt don Tionscal Feirmeoireachta Oisrí

Chun cúnamh a thabhairt don tionscal feirmeoireachta oiscrí le go mbeidh sé in ann coinneáil suas leis an teicneolaíocht shíorathraitheach, déanann BIM infheistíocht sa trealamh is déanaí chun seirbhísí den chaighdeán is airde a thabhairt. Cabhraíonn teicnící nuálaíocha ar nós meascán sonáir scanta dhigiteach agus na bogearraí mapála is déanaí do BIM meastacháin bheachta ar suíomhanna agus tonnáiste a chur ar fáil agus an t-iascach síl diúilicíní a fheabhsú dá bharr ag cumasú bainistíocht níos fearr ar an acmhainn.

Ar a bharr sin, cuireann BIM seirbhísí faoi uisce ar fáil leis an bhfeithicil Chianrialaithe (ROV) chun tabhairt faoi chúraimí a raibh oibríochtaí tumadóireachta scúba ag teastáil chun iad a dhéanamh roimhe seo. Cuireann an ROV seirbhísí cost-éifeachtúla ar fáil ar nós mheasúnú stoic agus fhearais, suirbhéanna feistithe, aisghabháil trealaimh agus measúnú ar speicis ionracha.

## Clár Forbartha Feamainne

Tugann BIM tacaíocht don earnáil fheirmeoireachta feamainne trína Chlár Forbartha Feamainne. Tá an clár seo faoi bhun táirgeadh gorlainne de "shreang shíolach" óg agus cinntíonn sé soláthar don earnáil agus í ag bogadh ó chéim phíolótach go céim leath-thráchtála. Táirgeadh 10,000 méadar de shreang chnuasaitheora shíolach le haghaidh imlonnaithe sa bhfarraige in 2017. Rinne BIM fiosrúchán ar dheiseanna do speicis le luach níos airde ar nós *Porphyra*. Rinneadh an chéad spórú rathúil de *Porphyra umbilicalis* ag an ngorlann i mBeanntraí in Eanáir 2017.



# Iomaíochas

Agus Éire á suí sa mhargadh mar phríomhtháirgeoir domhanda de bhia mara inbhuanaithe d'ardchaighdeán, tá gá níos mó ná riamh lena iomaíochas a fheabhsú.

Declan McConnellogue, The Haven Smokehouse, Co. Dhún na nGall



# Iomaíochas

Agus Éire á suí sa mhargadh mar phríomhtháirgeoir domhanda de bhia mara inbhuanaithe d'ardchaighdeán, tá gá níos mó ná riamh lena iomaíochas a fheabhsú. In 2017, d'oibrigh BIM leis an earnáil ar fud an tslabhra soláthair; ag plé le fadhbanna maidir le soláthar ámhábhar, ag tógáil scála próiseála agus ag cinntiú go bhforbraíonn cuideachtaí na scileanna gnó atá ag teastáil uathu chun go n-eireoidh thar barr leo.

## Tionscadal an Atlantaigh Agus Tabhairt i dTír Coigríche

Tá an tionscal próiseála in Éirinn teoranta i soláthar speiceas roghnaithe agus tá sé seo ag cur srian ar leathnú amach an tionscail agus ar bharainneachtaí scála. Is é cuspóir Thionscadal an Atlantaigh ná deiseanna a aithint inar féidir le próiseálaithe Éireannacha oibriú le soithí eachtrannacha chun soláthar ámhábhair le haghaidh próiseála a mhéadú. Cuirfidh sé seo breisluach le táirgí in Éirinn agus beidh tairbhí iartheachtacha ann do phobail chósta na hÉireann.

D'fhorbair BIM treochlár straitéiseach ag tabhairt sonraí faoi dheiseanna fáis ar leith a thiocfaidh as rochtain níos fearr ar ámhábhair ó thabhairt i dtír ghabhálacha neamh-Éireannacha. Shainaithin an tuarascáil, a cuireadh i gcrích i nDeireadh Fómhair 2017, méid breise poitéinsiúil de thart ar 90,000 tona iasc geal a bhféadfaí rochtain a fháil air in Éirinn, a chuirfeadh suas go dtí €100 milliún leis an ngeilleagar. Tá caidreamh tosnaithe ag BIM leis na príomhpháirtithe leasmhara, ag lorg ceannach isteach chun an plean tríchéime a chur i bhfeidhm: luach breise a fháil, díol in Éirinn, tabhairt isteach in Éirinn. Is féidir an plean seo a bhaint amach trí shraith ghníomhaíochtaí straitéiseacha a chur i bhfeidhm thar thréimhse cúig bliana.

## Tionscadail Fheabhsaithe Iascaigh

Aithnítear Tionscadail Fheabhsaithe Iascaigh (FIPS) ar fud an domhain mar bhealach chun gníomhaíochtaí intomhaiste a shainaithint agus a chur in iúl le bainistíocht agus inbhuanaitheacht iascaigh a fheabhsú. Ag obair i ndlúthchomhar leis an tionscal bia mara, thosnaigh BIM ar fhorbairt FIPanna náisiúnta i rith 2016. Rinneadh an obair seo a chomhdhlúthú in 2017 le bunú ceithre FIPanna don phortán dearg, *Nephrops*, don iasc geal agus don tuinnín colgach. Glacann iascairí, comharchumainn, próiseálaithe agus miondíoltóirí páirt sna tionscadail seo. Cuireann siad ar fáil meicníocht chun go ndéanfaí comhaontú faoi shraith tosaíochtaí ar gá iad a chur i bhfeidhm chun na hiascaigh ábhartha a chur chun cinn, agus go gcuirfear i bhfeidhm plean gníomhaíochta chun na cuspóirí a chomhaontaigh an FIP le chéile a bhaint amach.

Faigheann FIPanna cistiú ó CEMI, a chlúdaíonn costais riaracháin, bunaithe, taighde agus obair fhorbartha. Chomh maith le fóram a chur ar fáil le haghaidh plé idir na príomhpháirtithe leasmhara, cabhraíonn na FIPanna seo leis an tionscal treochlár a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun go ndéanfaí na hathruithe is gá chun iascaigh inbhuanaithe a bhunú.

## Creat Bailithe Sonraí

Is é BIM an ghníomhaireacht náisiúnta atá i gceannas ar bhailiúchán sonraí faoin earnáil bhia mara. Déantar scóip agus míniú na sonraí atá le bailiú a shainmhíniú sna rialacháin AE shainordaitheacha á ngairmtear le chéile mar na Rialacháin um Bailiú Sonraí. Déantar sonraí ón earnáil ghabhála, phróiseála agus dhobharshaothraithe a bhailiú agus a scagadh go bliantúil ag úsáid suirbhéanna agus foinsí sonraí eile atá ann cheana. Déantar an fhaisnéis seo a thuairisciú chuig Coimisiún an AE ina dhiaidh sin.

## An Tuarascáil um Ghnó an Bhia Mara

I Meitheamh 2017, d'fhoilsigh BIM a mhionchuntas bliantúil faoi earnáil bhia mara na hÉireann, an Tuarascáil um Ghnó an Bhia Mara. Leagan an foilseachán seo amach na príomhstaidrimh eacnamaíocha d'earnáil bhia mara na hÉireann maidir le réimse ábhar lena n-áirítear táirgeadh, fostaíocht agus luach an tionscail bhia mara.

## Comhdháil Eacnamaithe Chomhlachas Eorpach na nIascach

In Aibreán 2017, reáchtáil BIM an 23ú comhdháil de Chomhlachas Eorpach na nIascach (EAFE). D'fhreastail 120 scoláire agus ionadaí ón tionscal, a tharla i gCaisleán Bhaile Átha Cliath, ar an gcomhdháil agus ba é "Socheacnamaíocht an oiriúnaithe in iascaigh AE: ceachtanna ó na hiascaigh chomónta agus lastall"

an téama a bhí ann. Rinneadh curtha i láthair thar 25 sheisiún iomlán agus ar leithligh a bhí dírithe ar phlé a chur chun cinn idir thaighdeoirí, bainisteoirí, lucht déanta beartas agus páirtithe leasmhara. Ba iad bainistíocht iascaigh, an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír agus cuótaí gabhála, tacaíocht airgeadais, anailísí margaidh laistigh den AE agus fóirdheontais iascaigh ag an Eagraíocht Dhomhanda Trádála, na topaicí a bhí á bplé, chomh maith le bainistíocht agus tráchtálaíocht dhobharshaothraithe.

## Fóram na hEarnála Gabhála

Mar chuid den Chlár Bainistíochta Athraithe agus i gcomhar leis na hEagraíochtaí Táirgeoirí agus le comharchumainn iascairí, bhunaigh BIM fóram do pháirtithe leasmhara san earnáil ghabhála go luath in 2017. Tá iascairí ainmnithe ó gach ceann de na hEagraíochtaí Táirgeoirí agus ionadaithe ó Fhóram Náisiúnta na nIascairí Intíre páirteach sa nGrúpa Náisiúnta Forbartha Iascairí (NFDG), chomh maith le roinnt iascairí neamhspleácha. Tá cathaoirleach/éascaitheoir neamhspleách ag an ngrúpa agus cuireann BIM tacaíocht theicniúil agus riaracháin ar fáil. Cuireann an NFDG fóram ar fáil d'iascairí inar féidir leo ceisteanna teicniúla, praiticiúla agus oibríochtúla éagsúla a phlé. Tugann sé deis dóibh freisin eolas a roinnt faoi dhea-chleachtais agus eolas a scaipeadh faoi nuálaíochtaí teicniúla a d'fhéadfadh a bheith tairbheach don tionscal. Chruinnigh an grúpa le chéile cúig huaire i rith 2017 agus ghlac saineolaithe ó ghníomhaireachtaí eile agus soláthróirí seirbhíse ón earnáil ghabhála páirt i roinnt de na cruinnithe.

## Cairt Bhainistíochta Iascach

Cuireann Cairt um Bainistíocht Iascaigh BIM treoir don phobal iascaireachta maidir le reachtaíocht iascaigh, lena n-áirítear reachtaíocht a bhaineann le cuótaí agus fearas iascaireachta. Déantar an chairt a fhoilsiú gach bliain agus, i rith 2017, rinneadh 2,000 cóip a leithdháileadh ar gach soitheach os cionn deich méadar ar fhad i Loingeas na hÉireann.

## Blas an Atlantaigh

Ó 2015 i leith, rinneadh "Blas an Atlantaigh", conair thiomnaithe bhia mara a forbraíodh i gcomhar leis an mBord Fáilte, a phíolótú ar chodanna de Shlí an Atlantaigh Fhiáin. In 2017, leathnaíodh amach an chonair chun 21 tháirgeoir bia mara a chuimsiú ó Chionn tSáile i gContae Chorcaí go Cionn Mhálanna i gContae Dhún na nGall. Cuireann "Blas an Atlantaigh" an t-iasc agus sliogiasc den scoth atá á shaothrú agus á bhaint as uiscí glana, trédhearcacha chósta Atlantaigh na hÉireann, i láthair an phobail. Is iad seo a leanas cuid de na táirgí atá ar fáil ar fud na conaire: oisrí fiaclacha Éireannacha, diúilicíní fásta ar rópaí, bradán orgánach agus an socamas bia mara, an chluas mhara. Dearadh na heispéireas cuairteoirí chun béim a chur ar thábhacht obair na dtáirgeoirí seo, ní hamháin dá bpobail áitiúla ach d'oidhreacht bhia mara agus chósta na hÉireann freisin. Tugann bialanna agus caiféanna inar féidir táirgí áitiúla a bhlaiseadh tacaíocht don turas bia mara seo. I rith 2017, tugadh tacaíocht do roinnt táirgeoirí rannpháirteacha ag réimse ócáidí agus féilte ar fud na hÉireann.

## Meántóireacht don Ghnó Dobharshaothraithe

I rith 2017, thug BIM meántóireacht do dheich dtáirgeoir dobharshaothraithe. Cabhraíonn an tseirbhís mheántóireachta gnó seo le táirgeoirí cur chuige níos straitéisí d'fhorbairt a ngnólachtaí a ghlacadh. Tá réimse tacaíochtaí ar fáil, ó anailís agus pleanáil ghnó go rochtain ar an margadh agus deiseanna cistithe. Bhí cuideachtaí a raibh meantóireacht acu in ann athruithe suntasacha a dhéanamh dá múnlaí gnó agus torthaí níos éifeachtúla agus níos brabúsaí a bhaint amach dá bharr.

## Clár Bainistíochta um Shábháilteacht Bhia

Oibríonn BIM le gnólachtaí bia mara chun a gcuid acmhainní próiseála a mhéadú trí chúnamh a thabhairt d'Oibreoirí Ghnó an Bhia (FBOanna) trína gCórais Bhainistíochta um Shábháilteacht Bhia. Cabhraíonn sé seo leo na dlíthe maidir le sábháilteacht bhia, le caighdeáin an chláir chreidiúnaithe agus na moltaí dea-chleachtais a chomhlíonadh. Cuireann an eagraíocht sainchomhairle ar fáil ar chur i bhfeidhm Chórais Bhainistíochta um Shábháilteacht Bhia, ag cur san áireamh cur chuige Anailís Ghuaisce agus Phointí Rialúcháin Criticiúla (HACCP) bunaithe ar riosca.

Faoin reachtaíocht AE agus Éireannach, tá sé de cheanglas ar chatagóirí ionaid bhia mara ar leith faomhadh a fháil ón Údarás Cosanta um Iascaigh Mhara (SFPA). Tugann an clár seo cúnamh do FBOanna faomhadh den chineál sin a fháil, agus mar gheall ar sin comhlíonann an bia mara a itear, a leithdháiltear, a chuirtear ar an margadh agus a tháirgtear sa Stát na caighdeáin shábháilteachta bia agus sláinteachais is airde agus bíonn cáil thar barr aige sa mhargadh. Tugann an clár seo oiliúint agus cúnamh leanúnach do FBOanna freisin. I rith 2017, d'oibrigh BIM le 45 chuideachta, ag cur ar fáil réimse seirbhísí chun cabhrú leo a ngnólachtaí a fhás trí scóip reatha a bhfaomhadh a bhaint amach, a chothabháil nó a leathnú amach.

# Iomaíochas (ar lean)

### An Clár um Thréimhse Caillteanais Sliogéisc

I gcomhar le Clár Bainistíocht um Shábháilteacht Bhia BIM, is í aidhm an Chláir um Thréimhse Caillteanais Sliogéisc an leibhéal sábháilteachta bia a fheabhsú san earnáil sliogéisc fheirme trí shainthacaíocht theicniúil, sainchomhairle agus saintheroir i bhfoirm cúnamh agus bailíochtú do chur isteach an tréimhse chaillteanais a chur ar fáil. In 2017, chuir BIM dhá thuarascáil maidir le Norovirus i gcrích. Rinneadh ceithre Chóras Thréimhse Caillteanais Shliogéisc a bhailíochtú agus cuireadh isteach tuarascálach chuig an SFPA tar éis cur i bhfeidhm na bhfeabhsaithe. Tugadh moltaí agus comhairle do sé chuideachta chun cabhrú leo an próiseas bailíochtú a chríochnú go luath in 2018.

## Comhairle Bhia Mara na Síne

Is ionann Comhairle Bhia Mara na Síne faoi chinnireacht BIM agus fóram do chomharghnó/chomhfhiontair sliogéisc Éireannacha atá ag feidhmiú sa mhargadh Síneach. Tá sé mar aidhm aici dul i ngleic le dúshláin maidir le rochtain ar mhargaí. Bhí bliain rathúil ag an gComhairle in 2017, le fás sa mhargadh agus comhaontú faoi théarmaí tráchtála, rud a mhéadaigh sochair bhrabúsacha do na comhaltaí ar fad. Chuir BIM ar fáil sainléargais trí mhargaíocht shaincheaptha agus taighde ar tháirgí agus d'eagraigh sé cruinnithe le haoichainteoirí ó phríomhchuideachtaí bia sa tSín. Mhéadaigh easpórtálacha portán sa tSín 7%, le méadú 14% comhfhreagrach i meánphraghas an aonaid.

### Grúpa Pacálaithe Oisrí Éireannacha

Tá oisrí feirme Éireannacha ar cheann de na heaspórtálacha bia mara Éireannach is mó atá ag fás sa mhargadh brabúsach Síneach. Tugann an Grúpa Pacálaithe Oisrí Éireannach tacaíocht do thionscal oisrí na hÉireann chun gur féidir leo cur chuige díolacháin dhírigh a bheith acu sa mhargadh seo agus tógáil ar na hoibríochtaí den scoth atá ann. I rith 2017, rinneadh dhá staidéar margaidh ar dhíolacháin oisrí sa tSín i gcomhar leis an mBord Bia.

## An Chomhairle Bhia Mara Intíre

Bhunaigh BIM an Chomhairle Bhia Mara Intíre i gcomhar le réimse cuideachtaí atá dírithe ar an margadh intíre. Is é cuspóir na comhairle an margadh intíre a fhás i dteannta a chéile, ag cur ar fáil bharainneachtaí scála i gceannach, ag glacadh chuige féin teicneolaíochtaí agus ag gníomhú mar fhóram chun teagmhais mhaolaithe agus phleanála do Brexit a phlé. Chuir BIM ar fáil réimse seirbhísí bainistíochta sábháilteachta bia agus táirgí riachtanacha, ag déanamh meantóireacht ar os cionn 120 oibrí bia mara. Ag obair le réimse leathan miondíoltóirí, tugadh isteach an Dámhachtain do Ghnó Miondíola Bia Mara, le cois an chomórtais rathúil do Cheannaithe Éisc Óg chun aitheantas a thabhairt do bharr fheabhais ghnó.

## Caidreamh le Cliaint

Tá réimse ilghnéitheach cliant ag BIM ar fud na hearnála bia mara Éireannaigh. Tá a riachtanais féin ag gach ceann de na cliaint seo, de bharr a réimse táirgí aonair, an bonn custaiméirí agus an acmhainn fháis atá acu. Cuireann tacaíochtaí agus foirne ar leith de chuid BIM seirbhís ar fáil dóibh. I rith 2017, rinne BIM tuilleadh forbartha ar a mhúnla caidrimh agus seirbhíse do chliaint trí aicmiú a dhéanamh ar na cliaint, léargais chliaint níos mó a fhorbairt, agus trí mheasúnú seirbhísí chun cabhrú le cuideachtaí fás.

Cumasaíonn an múnla ailínithe seo an eagraíocht le gur féidir léi am foirne agus acmhainní foirne a leithdháileadh ar chliaint ar an mbealach is éifeachtúlaí atá ann agus a chinntíonn go bhfaigheann réimse cliaint thar na hearnálacha ar fad rochtain chomhréireach ar an tseirbhís.

## Cistiú Forbartha Gnó

### An Scéim um Scálú Bia Mara Agus Fhorbairt Mhargaí Nua

Tugann an Scéim um Scálú Bia Mara Agus Fhorbairt Mhargaí Nua tacaíocht do thionscadal faoi chinnireacht an mhargaidh a chuireann barainneachtaí scála chun cinn trí chomhoibriú tionscail, comhfhiontar agus bealaí roinnte do struchtúir mhargaidh. Tá an scéim tar éis forbairt ónar seoladh í agus coinníonn sé cothromaíocht idir infheistíocht agus fheidhmíocht díolacháin anois. In 2017, thug an scéim tacaíocht do dhá chomharghnó le cúnamh deontais iomlán de €112,719. Lean an tacaíocht ar aghaidh ag díriú ar fhorbairt mhargaidh do shliogéisc san Áise.

### Scéim Infheistíochta Caipitil Bia Mara

Cabhraíonn an scéim seo le FBManna a phróiseálann bia mara, chomh maith le FBManna a bhfuil sé ar intinn acu dul isteach sa tionscal próiseála bia mara, iarratas a dhéanamh ar chúnamh deontais do thionscadail infheistíochta caipitiúla ar mhaith leo costais fhuinnimh a laghdú; sábháilteacht, sláinte, cáilíocht, sláinteachas, agus inrianaitheacht a fheabhsú; agus luach a chur le táirgí trí phróiseáil, cur i láthair agus pacáistiú. Is í aidhm na scéime luach na hearnála a mhéadú go dtí €664 agus os cionn 400 a chur leis an earnáil roimh 2019. I rith 2017, rinneadh 25 thionscadal le fiche cuideachta a fhaomhadh.

# Rialachas Corparáideach

Tá sé de chúram ar BIM tionscal bia mara na hÉireann a fhorbairt go hinbhuanaitheach trí réimse tacaíochtaí teicniúla, oiliúna agus gnó. Tá sé tiomanta do dhea-chleachtas agus dea-rialú ina gníomhaíochtaí ar fad a chinntiú ionas go n-úsáidtear a acmhainní – foireann, airgead, teicneolaíocht agus córais fhaisnéise – chun na torthaí is fearr a bhaint amach don tionscal.

Tá gníomhaíochtaí BIM mar ghníomhaireacht forbartha bia mara na hÉireann faoi rialú *an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)*. In 2017, shínigh BIM Comhaontas um Sheachadadh Feidhmíochta agus Mhaoirseacht cuimsitheach i gcomhréir le forálacha an Chóid seo. Leis an gComhaontas seo, glactar leis go bhfuil na socraithe idir an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (DAFM) agus BIM foirmeálta maidir le maoirseacht agus tuairisciú ar ghníomhaíochtaí na heagraíochta. I gcomhar le clár oibre bliantúil BIM, leagan an Comhaontas síos na ionstraimí inseachadta agus na cláir agus tionscadail oibre phleanáilte a rinneadh in 2017. Chomh maith leis sin, in 2017, bhí teagmháil ag foireann shinsearach BIM leis an bhfoireann maidir le forbairt Ráiteas nua Straitéise: 2018-2020, a bheidh ina threoir do ghníomhaíochtaí na heagraíochta amach anseo agus a thabharfaidh áit dó mar cheannaire i bhforbairt bhia mara inbhuanaithe.

Tá córas bainsitíochta láidir ag teastáil chun bainistíocht agus rialú éifeachtúil a bhaint amach. Tá córas bainistíochta feidhmíochta, Bainistíocht Fheidhmíochta agus Forbairt Phoitéinsil (MPDP) comhtháite ag an BIM i ngach gné dá obair. Cumasaíonn MPDP forbairt phleananna oibre aonair, foirne agus roinne, agus bhí tionchar díreach aige ar an gclár oibre bliantúil. Cabhraíonn sé le BIM freisin riachtanais oiliúna agus forbartha a aithint agus a chinntiú go bhfuil na scileanna agus an t-eolas is gá ag a fhoireann chun riachtanais eagraíochtúla agus phearsanta araon a chomhlíonadh. Tá béim mhór leagtha ag MPDP ar fhoghlaim agus forbairt leanúnach, agus spreagann sé an fhoireann leanúint ar aghaidh lena bhforbairt ghairme agus phearsanta.

Tá feidhm airgeadais éifeachtach i bhfeidhm chun a chinntiú go mbainistíonn agus go gcoinníonn BIM smacht ar a chuid acmhainní. Cuimsíonn sé seo comhlíonadh agus cloí le caighdeáin chuntasaíochta agus córais bhainistíochta agus rialaithe airgeadais éifeachtúla a chur i bhfeidhm. I rith na bliana, rinne iniúchóirí inmheánacha BIM athbhreithniú ar na rialaithe inmheánacha agus fuarthas go raibh an leibhéal ráthaíochtaía a baineadh amach suntasach – gurbh é an leibhéal is airde a bhfuil ann. Déanann BIM cinnte de freisin go gcuirtear i bhfeidhm bearta buiséadacha na Ranna Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (DPER), ó thaobh tuarastail, rátaí taistil, soláthar agus coigiltis chaiteachais eile. Ullmhaíodh ráitis airgeadais don bhliain de réir cheanglais FRS 102 agus Imlitir 13/2014.

I rith 2017, d'earcaigh BIM roinnt bhall foirne nua lena n-áirítear seisear iarchéimí, naonúr bhaill foirne bhuan agus cúigear bhaill foirne ar chonradh. Rinneadh ceathrar bhaill foirne a earcú le cistiú Interreg, trí le cistiú CIME agus duine amháin i bhForas na Mara. Rinneadh bainistíocht ar an bpróiseas earcaithe de réir cheanglas an DAFM agus DPER.

## Rialú Agus Comhlíonadh

I rith 2017, d'oibrigh BIM le cinntiú go gcomhlíonfaí oibleagáidí feabhsaithe *an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)* agus le cinntiú go raibh an eagraíocht ag cloí go hiomlán lena hoibleagáidí. Cé go raibh Coiste Iniúchóireachta ann cheana féin, cinneadh Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca a bhunú chun cabhrú le ceisteanna a bhaineann le hiniúchóireacht, rialú agus bainistíocht riosca. Rinneadh Téarmaí Tagartha agus Cairt Iniúchóireachta a fhorbairt i gcomhréir leis an gCód agus rinne an coiste roinnt athbhreithniú iniúchóireachta inmheánach i rith 2017 chun a chinntiú go raibh próisis agus nósanna imeachta BIM ag teacht leis na riachtanais. Faoi choimirce na hOifige um Sholáthar Rialtais, cheap an eagraíocht sraith nua iniúchóirí inmheánacha i rith 2017 chun ionracas a chinntiú.

# Rialachas Corparáideach (ar lean)

Admhaíonn an Bord go bhfuil freagracht orthu príomhfheidhmeanna áirithe a chomhlíonadh faoin gCód, lena n-áirítear athbhreithniú agus treorú an treocht straitéiseach agus na príomhphleananna gníomhaíochta, polasaithe agus nósanna imeachta bainistithe rioscaí, buiséid bhliantúla agus pleananna gnó, cuspóirí feidhmíochta a leagan síos, monatóireacht ar chur i bhfeidhm agus feidhmíocht a dhéanamh, agus maoirseacht ar chaiteachas caipitiúil agus ar chinntí infheistíochta. Agus é ag tuairisciú do 2017, roghnaigh an Bord tuarascáil bhliantúil agus ráitis airgeadais a chur isteach a chloíonn leis an *gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)*.

Admhaíonn Cathaoirleach BIM a fhreagracht mar cheannaire an Bhoird agus tá sé tiomanta do chinntiú go mbíonn an Bord éifeachtach i ngach gné dá ról. I gcomhréir leis an gCód, tá daingniúchán i scríbhinn curtha ar fáil ag an gCathaoirleach i bhfoirm Tuarascáil Chuimsitheach an Chathaoirligh don Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara, ag maíomh go bhfuil BIM ag comhlíonadh an Chóid, nuair is cuí sin. Tá tuairisc curtha ar fáil ag an gCathaoirleach freisin don Aire maidir le córas an rialaithe inmheánaí, atá le fáil sa tuarascáil bhliantúil.

Dearbhaíonn Príomhoifigeach Feidhmiúcháin BIM go bhfuil sé ag comhlíonadh an róil agus na freagrachtaí atá leagtha amach faoin gCód. I rith 2017, bhuail an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin le hionadaithe ón Roinn chun athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht BIM, ar an ionchas don todhchaí agus ar shocruithe rialála.

De réir na nAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001, ceanglaítear ar chomhaltaí Bhord BIM ráiteas leasanna a chur faoi bhráid gach bliain. Nuair a bhíonn siad seo faighte ag BIM, cuireann sé faoi bhráid an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara iad agus/nó faoi bhráid an Choimisiúin um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí de réir mar is cuí.

Éilíonn an tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014 Cuid 22 ar an BIM tuairisc a ullmhú agus fhoilsiú a thugann eolas faoi nochtuithe a fuair sé nó a rinneadh dó i rith na bliana. Ní bhfuarthas aon nochtú i rith 2017.

I mí Iúil 2017, rinneadh ceithre athcheapachán do Bhord BIM: Sean O'Donoghue, Damien McLoughlin, William Deasy agus Raymond Harty. Is iad na Boird Stáit a d'eagraigh an próiseas ceapacháin agus is é an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Michael Creed, T.D., a rinne na ceapacháin. Ceapadh Sean O'Donoghue ar an mBord ina dhiaidh sin mar chomhalta den Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca.

I rith 2017, rinne an Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca athbhreithnithe agus cuireadh tuarascálacha faoina bhráid a bhain leis na réimsí seo a leanas: próisis bhainistithe rioscaí; próisis sholáthair; athbhreithniú ar shlándáil TFC; rialaithe inmheánacha; íocaíocht amach deontais agus tuairisciú ETF straitéiseach.

Bhí na ráitis airgeadais, arna fhaomhadh ag an gCoiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca agus an Bord, faoi réir iniúchóireacht ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, ach ní bhfuarthas aon rud suntasach. Eagraíodh ceithre chruinniú Iniúchóireachta agus Riosca in 2017.

Baineadh leas as creata an Rialtais Láir áit a raibh siad cuí agus infhaighte. Tá buntáistí suntasacha le fáil ag BIM trí na creata seo a úsáid, agus áirítear orthu sin, cé nach iad seo a leanas a n-iomlán: rochtain éasca ar sholáthróirí seirbhíse réamhroghnaithe, solúbthacht, dea-chleachtas, éifeachtúlacht agus luach ar airgead. I rith 2017, d'fhógair BIM 42 chomórtas soláthair le luach poitéinsiúil d'os cionn €7 milliún.

## Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide

Tá córais teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide lárnach i gcónaí chun cur ar chumas BIM tacú le seachadadh seirbhíse agus í a chumasú. Tá na córais seo ríthábhachtach d'fheidhmíocht éifeachtúil BIM agus cuireann an fhoireann inmheánach TF réimse leathan uirlisí ar fáil chun bainistíocht éifeachtúil a éascú. Chuir an fhoireann TF roinnt thionscadal ardluach agus casta ó thaobh na teicneolaíochta de i gcrích i rith na bliana. Seoladh Córas Bainistíochta Leictreonach Deontais (GEMS). Tá roinnt scéimeanna deontais beo anois agus leanfar ar aghaidh le forbairt an chórais seo isteach in 2018. Tá cur i bhfeidhm an Chórais Fhaisnéise Acmhainní Daonna (HRIS) críochnaithe anois agus tá oiliúint na foirne á dhéanamh. Déanfar modúil bhreise den chóras HRIS a fhorbairt agus a rolláil amach i rith 2018 agus isteach in 2019. Rinneadh córas Bainistíochta Móibíleach a shuiteáil ar gach gléas móibíleach BIM. Rinneadh plean bainistíochta eachtraí slándála a athbhreithniú agus a thabhairt suas chun dáta. Déileáladh le roinnt bhagairtí 'ransomware' gan drochiarmhairtí.Ar a bharr sin, rinneadh na háiseanna Vóta Eile i seomraí cruinnithe Cheannoifig BIM a uasghrádú. Leis na forbairtí seo cabhraítear le tacú na heagraíochta agus tagann éifeachtúlacht fheabhsaithe agus coigiltí costais astu.

## Saoráil Faisnéise, Ceisteanna Parlaiminte agus Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol

Leanann BIM ar aghaidh ag comhlíonadh a oibleagáidí maidir le freagairt d'iarratais ar Shaoráil Faisnéise, do Cheisteanna Parlaiminte agus do Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaoil. I rith 2017, fuair BIM seacht n-iarratas ar Shaoráil Faisnéise a bhain le hábhair ar nós gléara oighir an Chloigin, táillí dlíthiúla agus ceadúnais dhobharshaothraithe.

Thug BIM comhairle mar fhreagairt ar 16 Cheist Pharlaiminte ó ionadaithe polaitiúla éagsúla, a cuireadh isteach chuig an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara in 2017. Bhain na ceisteanna a fuarthas le soláthar foirne, deimhnithe imréitigh cánacha, ceadúnais bhradáin agus caiteachas.

Fuarthas ceithre iarratas faoin reachtaíocht do Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaoil i rith 2017, a bhain le díchoimisiúnú loingis, an fheirm orgánach bradáin ag Inis Tuirc agus tionscal na ndiúilicíní.

## Riaradh Deontas

Leanann an BIM ar aghaidh ag riar réimse scéimeanna deontais faoin gClár Oibriúcháin um Fhorbairt Bhia Mara. Cuimsíodh leo seo 10 scéim arna chistiú ag an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh (CIME) mar a leanas:

## Iascaigh

- An Scéim um Iascaigh Inbhuanaitheacha (Diúscairtí)
- An Scéim um Chaomhnú Iascaigh Intíre: V-Eangú Gliomach
- An Scéim um Fhorbairt Iascaigh i gCeantair Áitiúla (FLAD)
- Scéim an Iascaire Óig
- Scéim Eagraíochtaí Táirgeoirí

## Dobharshaothrú

- An Scéim um Dhobharshaothrú Inbhuanaitheach
- An Scéim um Thairseach Eolais

## BDI

- An Scéim um Scálú Bia Mara & Fhorbairt Mhargaí Nua
- An Scéim um Nuálaíocht Bhia Mara agus Phleanáil Ghnó
- An Scéim um Infheistíocht Chaipitiúil

I dteannta na scéimeanna CIME seo, riarann BIM trí Scéim Shábháilteachta *(de-minimis)* d'Iascaigh neamh-CIME a chistítear tríd an Státchiste.

# Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste

# Comptroller and Auditor General

## Tuarascáil le cur i láthair Thithe an Oireachtais

## Bord Iascaigh Mhara

### Tuairim ar na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Bhoird Iascaigh Mhara le haghaidh na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2017, mar a theastaíonn faoi fhorálacha alt 5 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. I measc na ráiteas airgeadais tá

- an ráiteas ioncaim agus caiteachais agus cúlchistí coinnithe ioncaim
- an ráiteas ioncaim chuimsithigh
- an ráiteas ar staid an airgeadais
- an ráiteas ar shreabhaidh airgeadais agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar pholasaithe suntasacha cuntasaíochta.

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fírinneach cóir ar acmhainní, dhliteanais agus staid airgeadais an Bhoird Iascaigh Mhara ag 31 Nollaig 2017 agus a ioncam agus chaiteachas faoi réir Chaighdeán um Thuairisciú Airgeadais (FRS) 102 — *An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais ábhartha sa RA agus i bPoblacht na hÉireann.*

### Bunús Tuairime

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais faoi réir Chaighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchadh (ISAanna), faoi mar a mholann an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Déantar cur síos ar mo dhualgais faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Feidhmíonn go neamhspleách ó An Bord Iascaigh Mhara agus chomhlíon mé mo dhualgais eiticiúla eile de réir na gcaighdeán.

Creidimid go bhfuil an fhianaise iniúchóireachta atá faighte agam leordhóthanach agus cuí chun bunús a sholáthar do mo thuairim.

### Tuarascáil ar eolas seachas na ráitis airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir An Bord Iascaigh Mhara eolas ar leith eile i láthair leis na ráitis airgeadais. Ina measc, tá an tuarascáil bhliantúil lena n-áirítear an ráiteas rialachais agus tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird, agus an ráiteas ar rialú inmheánach. Déantar cur síos ar mo dhualgais tuairisciú a dhéanamh ar an eolas seo, agus ar nithe ar leith eile a thuairiscím orthu mar eisceacht, san aguisín leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam maidir leis seo.

Patricia Sheehan

**Patricia Sheehan**
**Ar son agus thar ceann**
**an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

**15 Meitheamh 2018**

## Aguisín leis an tuarascáil

### Dualgais Chomhaltaí an Bhoird

Leagann an ráiteas rialachais agus tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird amach dualgais Chomhaltaí an Bhoird. Tá Comhaltaí an Bhoird freagrach as

- ráitis airgeadais a ullmhú san fhoirm atá leagtha síos faoi alt 9 den Chéad Sceideal d'Acht Iascaigh Mhara 1952, ag déanamh cinnte go dtugann na ráitis airgeadais léargas fírinneach cóir faoi réir FRS102.
- rialtacht idirbheart a chinntiú
- measúnú a dhéanamh an bhfuil úsáid bhunús an ghnóthais leantaigh i leith na cuntasaíochta oiriúnach nó nach bhfuil, agus
- an méid rialaithe inmheánach is a mheasann siad a theastaíonn d'fhonn ullmhú na ráiteas airgeadais a chur i gcrích, saor ó mhíthuairisciú ábharach, bíodh sé de thoradh calaoise nó earráide.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá dualgas orm, faoi Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais An Bhoird Iascaigh Mhara agus tuairisciú orthu do Thithe an Oireachtais.
Is é an aidhm atá agam agus an t-iniúchadh seo á chur i gcrích agam dearbhú réasúnta a fháil an bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomlán saor ó mhíthuairisc ábharach de thoradh calaoise nó earráide nó nach bhfuil. Is éard is dearbhú réasúnta ann ardleibhéal dearbhaithe, ach ní ráthaíocht, go n-aimseoidh iniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na ISAanna míthuairisc ábharach nuair atá ceann ann. Is féidir le míthuairiscí teacht ó chalaois nó ó earráid agus meastar go bhfuil siad ábharach má, ina n-aonar nó trí chéile, is féidir leo tionchar a bheith acu ar chinntí eacnamaíocha na n-úsáideoirí ar bhonn na ráiteas airgeadais.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na ISAanna, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coimeádaim sceipteachas gairmiúil tríd an iniúchadh. Agus é seo á dhéanamh agam,

- Sainaithním agus measaim na rioscaí a bhaineann le míthuairisc ábharach na ráiteas airgeadais, bíodh sé de thoradh calaoise nó earráide; dearaim agus déanaim nósanna imeachta iniúchaidh freagrúil do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchaidh atá dóthanach agus cuí le tacú le bunús mo thuairime. Tá an riosca a bhaineann le míthuairisc ábharach a thagann ó chalaois agus gan í a aithint níos airde ná an riosca a bhaineann le míthuairisc a thagann ó earráid, mar is féidir le claonpháirtíocht, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéisí, nó sárú ar smacht inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar smacht inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchaidh a cheapadh atá cuí sna cúinsí, ach ní chun tuairim a nochtadh maidir le héifeachtacht smachtanna inmheánacha.
- Déanaim oiriúnacht na bpolasaí cuntasaíochta agus réasúnacht na meastachán cuntasaíochta agus nochtadh gaolmhara a úsáidtear a mheas.
- Cinnim ar oiriúnacht úsáid bhunús an ghnóthais leantaigh na cuntasaíochta agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchaidh a bhfuarthas, an bhfuil ann do neamhchinnteacht ábharach bainteach le tarlaithe nó cúinsí a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar chumas an Bhoird Iascaigh Mhara leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach nó nach bhfuil. Má chinnim go bhfuil neamhchinnteacht ábharach ann, caithfidh mé na nochtaidh a bhaineann léi sna ráitis airgeadais a léiriú i mo thuarascáil iniúchaidh nó, má tá na nochtaidh sin uireasacha, mo thuairim a athrú. Tá mo chonclúidí bunaithe ar fhianaise iniúchaidh a fuarthas suas le dáta mo thuarascála. D'fhéadfadh tarlaithe nó cúinsí amach anseo, áfach, cur ar an mBord Iascaigh Mhara scoir de leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.
- Déanaim measúnú ar léiriú, struchtúr agus inneachar iomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear na nochtaidh, agus an léiríonn na ráitis airgeadais idirbhearta bunúsacha agus imeachtaí ar bhealach a léiríonn léiriú cothrom nó nach léiríonn.

Déanaim teagmháil leis na daoine atá faoi chúram rialachais maidir le, i measc rudaí eile, raon feidhme agus uainiú an iniúchaidh agus torthaí suntasacha an iniúchaidh, lena n-áirítear easpaí suntasacha i smacht inmheánach a aithním le linn m'iniúchaidh.

#### Eolas seachas na ráitis airgeadais

Ní chuimsíonn mo thuairim ar na ráitis airgeadais an t-eolas eile curtha i láthair leis na ráitis sin, agus ní léirím aon chonclúid gealltanais orthu.

Mar aon le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, tá dualgas orm faoi na ISAanna an t-eolas eile a léamh agus, ag déanamh amhlaidh, machnamh a dhéanamh an bhfuil an t-eolas eile neamhréireach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó eolas a fuarthas le linn an iniúchaidh nó eolas atá míchruinn go hábhartha. Má chinnim, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go bhfuil míthuairisc ábhartha ar an eolas eile seo, caithfidh mé an fhíric sin a thuairisciú.

#### Tuairisciú ar nithe eile

Déantar m'iniúchadh ag déanamh tagartha do na cúinsí speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus lena bhfeidhmiú. Tuairiscím má tá nithe ábhartha ann a bhaineann leis an mbealach inar cuireadh gnó poiblí i gcrích.
Déanaim iarracht fianaise a fháil maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn iniúchaidh. Tuairiscím má tá aon chás ábhartha nuair nár baineadh úsáid as airgead poiblí mar a bhí leagtha síos dó, nó nach raibh na bearta ag teacht leis na húdaráis atá á rialú.

Tuairiscím freisin go heisceachtúil, muna bhfuil, i mo thuairim,

- an t-eolas agus na míniúcháin ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh faighte agam, nó
- na taifid chuntasaíochta sásúil le go bhféadfaí iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais go héasca agus i gceart, nó
- na ráitis airgeadais ar aon dul leis na taifid chuntasaíochta.

# Na Ráitis Airgeadais


| | |
|---|---|
| Ráiteas Rialála agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird | 38 |
| Ráiteas ar Rialú Inmheánach | 43 |
| Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus le Cúlchistí Ioncaim Coinnithe | 46 |
| Ráiteas maidir le hIoncam Cuimsitheach | 47 |
| Ráiteas maidir le Staid Airgeadais | 48 |
| Ráiteas maidir le Sreafaí Airgid | 49 |




Maksim Beleckij, McBride Fishing, Co. Dhún na nGall


BIM
HI-TIDE150

# Ráiteas Rialála agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird

## Rialú

Bunaíodh Bord BIM faoin Acht Iascaigh Mhara 1952. Tá feidhmeanna an Bhoird leagtha amach i gcuid 15 den Acht sin. Tá an Bord freagrach don Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara. Tá an Bord freagrach as dea-rialú a chinntiú agus comhlíonann sé an tasc seo trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos agus cinntí straitéiseacha a ghlacadh i dtaobh phríomhcheisteanna gnó. Is í freagracht an Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin agus an bhainistíocht shinsearach BIM a bhainistiú, a rialú agus a threorú ó lá go lá. Ní mór don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus don fhoireann bainistíochta shinsearach an treoir straitéiseach ginearálta atá leagtha síos ag an mBord a leanúint, agus ní mór dó cinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir de na príomhghníomhaíochtaí agus cinntí a bhaineann leis an eagraíocht aige, agus d'aon rioscaí suntasacha a d'fhéadfadh a theacht aníos. Feidhmíonn an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin mar theagmháil dhíreach idir an Bhord agus bainistíocht BIM.

## Freagrachtaí an Bhoird

Tá obair agus freagrachtaí an Bhoird leagtha amach sa Chomhaontas um Sheachadadh Feidhmíochta agus Mhaoirseachta, a chuimsíonn freisin na hábhair a dhéanann an Bord cinneadh fúthu amháin. Cuid de na nithe seasta a mheasann an Bord ná:

- dearbhú leasanna,
- tuairiscí ó choistí,
- tuarascálacha airgeadais/cuntais bhainistíochta,
- tuairiscí feidhmíochta, agus
- ábhair forchoimeádta.

De réir Chuid 15 den Acht Iascaigh Mhara 1952, tá sé de cheanglas ar Bhord BIM na cuntais go léir is cuí agus is gnách a choimeád faoi airgead a fuair sé nó a chaith i cibé foirm is cuí leis an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mar le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Agus é ag ullmhú na ráitis airgeadais seo, tá sé de cheanglas ar Bhord BIM:

- polasaithe cuntasaíochta cuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasmhach,
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus críonna,
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn ghnóthais leantaigh mura bhfuil sé neamhchuí a cheapadh go leanfaidh sé ar aghaidh ag feidhmiú, agus
- a mhaíomh an é gur leanadh caighdeáin chuntasaíochta infheidhme, faoi réir aon imeacht ábhartha atá nochtaithe nó mínithe sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as leabhair chuí chuntais a choimeád a nochtann le cruinneas réasúnta ag tráth ar bith staid airgeadais Bhord Iascaigh Mhara agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais leis na ceanglais reachtúla a leagtar amach i gCuid 9 den chéad sceideal san Acht Iascaigh Mhara 1952. Is í freagracht an Bhoird cothabháil agus iontaofacht an eolais chorparáidigh agus airgeadais atá foilsithe ar shuíomh gréasáin BIM a chinntiú.

Tá an Bord freagrach as an bplean agus buiséad bliantúil a fhaomhadh. Rinneadh meastachán d'fheidhmíocht BIM a dhéanamh ar an 2 Feabhra 2018, ag tagairt don phlean agus don bhuiséad bliantúil.

Tá an Bord freagrach freisin as cosaint a shócmhainní agus mar sin as bearta réasúnta a ghlacadh do chosc agus brath calaoise agus neamhréireachtaí eile.

Measann an Bord go dtugann ráitis airgeadais BIM léargas fíor agus cothrom d'fheidhmíocht airgeadais agus de staid airgeadais BIM ar an 31 Nollaig 2017.

## Struchtúr an Bhoird

Tá Cathaoirleach agus cúigear gnáthchomhaltaí ar an mBord, iad ar fad ceaptha ag an tAire don Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara. Ceapadh comhaltaí an Bhoird ar feadh tréimhse trí bliana agus cruinníonn siad le chéile go míosúil. Tugann an tábla thíos sonraí faoi thréimhse cheapacháin na gcomhaltaí reatha:

| Comhalta Boird | Ról | Dáta Ceapacháin |
|---|---|---|
| Kieran Calnan | An Cathaoirleach | 13 Meitheamh 2015 |
| Lisa Vaughan | Stiúrthóir | 21 Meitheamh 2016 |
| William Deasy | Stiúrthóir | 26 Iúil 2017 |
| Raymond Harty | Stiúrthóir | 26 Iúil 2017 |
| Damien McLoughlin | Stiúrthóir | 26 Iúil 2017 |
| Sean O'Donoghue | Stiúrthóir | 26 Iúil 2017 |

Thionscnaigh an Bord Athbhreithniú Éifeachtúlacht agus Meastacháin i mí Eanáir 2018; a cuireadh i gcrích i mBealtaine 2018.

Bhunaigh an Bord trí choiste, mar seo a leanas:

1. **Tá trí chomhalta Boird agus comhalta neamhspleách amháin ar an :** gCoiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca. Is é ról an Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca (ARC) tacaíocht a thabhairt don Bhord maidir lena fhreagrachtaí a bhaineann le rialáil rioscaí agus rialú agus ráthaíochtaíaí gaolmhara. Tá an Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca neamhspleách ó bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Ach go háirithe, cinntíonn an Coiste go ndéantar monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaí lena n-áirítear na gníomhaíochtaí iniúchóireachta. Tuairiscíonn an Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca don Bhord tar éis gach cruinniú, agus go foirmeálta i scríbhinn uair sa bhliain.

   Is iad comhaltaí an Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca ná:

   - Lisa Vaughan (Cathaoirleach),
   - Kieran Calnan,
   - Sean O'Donoghue,
   - Gearóid Breathnach.

   Chruinnigh an ARC le chéile 4 huaire in 2017.

2. **Coiste Comhairliúcháin Teicniúil (TAC) Dhobharshaothrú Cháilíocht Deimhnithe (CQA):** Forbraíonn an Coiste Comhairliúcháin Teicniúil caighdeáin do speicis ar leith, a fhreagraíonn d'fhorbairt agus riachtanais tionscail dhobharshaothraithe na hÉireann.

   Is iad comhaltaí an choiste seo ná:

   - Vera Flynn (Ceannaire an Chláir BIM CQA ),
   - Catherine Morrison (Cathaoirleach BIM TAC ),
   - Vicky Lyons (Speisialaithe Sliogéisc BIM CQA ),
   - Frank Kane (Foras na Mara),
   - Damien O'Keefe (Cumann Shaothróirí Bradáin na hÉireann),
   - Anton Immink (Comhpháirtíocht na nIascach Inbhuanaitheach),
   - David Lyons (FSAI),
   - Michael Molloy (Blackshell Mussels agus Cathaoirleach Chumann Sliogéisc na hÉireann),
   - Michelle Haye (Marine Harvest Éire).

   Chruinnigh an CQA TAC le chéile uair amháin 2017.

# Ráiteas Rialála agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird (ar lean)

3. **Coiste Maoirseachta (OC) Dhobharshaothrú Cháilíocht Deimhnithe (CQA)::** Is é ról an Choiste Maoirseachta Dhobharshaothrú Cháilíocht Deimhnithe (CQA) ná tacaíocht a thabhairt don Bhord chun gur féidir leis na ceanglais reachtúla a chomhlíonadh.

   Is iad comhaltaí an choiste seo ná:

   - Donal Maguire (Cathaoirleach BIM OC),
   - An Dochtúir Dave Jackson (Foras na Mara),
   - Richie Flynn (Dobharshaothrú Fheirmeoirí Aontaithe na hÉireann),
   - Catherine McManus (Marine Harvest Éire),
   - An Dochtúir Jonathan Shepherd (comhairleoir eolaíochta neamhspleách),
   - Anton Immink (Comhpháirtíocht na nIascach Inbhuanaitheach).

   Chruinnigh an CQA OC le chéile uair amháin in 2017.

## Sceideal Freastalaithe, Táillí agus Speansais

Leagtar síos sceideal freastalaithe do chruinnithe Boird agus Coiste in 2017 thíos, ag cur san áireamh na táillí agus na speansais a thabhaigh gach comhalta:

| | Bord | Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca | TAC | Maoirseacht CQA | Táillí 2017 €'000 | Speansais 2017 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Kieran Calnan | 10 | 4 | - | - | - | 9 |
| Lisa Vaughan | 10 | 4 | - | - | 8 | 1 |
| William Deasy | 10 | - | - | - | 6 | 7 |
| Raymond Harty | 9 | - | - | - | 7 | 4 |
| Damien McLoughlin | 8 | - | - | - | - | - |
| Sean O'Donoghue | 8 | 2 | - | - | 5 | 4 |
| Gearóid Breathnach | - | 4 | - | - | - | 1 |
| Vera Flynn | - | - | 1 | - | - | - |
| Catherine Morrison | - | - | 1 | - | - | - |
| Vicky Lyons | - | - | 1 | - | - | - |
| Frank Kane | - | - | 1 | - | - | - |
| Damien O'Keefe | - | - | 1 | - | - | - |
| Anton Immink | - | - | 1 | 1 | - | - |
| Michael Molloy | - | - | 1 | - | - | - |
| Michelle Haye | - | - | 1 | - | - | - |
| Donal Maguire | - | - | - | 1 | - | - |
| Dave Jackson | - | - | - | 1 | - | - |
| Catherine McManus | - | - | - | 1 | - | - |
| Jonathan Shepherd | - | - | - | 1 | - | - |
| | | | | | 26 | 26 |

Bhí stiúrthóir amháin ann, Damien McLoughlin, nach bhfuair táille Boird faoin bprionsabal Duine Amháin Tuarastal Amháin (OPOS).

## Príomhathruithe Pearsanra

D'éirigh ceithre chomhalta den Bhord as a bpost i rith na bliana ag deireadh a gceapacháin:

- William Deasy, 26 Bealtaine 2017
- Raymond Harty, 8 Iúil 2017
- Damien McLoughlin, 20 Márta 2017
- Sean O'Donoghue, 1 Márta 2017.

De réir an Achta, rinne an tAire na comhaltaí thuas a athcheapadh:

- William Deasy, 26 Iúil 2017
- Raymond Harty, 26 Iúil 2017
- Damien McLoughlin, 26 Iúil 2017
- Sean O'Donoghue, 26 Iúil 2017.

D'éirigh Tara McCarthy, an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, as a post ar an 30 Eanáir 2017.

Ceapadh Jim O'Toole mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar an 25 Aibreán 2017.

## Nochtaithe atá ina gCeanglais faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an Bord freagrach as a chinntiú go ndearna BIM ceanglais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("an Cód") a chomhlíonadh, arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i Lúnasa 2016. De réir an Chóid, is gá na nochtuithe seo a leanas a dhéanamh:

## Mionsonrú ar Shochair Ghearthéarmacha Fostaithe

Aicmítear sochair ghearrthéarmacha fostaithe os cionn €60,000 i Nóta 9(c) de na Ráitis Airgeadais.

## Costais Chomhairliúcháin

Cuimsíonn costais chomhairliúcháin costas comhairle sheachtrach don bhainistíocht agus ní chuimsíonn sé feidhmeanna 'gnó mar is gnách'.

| | **2017**<br>**€'000** | **2016**<br>**€'000** |
|---|---|---|
| Comhairle Dlí | 18 | 101 |
| Comhairle Airgeadais/Achtúireach | 4 | 6 |
| Caidreamh Poiblí/Margaíocht | - | - |
| Acmhainní Daonna | 54 | 9 |
| Feabhsú Gnó | 118 | 143 |
| Eile | - | 22 |
| Costais Chomhairliúcháin Iomlán | **194** | **281** |
| | | |
| Costais Chomhairliúcháin Chaipitlithe | - | - |
| Costais Chomhairliúcháin bainte as Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe | 194 | 281 |
| Iomlán | **194** | **281** |

# Ráiteas Rialála agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird (ar lean)

## Costais Dhlí agus Socruithe

Tugann an tábla thíos mionsonrú ar na suimeanna a aithnítear mar chaiteachas sa tréimhse tuairiscithe maidir le costais dhlí, socruithe agus imeachtaí idir-réitigh agus eadrána a bhaineann le conarthaí a dhéantar le tríú páirtithe. Ní chuimsíonn sé seo caiteachas a thabhtar maidir le comhairle dhlíthiúil ghinearálta a fuair BIM a nochtaítear sna costais chomhairliúcháin thuas.

| | 2017<br>€'000 | 2016<br>€'000 |
|---|---:|---:|
| Táillí Dlí - imeachtaí dlíthiúla | - | - |
| Íocaíochtaí idir-réitigh agus eadrána | - | - |
| Socruithe | - | - |
| **Iomlán** | - | - |

## Caiteachas Taistil agus Cothabhála

Déantar caiteachas taistil agus cothabhála a aicmiú mar seo a leanas:

| | 2017<br>€'000 | 2016<br>€'000 |
|---|---:|---:|
| Intíre | | |
| - Bord* | 26 | 23 |
| - Fostaithe | 537 | 490 |
| Idirnáisiúnta | | |
| - Bord | 1 | - |
| - Fostaithe | 75 | 70 |
| **Iomlán** | **639** | **583** |

* lena n-áirítear taisteal agus cothabháil de €15,000 íoctha go díreach le comhaltaí Boird in 2017 (2016: €17,000). Iarmhéid €11,000 (2016: €6,000) bainteach le caiteachas a d'íoc (eintiteas) thar ceann chomhaltaí Boird.


## Caiteachas ar Fháilteachas

Cuimsíonn an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais an caiteachas ar fháilteachas seo a leanas:

| | 2017<br>€ | 2016<br>€ |
|---|---:|---:|
| Fáilteachas don Fhoireann | - | - |
| Fáilteachas do chliaint | - | - |
| **Iomlán** | - | - |

## Ráiteas Comhlíonta

Ghlac an Bord leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm aige chun comhlíonadh BIM leis an gCód a chinntiú. Rinne BIM riachtanais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú in 2017 a chomhlíonadh go hiomlán.



**Kieran Calnan**
An Cathaoirleach

6 Meitheamh 2018

# Ráiteas ar Rialú Inmheánach

## Scóip Freagrachta

Thar ceann BIM glacaim le freagracht an Bhoird chun a chinntiú go bhfuil córas rialú inmheánach éifeachtúil i bhfeidhm go leanúnach. Aithníonn an fhreagracht seo na ceanglais atá sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

Is iad na príomhnósanna imeachta a bhunaigh an Bord ar mhaithe le rialú inmheánach éifeachtúil a chinntiú ná:

— Béim shoiléir ar chuspóirí gnó faoi mar a chinneann an Bord i bhfianaise na gceanglas reachtúil.

— Struchtúr sainithe eagraíochta ina bhfuil freagrachtaí leagtha amach go soiléir, tarmligean údaráis agus deighilt idir dualgais a fhéachann le timpeallacht chuí rialaithe a chruthú.

— Próiseas um bainistíocht rioscaí a dhéanann breithniú ar phleananna straitéiseacha agus gnó i gcomhthéacs phróiseas an bhuiséid bhliantúil tráth a leagtar amach agus a dhéantar athbhreithniú ar phleananna agus ar spriocanna airgeadais ag an mBord i bhfianaise na spriocanna cinntithe.

— Córas tuairiscithe agus rialaithe lena n-áirítear athbhreithniú a dhéanann an Bord ar an mbuiséad bliantúil chomh maith le hathbhreithniú rialta a dhéanamh ar na torthaí féin i leith an bhuiséid.

— Nósanna imeachta um rialú - coinníonn an Bord lámhleabhair chuimsitheacha ar nósanna imeachta maidir lena phríomhghníomaíochtaí go léir. Is ann do theorainneacha agus do nósanna imeachta, go háirithe, atá sainmhínithe go soiléir do chaiteachas airgeadais, lena n-áirítear soláthar agus caiteachas caipitil.

— Córais Mhonatóireachta - déantar monatóireacht ar nósanna imeachta um rialú leis an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh a oibríonn de réir an chreata i gcomhair feidhmithe dea-chleachtais mar atá leagtha amach sa Chód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit 2016. Tugtar eolas i dtaobh obair an iniúchta inmheánaigh trí anailís ar an riosca a bhfuil BIM nochta dó. Tá an tuairisc ar rialú inmheánach do 2017 faighte ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Measúnú Riosca, agus tá tuairim an Iniúchóra Inmheánaí faoi leordhóthanacht agus éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaí sa tuairisc sin, agus cuireadh é seo os comhair an Bhoird. Tá an obair iniúchóireachta a rinne iniúchóirí seachtracha go bliantúil ar bhearta cúnamh deontais éagsúla curtha leis na córais iniúchóireachta agus monatóireachta inmheánaí mar a cheanglaítear faoin reachtaíocht AE ar na Bearta. I mí na Bealtaine 2014 d'fhaomh an Bord plean iniúchta inmheánaigh trí bliana faoi choinne na tréimhse idir mí an Mheithimh 2014 agus mí na Bealtaine 2017.

— Cuimsíonn an Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca, a bhunaigh an Bord in 2009, de Chomhaltaí Boird neamh-Fheidhmiúcháin amháin agus is Comhalta Boird eile seachas Cathaoirleach an Phríomh-Bhoird atá mar chathaoirleach air. Tá tuairiscí an Choiste um Iniúchóireacht & Measúnú Riosca don bhainistíocht, agus na hiniúchóirí seachtracha a dhéanann obair ar Bhearta Deontais AE, agus ráitis a dhéanann an tArd-Reachtaire Cuntas & Ciste in Litir Bhainistíochta nó i dtuairiscí eile mar bhun eolais ag monatóireacht agus athbhreithniú an Bhoird d'éifeachtúlacht an chórais rialála inmheánaí. Ar a bharr sin, choimisinigh an Bord, mar is cuí, athbhreithnithe neamhspleácha de na córais rialaithe inmheánacha ar leith san eagraíocht.

## Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaí

Tá an córas rialaithe inmheánach deartha chun rioscaí a bhainistiú ag leibhéal inghlactha seachas iad a dhíbirt ar fad. Mar sin, is féidir leis an gcóras seo ráthaíocht réasúnta seachas absalóideach a thabhairt go gcosnófar sócmhainní, go dtabharfar údarás agus go ndéanfar taifead ceart d'idirbhearta agus go ndéanfar earráidí ábhartha nó neamhréireachtaí eile a chosc agus a bhrath go tráthúil.

Tá an córas rialaithe inmheánach seo, atá ag teacht leis an teoir a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm i BIM don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017 agus suas go dtí dáta formheasta na ráiteas airgeadais.

## Acmhainn Riosca a Láimhseáil

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Measúnú Riosca ag BIM ar a bhfuil triúir chomhaltaí Boird agus comhalta seachtrach neamhspleách amháin, a bhfuil saintaithí airgeadais agus iniúchóireachta acu, ceann amháin díobh atá ina Chathaoirleach. Chruinnigh an Coiste Iniúchóireachta agus Measúnú Riosca le chéile ceithre huaire in 2017.

Bhunaigh an BIM feidhm iniúchóireachta inmheánach freisin a bhfuil cistiú dóthanach aige agus a chomhlíonann clár oibre atá aontaithe leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Measúnú Riosca.

Tá polasaí bainistíochta riosca forbartha ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Measúnú Riosca a leagan amach an inghlacthacht riosca, na próisis bhainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus a thugann sonraí faoi róil agus freagrachtaí na foirne i leith riosca. Rinneadh an polasaí a eisiúint leis an bhfoireann ar fad atá faoi cheanglas oibriú laistigh de pholasaithe bainistíochta riosca BIM, an bhainistíocht a chur ar an airdeall faoi rioscaí féideartachta agus laigí rialaithe agus freagracht a ghlacadh as rioscaí agus rialaithe laistigh dá réimse oibre féin.

# Ráiteas ar Rialú Inmheánach (ar lean)

## Creat Riosca agus Rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag BIM a aithníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus na gníomhaíochtaí bainistíochta atá á úsáid chun déileáil leis na rioscaí seo, a oiread agus is féidir.

Tá clár rioscaí ann ina n-aithnítear na príomhrioscaí atá os comhair BIM agus rinneadh iad seo a aithint, a mheas agus a aicmiú ag brath ar chomh suntasach agus atá siad. Déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Measúnú Riosca an clár a athbhreithniú agus a thabhairt suas chun dáta ar bhonn rathúil. Úsáidtear torthaí na measúnaithe seo chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go ndéantar bainistíocht ar riosca go dtí leibhéal atá inghlactha.

Tugann an clár riosca sonraí faoi na rialaithe agus gníomhaíochtaí is gá chun rioscaí a mhaolú agus faoi fhreagrachtaí d'fheidhmiú rialaithe atá ag baill foirne ar leith. Dearbhaím go bhfuil timpeallacht rialaithe leis na gnéithe seo a leanas i bhfeidhm:

- rinneadh nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó a dhoiciméadú,
- rinneadh freagrachtaí airgeadais a dháileadh ag leibhéal na bainistíochta leis an gcuntasaíocht chuí,
- tá córas buiséadaithe cuí ann le buiséad bliantúil atá faoi athbhreithniú ag an mbainistíocht shinsearach,
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil faisnéise agus córais teicneolaíochta cumarsáide,
- tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint, agus
- cinntíonn nósanna imeachta rialála do chistiú deontais do ghníomhaireachtaí seachtracha rialú leordhóthanach maidir le formheas deontais agus go ndéantar monatóireacht agus athbhreithniú ar dheontaithe chun a chinntiú gur cuireadh i bhfeidhm an cistiú deontais chun na críocha cearta.

## Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmeálta chun próisis rialaithe agus easpaí rialaithe a mhonatóiriú agus déantar iad seo a chur in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíochtaí ceartaitheacha a ghlacadh agus don bhainistíocht agus don Bhord, más iomchuí, go tráthúil. Dearbhaím go bhfuil na córáis mhonatóireachta leanúnacha seo i bhfeidhm:

- Rinneadh príomhrioscaí agus rialaithe gaolmhara a aithint agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibríocht na bpríomhrialaithe sin agus aon easpaí aitheanta a thuairisciú,
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal ag a bhfuil freagracht as bainistíocht airgeadais tugtha, agus
- Déanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta den fheidhmíocht thráthrialta agus bhliantúil agus cuireann siad le chéile tuairiscí airgeadais a chuireann feidhmíocht i gcomparáid le buiséid/réamhfhaisnéis.

## Soláthar

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag BIM chun comhlíonadh le rialacha agus treoracha soláthair reatha a chomhlíonadh agus gur chloígh BIM leis na nósanna imeachta seo in 2017. Comhlíonann BIM na rialacha soláthair reatha agus na treoirlínte atá leagtha amach ag an Oifig um Sholáthar Rialtais.

## Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag BIM chun éifeachtúlacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe a mhonatóiriú. Tá obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, an Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca a mhaoirsíonn a n-obair, agus an bhainistíocht shinsearach laistigh den BIM atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreat rialaithe airgeadais inmheánaí, tá siad mar bhun eolais ag mhonatóiriú agus athbhreithniú an BIM ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaí.

Dearbhaím go ndearna an Bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtúlacht na rialaithe inmheánaí do 2017.

## Fadhbanna Rialaithe Inmheánaí

Níor aithníodh aon laigí sa rialú inmheánach in 2017 ar gá iad a nochtú sna ráitis airgeadais.

## Faomhadh an Bhoird

Rinne an Coiste Iniúchóireachta agus Measúnú Riosca agus an Bord an ráiteas ar rialú inmheánach a athbhreithniú chun a chinntiú go bhfreagraíonn sé go huile agus go hiomlán leis na córais rialaithe a bhí i bhfeidhm i rith na tréimhse tuairiscithe.

Rinne gnóthas seachtrach athbhreithniú ar an rialú inmheánach in 2017 agus shínigh Bord na gníomhaireachta an t-athbhreithniú seo in 2018.

Sínithe thar ceann BIM,

**Kieran Calnan**
Cathaoirleach

6 Meitheamh 2018

# Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus le Cúlchistí Ioncaim Coinnithe

## Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2017

| | Nóta | 2017<br>€'000 | 2016<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| Deontais an Oireachtais | 3 | 33,462 | 23,104 |
| Glanmhaoiniú Iarchurtha don Scor Oibleagáidí Sochair | 19(c) | 885 | 918 |
| Glanaistriú go Cúlchiste Caipitil | 15 | (867) | (510) |
| | | **33,480** | **23,512** |
| Deontais AE | 4 | 1,635 | 683 |
| Láimhdeachas na nGléasraí Oighir | 5 | 778 | 869 |
| Ioncam Eile | 6 | 334 | 779 |
| | | **36,227** | **25,843** |
| **Caiteachas** | | | |
| Forbairt Reatha an AE | 4 | 1,454 | 683 |
| Forbairt Chaipitil Tionscail | 7 | 8,581 | 3,561 |
| Forbairt Reatha Tionscail | 8(a) | 14,545 | 11,989 |
| Riarachán Reatha Tionscail | 8(b) | 4,353 | 4,165 |
| Dímheas a Gearradh i Rith na Bliana | 8(c) | 1,380 | 1,167 |
| Oibleagáidí Sochar Scoir | 19(a) | 3,084 | 2,715 |
| Caiteachas ar Ghléasraí Oighir | 5 | 1,041 | 1,071 |
| | | **34,438** | **25,351** |
| **Barrachas/(Easnamh) don bhliain** | | **1,789** | **492** |
| Iarmhéid tugtha ar aghaidh amhail an 1 Eanáir | | **1,102** | **610** |
| **Iarmhéid tugtha ar aghaidh amhail an 31 Nollaig** | | **2,891** | **1,102** |

**Baineann an t-ioncam agus caiteachas go léir don bhliain le gníomhaíochtaí leantacha amhail an dáta tuairiscithe.**

**Tá an Ráiteas maidir le Sreafaí Airgid agus Nótaí 1–23 ina gcuid de na Ráitis Airgeadais seo.**

Rinne an Bord na Ráitis Airgeadais a fhaomhadh ar an 20 Aibreán 2018 agus sínítear iad thar ceann:

**Kieran Calnan**
An Cathaoirleach

6 Meitheamh 2018

**Jim O'Toole**
Príomhfheidhmeannach

6 Meitheamh 2018


# Ráiteas maidir le hIoncam Cuimsitheach

## Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2017

| | 2017<br>€'000 | 2016<br>€'000 |
|---|---|---|
| **Barrachas/(Easnamh) don bhliain** | 1,789 | 492 |
| Gnóthachain ó thaithí ar oibleagáidí shochar scoir | 740 | 1,950 |
| Athruithe ar thoimhdí | 690 | (9,338) |
| Coigeartú ar mhaoiniú iarchurtha shochar scoir | (1,430) | 7,388 |
| **Ioncam Cuimsitheach Iomlán don bhliain** | **1,789** | **492** |


**Tá an Ráiteas maidir le Sreafaí Airgid agus Nótaí 1–23 ina gcuid de na Ráitis Airgeadais seo.**

Rinne an Bord na Ráitis Airgeadais a fhaomhadh ar an 20 Aibreán 2018 agus sínítear iad thar ceann:



**Kieran Calnan**
An Cathaoirleach

6 Meitheamh 2018



**Jim O'Toole**
Príomhfheidhmeannach

6 Meitheamh 2018

# Ráiteas maidir le Staid Airgeadais

## Amhail ar 31 Nollaig 2017

| | Nóta | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | | | |
| Maoin, Gléasra agus Trealamh | 11 | 3,584 | 2,717 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Infháltais | 12 | 289 | 330 |
| Fardal | | 22 | 14 |
| Airgead Tirim agus coibhéisí Airgead Tirim | | 7,622 | 2,987 |
| | | 7,933 | 3,331 |
| **Dliteanas Reatha** | | | |
| Iníocthaigh (suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin) | 13 | (5,042) | (2,229) |
| **Glansócmhainní/(Dliteanais) Reatha** | | 2,891 | 1,102 |
| **Sócmhainní Iomlána lúide Dliteanais Reatha roimh Phinsean** | | 6,475 | 3,819 |
| Oibleagáid Sochair Scoir | 19(b) | (73,606) | (74,179) |
| Sócmhainn Iarchurtha Mhaoinithe Shochar Scoir | 19(c) | 73,606 | 74,179 |
| **Glansócmhainní Iomlána** | | **6,475** | **3,819** |
| **In ionannas le** | | | |
| Cúlchistí Ioncaim Coinnithe | | 2,891 | 1,102 |
| Cúlchistí Caipitil | 15 | 3,584 | 2,717 |
| | | **6,475** | **3,819** |

**Tá an Ráiteas maidir le Sreafaí Airgid agus Nótaí 1-23 ina gcuid de na Ráitis Airgeadais seo.**

Rinne an Bord na Ráitis Airgeadais a fhaomhadh ar an 20 Aibreán 2018 agus sínítear iad thar ceann:

**Kieran Calnan**
An Cathaoirleach

6 Meitheamh 2018

**Jim O'Toole**
Príomhfheidhmeannach

6 Meitheamh 2018


# Ráiteas maidir le Sreafaí Airgid

## Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2017

| | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|
| **Réiteach Fharasbarr/(Easnamh) Oibríochta i leith sreabhadh Glan Airgid Ó ghníomhaíochtaí Oibríochta/Forbartha** | | |
| Barrachas/(Easnamh) don Bhliain | 1,789 | 492 |
| Ús Bainc | - | - |
| Muirear Dímheasa | 1,380 | 1,168 |
| Aistriú ón gCuntas Caipitil | 867 | 510 |
| Ioncam ó Dhíol Sócmhainní Seasta | - | (4) |
| (Méadú)/Laghdú ar an bhFardal | (8) | 4 |
| Laghdú/(Méadú) ar Infháltais | 41 | (89) |
| Méadú/(Laghdú) ar Iníocthaigh | 2,813 | 777 |
| **Glan-insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin/Forbartha** | **6,882** | **2,858** |
| **Ráiteas maidir le Sreafaí Airgid** | | |
| Glan-insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin/Forbartha | 6,882 | 2,858 |
| **Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe** | | |
| Ús a Fuarthas | - | - |
| **Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | | |
| Íocaíochtaí chun Sócmhainní Seasta Inláimhsithe a Ghnóthú | (2,247) | (1,677) |
| Fáltas ó dhíolachán sócmhainní | - | 4 |
| **Méadú/(Laghdú) ar Airgead Tirim agus ar Choibhéisí in Airgead Tirim** | **4,635** | **1,185** |
| Airgead agus Coibhéis Airgid ag tús na Bliana | 2,987 | 1,802 |
| **Airgead agus Coibhéis Airgid ag deireadh na Bliana** | **7,622** | **2,987** |


**Tá Nótaí 1–23 ina gcuid de na Ráitis Airgeadais seo.**

Rinne an Bord na Ráitis Airgeadais a fhaomhadh ar an 20 Aibreán 2018 agus sínítear iad thar ceann:



**Kieran Calnan**
An Cathaoirleach

6 Meitheamh 2018



**Jim O'Toole**
Príomhfheidhmeannach

6 Meitheamh 2018

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais
Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017

## 1. Beartais Chuntasaíochta

Tá an bonn cuntasaíochta agus na polasaithe cuntasaíochta suntasacha a ghlac an BIM leo leagtha amach thíos. Cuireadh iad sin i bhfeidhm go comhsheasmhach i rith na bliana agus don bhliain roimhe.

### Faisnéis Ghinearálta

Bunaíodh BIM faoin Acht Iascaigh Mhara, 1952, agus tá a cheannoifig i nDún Laoghaire, Contae Bhaile Átha Cliath.

Is iad príomhchuspóirí BIM mar a leagtar amach iad san Acht Iascaigh Mhara, 1952, ná: an tionscal a fhorbairt ar tonn agus ar tír, chun a chur ar a chumas cur go hiomlán le geilleagar na réigiún cósta agus le geilleagar na tíre trí chéile. Is í BIM an Ghníomhaireacht Stáit í le freagracht phríomhúil as forbairt inbhuanaithe thionscal bia mara na hÉireann ar muir agus ar chladach agus as éagsúlú an gheilleagair chósta.

Is Eintiteas Sochair Phoiblí é BIM.

### Ráiteas Comhlíonta

Rinneadh ráitis airgeadais BIM don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017 a ullmhú de réir FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais infheidhme sa RA agus in Éirinn arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais (FRC), arna fhógairt ag Cuntasóirí Cairte na hÉireann.

### Bunús Ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, ach amháin i gcás sócmhainní agus dliteanas áirithe a ndéantar iad a thomhas ag a luach cóir mar a mhínítear sna beartais chuntasaíochta thíos. Tá na ráitis airgeadais i bhfoirm atá faofa ag Aire na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara le toiliú ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoin Acht Iascaigh Mhara, 1952. Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach maidir le nithe a réiteach a mheastar gur nithe ábhartha iad i dtaca le ráitis airgeadais an Bhoird Iascaigh Mhara.

### Ioncam

#### Deontais an Oireachtais

Sonraítear ioncam ar bhonn fabhraithe de ghnáth; an t-aon eisceacht ná Deontais an Oireachtais a shonraítear ar bhonn fáltas airgid, lena n-áirítear PFN Scéim an Uisceshaothraithe.

#### Aisíocaíochtaí ar na Deontais a Íocadh

Bíonn na deontais a íocadh in-aisíoctha in imthosca áirithe, mar shampla má dhéantar an chuideachta a fuair an deontas a leachtú/dhíscaoileadh, nó mura gcloítear le coinníollacha an deontais. Aithnítear aisíocaíochtaí deontais áit ar dócha go bhfaighidh an BIM an t-airgead agus gur féidir an méid a mheas go beacht;mar sin, cuirtear san áireamh iad ar bhonn fabhraithe.

#### Ioncam Úis

Sonraítear ioncam úis ar bhonn fabhraithe ag úsáid an mhodha um ghlanráta úis.

#### Ioncam Eile

Sonraítear ioncam eile ar bhonn fabhraithe.

#### Ioncam Iarchurtha

Cuimsíonn ioncam iarchurtha cistiú Eorpach agus cistiú Chruatain Bhradáin a iarcuireadh ag brath ar chaiteachas ar sheachadadh seirbhísí.

#### Scéimeanna Deontais

Déantar íocaíochtaí a dhéantar faoi na scéimeanna deontais éagsúla a oibríonn an Bord a chur san áireamh ar bhonn fabhraithe.

Déantar deontais atá iníoctha le BIM a aithint mar chaiteachas nuair a chomhlíonaigh an deontaí na coinníollacha atá leagtha amach sa chomhaontas deontais agus gur chuir sé isteach an doiciméadú cuí chun an comhlíonadh seo a dheimhniú. Sna blianta roimhe seo d'aithin BIM caiteachas deontais ar bhonn fháltais airgid. Cé gur athrú é seo sa pholasaí cuntasaíochta, níl ath-aithint na mblianta roimhe seo ag teastáil ós rud é go raibh luach na n-íocaíochtaí deontais atá dlite fós le híoc ar an 31 Nollaig 2016 neamhábhartha.

Déantar ceangaltais a eascraíonn de bhun ceaduithe faoi na Scéimeanna éagsúla Deontais atá á bhfeidhmiú ag an mBord a léiriú i Nóta 16.

## 1. Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

### Drochfhiacha

Déantar foráil d'iasachtaí agus d'fhiachais a mheastar go bhfuil amhras ann go mbaileofar iad agus i gcoinne aon chaillteanas a bhféadfadh teacht aníos de bharr ráthaíochtaí. Glantar drochfhiacha sa bhliain ina ndéantar deireadh a chur le comhaontú na hiasachta atá i gceist.

### Fardal

Is éard atá san fhardal ná earraí atá le hathdhíol, agus sonraítear é sna ráitis airgeadais ag an gCostas nó an Glanluach Inréadaithe (GLI), cibé acu is ísle. Ríomhtar an costas ar bhonn an ceann is túisce isteach, is túisce amach agus cuirtear na costais cheannacháin go léir san áireamh ann. Is é an GLI ná an praghas díola (fíorphraghas nó praghas measta) lúide na costais riachtanacha chríochnúcháin go léir.

### Infháltais

Sonraítear infháltais ag a luach cóir, lúide soláthar in aghaidh fiach amhrasach. Is foráil ar leith an fhoráil in aghaidh fiach amhrasach, agus déantar í a bhunú nuair atá fianaise oibiachtúil ann nach mbeidh BIM in ann na suimeanna ar fad atá dlite dó a bhailiú. Sonraítear na gluaiseachtaí go léir i soláthar in aghaidh fiach amhrasach sa Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus le Cúlchistí Ioncaim Coinnithe.

### Léasanna Oibriúcháin

Sonraítear an caiteachas cíosa faoi léasanna oibriúcháin sa Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus le Cúlchistí Ioncaim Coinnithe thar saolré an léasa. Sonraítear an caiteachas de réir méid chothroim thar thréimhse an léasa, ach amháin sa chás go dtagann méadú ar an gcíos atá nasctha le ráta ionchais an bhoilscithe. Sa chás sin, sonraítear na méaduithe nuair a thabhaítear iad. Sonraítear thar shaolré an léasa na dreasachtaí léasa a fhaightear.

### Maoin, Gléasra agus Trealamh

Luaitear maoin, gléasra agus trealamh ag a gcostas lúide dímheas carntha, agus iad mionchoigeartaithe do sholáthar in aghaidh bearnaithe, más ann dó. Déantar soláthar in aghaidh dímheasa ag rátaí measta ar an maoin, gléasra agus trealamh go léir, ach amháin talamh ruílse agus saothar ealaíne, chun an costas, lúide an luach iarmharach measta, atá ar gach sócmhainn a dhíscríobh de réir méid chothroim thar a saol úsáideach measta, mar seo a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| — Talamh agus Áitribh | | |
| a. Talamh | | Nialas |
| b. Áitribh: | Stáisiúin Loingseoireachta – Bunaidh | 2% |
| | Stáisiúin Loingseoireachta – Breise | 10% |
| | Áitribh Eile | 10% |
| — Gléasra agus Innealra | | |
| c. Trealamh Oiliúna | | 16.6% |
| d. Gléasra agus Innealra | | 10% |
| e. Fearas Teicniúil | | 20% |
| — Mótarfheithiclí | | 20% |
| — Gléasra agus Trealamh | | |
| f. Trealamh Iascaireachta | | 50% |
| g. Soithí | | 10% |
| h. Trealamh Oifige | | 20% |
| i. Trealamh Ríomhaire | | 33.3% |

Is ionann luach iarmharach agus an méid measta a bhféadfaí a fháil faoi láthair ó dhiúscairt sócmhainne, tar éis na costais mheasta diúscairte a bhaint as, más rud é go raibh an tsócmhainn ag an aois agus sa riocht a mbeifeá ag súil leis ag deireadh a saolré úsáideach.

Más ann d'fhianaise oibiachtúil go bhfuil luach sócmhainne bearnaithe, sonrófar caillteanas bearnaithe sa Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus le Cúlchistí Ioncaim Coinnithe don bhliain.

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2017

## 1. Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

### Cúlchistí Caipitil

Is éard atá sna Cúlchistí Caipitil ná an luach gan amúchadh atá ar na deontais chaipitil a úsáidtear chun sócmhainní seasta a mhaoiniú.

### Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgead Tirim

Is éard atá in airgead tirim ná airgead ar láimh agus taiscí prapéilimh. Is ionann coibhéis airgid agus infheistíochtaí ardleachtaithe gearrthéarmacha ar féidir iad a aistriú go héasca isteach i suimeanna airgid nach bhfuil faoi réir rioscaí suntasacha athraithe luacha.

### Airgeadraí Iasachta

Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgid in airgeadraí iasachta ag na rátaí malairte ar an dáta tuairiscithe. Aistrítear ioncam agus costais ag na rátaí malairte ar dhátaí na n-idirbheart atá i gceist.

Pléitear sa Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus le Cúlchistí Ioncaim Coinnithe le brabúis agus le caillteanais a eascraíonn as idirbhearta in airgeadraí iasachtacha agus as socraíocht na suimeanna infhaighte agus iníoctha.

### Sochair na bhFostaithe

#### Sochair Ghearrthéarmacha

Déantar sochair ghearrthéarmacha ar nós pá saoire a aithint mar speansais sa bhliain, agus cuirtear sochair a thabhaítear ag deireadh na bliana san áireamh sa bhfigiúr do shuimeanna iníoctha sa Ráiteas ar Staid Airgeadais.

#### Sochair Scoir

Roimhe seo, bhunaigh BIM a scéim sochair phinsin deimhnithe féin, a cistíodh go bliantúil ar bhonn íoc-mar-a-thuilltear ó airgead a chuir an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara ar fáil agus ó íocaíochtaí rannpháirteacha a baineadh ó thuarastail bhaill foirne agus tuarastail chomhaltaí. Oibríonn BIM Scéim Pinsin Seirbhísí Poiblí Aonair ("Scéim Aonair") freisin, ar scéim sochair dheimhnithe í d'fhostaithe sa tseirbhís phoiblí a ceapadh ar nó tar éis an 1 Eanáir 2013. Íoctar ranníocaíochtaí bhaill na Scéime Singile leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (RCPA).

Achtaíodh an t-Acht um Pinsin Seirbhís Phoiblí (Scéim Singil agus Forálacha Eile) 2012 ar an 28 Iúil 2012 agus thug sé isteach Scéim Phinsin Seirbhís Poiblí Singil ("Scéim Singil") le héifeacht ón 1 Eanáir 2013. Is baill gach iontrálaí nua sa tSeirbhís Phoiblí, ar nó tar éis an 1 Eanáir 2013, den Scéim Singil.

Léiríonn costais phinsin na sochair phinsin a thuilleann fostaithe sa tréimhse agus sonraítear iad de réir ranníocaíochtaí pinsin na mball foirne a choimeádann BIM. Déantar suim a fhreagraíonn don táille pinsin a aithint mar ioncam sa mhéad agus atá sé inaisghabhálta, agus gur féidir é a fhritháireamh in aghaidh deontais a fuarthas sa bhliain chun na híocaíochtaí pinsin a dhéanamh.

Léirítear na gnóthachain nó na caillteanais achtúireacha a eascraíonn as dliteanais na scéime sa Ráiteas maidir le hIoncam Cuimsitheach agus sonraítear athrú comhfhreagrach sa tsuim atá in-aisghabhála ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.

Léiríonn na ráitis airgeadais luach cóir na sócmhainní agus dliteanas a eascraíonn as ceangaltais pinsin an Bhoird Iascaigh Mhara, mar aon le haon mhaoiniú gaolmhar, agus sonraítear iontu na costais a bhaineann le sochair pinsin a sholáthar sna tréimhsí cuntasaíochta inar gnóthaíodh ag na fostaithe iad. Déantar dliteanais maidir le scéim shochar scoir a thomhas ar bhonn achtúireach ag úsáid mhodh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa.

### Soláthairtí

Sonraítear soláthairtí nuair atá ceangaltas reatha dlíthiúil nó inchiallaithe ar an mBord mar thoradh ar imeachtaí roimhe seo; is dócha go mbeidh eis-sreabhadh acmhainní de dhíth chun an ceangaltas a réiteach; agus gur féidir suim an cheangaltais a mheas go hiontaofa.

### Suimeanna Teagmhasacha

Ní shonraítear dliteanais theagmhasacha a eascraíonn as imeachtaí roimhe seo (i) mura dócha go mbeidh eis-sreabhadh acmhainní ann nó mura féidir an tsuim a thomhas go hiontaofa amhail an dáta tuairiscithe, nó (ii) má dhéanfar iad a dheimhniú trí imeachtaí neamhchinnte a tharlóidh nó nach dtarlóidh sa todhchaí, nach bhfuil go hiomlán faoi rialú an Bhoird. Déantar dliteanais theagmhasacha a nochtadh sna ráitis airgeadais ach amháin más fánach an seans go dtarlóidh eis-sreabhadh.

Ní shonraítear sócmhainní teagmhasacha. Déantar sócmhainní teagmhasacha a nochtadh sna ráitis airgeadais nuair is dócha go dtarlóidh insreabhadh de shochair gheilleagracha.

## 2. Breithiúnais agus Meastacháin An-Tábhachtacha Chuntasaíochta

Le linn do na ráitis airgeadais seo a bheith á n-ullmhú, bíonn ar an lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a chuireann isteach ar fhorfheidhmiú na mbeartas agus ar na suimeanna a thuairiscítear i leith sócmhainní agus dliteanas, ioncaim agus costas.

Déantar breithiúnais agus meastacháin a mheas go leanúnach agus bunaítear ar chleachtaí stairiúla agus ar thosca eile iad, lena n-áirítear ionchais maidir le himeachtaí amach anseo a mheastar gur ionchais réasúnta iad sna himthosca. Déanann an Bord meastacháin agus toimhdí maidir leis an todhchaí. Is annamh go mbeidh na meastacháin chuntasaíochta, faoi mar a thuigfeá, a eascraíonn as, mar an gcéanna leis na fíorthorthaí gaolmhara. Pléitear thíos na meastacháin agus na toimhdí a bhfuil baol mór ann go dtiocfaidh athrú ó thaobh ábhair de, dá mbarr, ar shuimeanna glanluacha na sócmhainní agus na ndliteanas sa chéad bhliain airgeadais eile:

### (a) Saolréanna a bhunú chun críocha dímheasa do mhaoin, do ghléasra agus do threalamh

Is cuid mhór de na sócmhainní iomlána iad sócmhainní fadsaolacha, .i. maoin, gléasra agus trealamh den chuid is mó. Braitheann an muirear bliantúil dímheasa go príomha ar shaolréanna measta gach cineál sócmhainne agus ar mheastacháin luachanna iarmharacha. Déanann an Bord athbhreithniú rialta ar shaolréanna na sócmhainní agus athraíonn sé iad nuair is gá chun an smaointeoireacht reatha ar na saolréanna atá fágtha a léiriú i bhfianaise úsáid ionchasach geilleagrach agus riocht fisiceach na sócmhainní lena mbaineann. Is féidir le tionchar suntasach a bheith ag athruithe ar shaolréanna sócmhainní ar na muirir dhímheasa don tréimhse. Tá mionsonraí faoi shaolréanna úsáideacha curtha san áireamh sna beartais chuntasaíochta.

### (b) Soláthar in aghaidh fiach amhrasach

Déanann an Bord meastachán maidir le luach in-aisghabhála na bhféichiúnaithe trádála agus féichiúnaithe eile. Úsáideann an Bord meastacháin atá bunaithe ar chleachtadh stairiúil chun leibhéal na bhfiach a shocrú go mb'fhéidir nach mbaileofaí iad. Cuirtear san áireamh sna meastacháin tosca amhail rátáil reatha an fhéichiúnaí, próifíl aosaithe na bhféichiúnaithe agus an cleachtadh stairiúil. Déantar athbhreithniú leanúnach ar leibhéal riachtanach an tsoláthair.

### (c) Sochar Scoir

Déanann an Bord na suimeanna atá ag dul dó ón Stát as an dliteanas iarchurtha neamhchistithe pinsin, a shonrú bunaithe ar roinnt imeachtaí roimhe seo. Áirítear leis na himeachtaí sin tacaíocht rathúil don scéim aoisliúntais, agus an beartas agus an cleachtadh a bhaineann le pinsin seirbhíse poiblí a mhaoiniú, lena n-áirítear an próiseas bliantúil um meastachán. Cé nach ann do chomhaontú foirmiúil, agus mar sin do ráthaíocht, i ndáil leis na suimeanna faoi leith seo leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, níl aon fhianaise ag an mBord nach mbainfidh an beartas maoinithe seo an tsuim seo amach de réir a chéile de réir an chleachtais reatha.

### (d) Oibleagáidí Sochar Scoir

Déantar nuashonrú go bliantúil ar na toimhdí atá mar bhunús ag na luachálacha achtúireacha dá ndéantar na suimeanna atá sonraithe sna ráitis airgeadais a leagadh amach (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí méadaithe ar leibhéil cúitimh amach anseo, rátaí báis agus rátaí treochta um chostais cúram sláinte) bunaithe ar chúinsí geilleagracha reatha, agus má dhéantar aon athrú ábhartha ar théarmaí agus coinníollacha na bpleananna pinsin agus iar scoir.

Is féidir leis na nithe seo a leanas dul i gcion ar thoimhdí:

(i) Athraíonn an ráta lascaine sa ráta fáltais ar bhannaí corparáideach d'ardchaighdeán.

(ii) Leibhéil chúitimh don todhchaí, coinníollach margaidh lucht saothair todhchaí.

(iii) Treochtaí costais cúram sláinte, úrrús ar an ráta costais cúram sláinte sna réigiúin ábhartha.

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2017

## 3. Deontais an Oireachtais: An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

| | 2017<br>€'000 | 2016<br>€'000 |
|---|---|---|
| **Fo-cheannteideal Vóta A.8** | | |
| Forbairt Reatha | | |
| Pá | 7,000 | 6,831 |
| Aoisliúntas | 2,240 | 1,854 |
| Neamhphá | 11,227 | 8,820 |
| | | |
| Iomlán Forbartha Reatha | 20,467 | 17,505 |
| Forbairt Chaipitil | 12,995 | 5,599 |
| | **33,462** | **23,104** |

## 4. Deontais a Fuarthas

| **Tionscadal** | 2017<br>€'000 | 2016<br>€'000 |
|---|---|---|
| Tionscadal Acrunet an AE | - | 653 |
| Tionscadal Uisceshaothraithe Erasmus an AE | 7 | 28 |
| Tionscadal COLUMBUS BG 11 | 1,628 | 2 |
| | **1,635** | **683** |

Deontais a caitheadh:

| | 2017 €'000 | | | | 2016 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Tionscadal** | **Tuarastail** | **Neamhphá** | **Deontais** | **Iomlán** | **Iomlán** |
| Tionscadal Acrunet an AE | - | - | - | - | 653 |
| Tionscadal Uisceshaothraithe Erasmus an AE | - | 5 | - | 5 | 28 |
| Tionscadal COLUMBUS BG 11 | - | 1,449 | - | 1,449 | 2 |
| | **-** | **1,454** | **-** | **1,454** | **683** |

Cuireadh fáltais uile an AE i bhfeidhm le linn na bliana agus bhain siad le caiteachas ar fhorbairt reatha tionscail. Baineann an difríocht idir dheontais a fuarthas agus deontas a tugadh amach de €181,000 le riarachán neamhphá agus cuimsítear é mar pháirt de nótaí 8(a) agus 8(b).

## 5. Bhí na Torthaí Oibriúcháin Soláthair Oighir mar seo a leanas:

| | | **2017 €'000** | **2016 €'000** |
|---|---|---|---|
| Láimhdeachas | | 778 | 869 |
| Lúide: | Pánna | (353) | (351) |
| | Costais oibriúcháin | (606) | (662) |
| | Costais riaracháin | (82) | (58) |
| Caiteachas Iomlán ar Ghléasraí Oighir * | | **(1,041)** | **(1,071)** |
| (Easnamh)/Barrachas ar oibríochtaí | | **(263)** | **(202)** |

*Ní áirítear sa chaiteachas iomlán muirir dhímheasa ar shócmhainní seasta gléasraí oighir de €86,000 sa bhliain (2016: €9,000).

Nóta: Thosaigh BIM an ráithe deiridh de 2016 le hinfheistíocht chaipitiúil de €0.6m in ionaid oighir Bhaile Chaisleáin an Bhearraí agus an Dúin Mhór le faomhadh an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara. Rinne Bord na Stiúrthóirí meastachán ar phlean/straitéis ghnó le haghaidh oibriúcháin ionad oighir don todhchaí. Rinneadh an cás gnó a chríochnú i bhFeabhra 2018.

## 6. Ioncam Eile

| | **2017 €'000** | **2016 €'000** |
|---|---|---|
| Ioncam Riaracháin/Cíos Infhaighte | 47 | 276 |
| Ioncam Riaracháin/Tionscnamh Dobharshaothraithe | 27 | - |
| Ioncam ó Iascaigh | 100 | 171 |
| Ioncam ó Iascaigh - Comhairle na nUiscí Iarthuaidh | - | 30 |
| Ioncam ó Fhorbairt Gnó agus Nuálaíocht | 34 | 44 |
| Ioncam ó Oiliúint | 70 | 178 |
| Ioncam ó Dhobharshaothrú Oisrí Teitreaplóideacha agus Ioncam Domhanfharraige | - | 39 |
| Aisíocaíochtaí ar Dheontais Iascaigh Mhara | 56 | 37 |
| Fáltas Brabúis ó Dhíol Sócmhainní | - | 4 |
| | **334** | **779** |

## 7. Caiteachas Forbartha Caipitil Tionscail

| | **2017 €'000** | **2016 €'000** |
|---|---|---|
| **Tionscadal** | | |
| Iascaigh Mhara | 3,561 | 435 |
| Dobharshaothrú | 1,763 | 820 |
| Forbairt Gnó agus Nuálaíocht | 3,228 | 2,224 |
| Scéim Bhreisithe Slándála – PFD-PLB* | 29 | 82 |
| | **8,581** | **3,561** |

* Caiteachas ar scéim shábháilteachta PFD-PLB in 2017 de €29,000 (2016: €82,000) glanfháltais de €135,000 (2016: €56,000).

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017

## 8. Caiteachas ar Fhorbairt Reatha Tionscail

### (a) Forbairt

| | 2017 €'000 | | | | 2016 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Tionscadal** | **Tuarastail** | **Neamhphá** | **Deontais** | **Iomlán** | **Iomlán** |
| Iascaigh Mhara | 1,489 | 423 | 2,399 | 4,311 | 3,554 |
| Dobharshaothrú | 1,790 | 1,107 | 1,497 | 4,394 | 3,120 |
| Forbairt Gnó agus Nuálaíocht | 1,018 | 543 | 1,147 | 2,708 | 2,606 |
| Costais chabhrach teicniúla EMFF | 526 | 323 | - | 849 | 477 |
| Rannóg oiliúna | 942 | 719 | - | 1,661 | 1,552 |
| Faisnéis & Pleanáil | 174 | 448 | - | 622 | 680 |
| | **5,939** | **3,563** | **5,043** | **14,545** | **11,989** |

### (b) Riarachán

| | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|
| Costais Tuarastail | 1,472 | 1,369 |
| Baill Foirne Riaracháin Taistil | 64 | 76 |
| Táillí agus costais taistil Bhaill an Bhoird | 53 | 50 |
| Cíos, Rátaí agus Deisiúchán | 1,224 | 1,243 |
| Guthán, Postas agus Páipéarachas | 193 | 194 |
| Próiseáil Sonraí | 605 | 455 |
| Cumhacht, Soilse agus Glantóireacht | 71 | 91 |
| Táillí Dlí, Gairmiúla agus Sainchomhairleoirí | 212 | 281 |
| Táille Iniúchta | 21 | 21 |
| Tuarascáil Bhliantúil | 11 | 14 |
| Árachas | 19 | 45 |
| Costais Oiliúna agus Forbartha Foirne | 221 | 252 |
| Ilnithe, Costais Ghinearálta agus Suibscríbhinní Trádála | 187 | 74 |
| | **4,353** | **4,165** |

### (c) Dímheas

| | | |
|---|---|---|
| Dímheas i rith na bliana | **1,380** | **1,167** |
| **Iomlán** | **20,278** | **18,004** |

## 9. Costais Foirne

Gearrtar tuarastail foirne i gcaitheamh na bliana ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Coimeádta Ioncaim Reathafaoi na ceannteidil seo a leanas. Gearrtar pá Oibreoirí na nGléasraí Oighir ar chostais reatha na nGléasraí Oighir (Féach Nóta 5).

### (a) Tuarastail Foirne de réir Rannáin

| | Líon Foirne amhail an 31 Nollaig 2017 | 2017 €'000 | Líon Foirne amhail an 31 Nollaig 2016 | 2016 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Tuarastail Forbartha Gnó & Nuála - Nóta 8(a) | 18 | 1,018 | 17 | 1,043 |
| Tuarastail maidir le Seirbhísí Oiliúna - Nóta 8 (a) | 16 | 942 | 16 | 884 |
| Tuarastail Forbartha Iascach – Nóta 8(a) | 23 | 1,489 | 21 | 1,601 |
| Tuarastail Forbartha Dobharshaothraithe – Nóta 8(a) | 33 | 1,790 | 27 | 1,774 |
| Seirbhísí Corparáideacha – Nóta 8(b) | 31 | 1,472 | 21 | 1,369 |
| Tuarastail Faisnéise agus Pleanála – Nóta 8(a) | 10 | 174 | 4 | 238 |
| Oibreoirí na nGléasraí Oighir – Nóta 5 | 11 | 353 | 11 | 351 |
| | **142** | **7,238** | **117** | **7,260** |

Áiríodh tuarastail de €526,000 a bhaineann le foireann ar coinníodh faoin Scéim Chabhrach Teicniúla (2016: €110,000) arna chistiú ag cúnamh deontais CIME, sna haonaid Ghnó, Iascaigh agus Forbartha Dobharshaothraithe.

### (b) Pinsin a Íocadh sa Bhliain

Is iad is pinsinéirí iontu ná íocaíochtaí pinsin a dhéantar le baill foirne BIM atá ar scor (Féach Nóta 19).

| | | 2017 €'000 | | 2016 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Pinsinéirí | 117 | 2,017 | 113 | 1,943 |
| Íocaíochtaí Cnapshuime | | 501 | | 353 |
| | **117** | **2,518** | **113** | **2,296** |

Baineadh tobhach pinsin €319,000 ó bhaill foirne agus íocadh é leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara. Tar éis rialú an AE in 2008 rinneadh ball seasta foirne de gach ball foirne ar conradh a bhí i dteideal conartha thréimhse éiginnte. Áirítear na baill foirne seo le líon na mball foirne atá údaraithe, mar a comhaontaíodh leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.

### (c) Sochair na bhFostaithe - Briseadh Síos

| Raon Iomlán na bhFostaithe | | | Líon na bhFostaithe | |
|---|---|---|---|---|
| **Ó** | | **Go dtí** | **2017** | **2016** |
| €60,000 | - | €69,999 | 33 | 33 |
| €70,000 | - | €79,999 | 11 | 10 |
| €80,000 | - | €89,999 | 3 | 4 |
| €90,000 | - | €99,999 | 2 | 1 |
| €100,000 | - | €109,999 | 1 | 3 |
| €110,000 | - | €119,999 | 1 | - |
| €120,000 | - | €129,999 | 1 | - |

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2017

## 9. Costais Foirne (ar lean)

### (d) Luach Saothair Comhaltaí an Bhoird

| | Táillí 2017 €'000 | Taisteal Speansais 2017 €'000 | Cruinnithe Freastalaithe 2017 |
|---|---|---|---|
| Kieran Calnan | - | 9 | 10 |
| Lisa Vaughan | 8 | 1 | 10 |
| William Deasy | 6 | 7 | 10 |
| Raymond Harty | 7 | 4 | 9 |
| Damien McLoughlin | - | - | 8 |
| Sean O'Donoghue | 5 | 4 | 8 |
| Jim O'Toole (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin) (Ceaptha 30 Márta 2017) | - | 11 | 8 |
| | **26** | **36** | |

Pacáiste luacha saothair an Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin do 2017: bunphá bliantúil de €123,938 agus is ball é de scéim sochar sainithe BIM.

## 10. Tuarastal na Stiúrthóirí agus an POF

| | | Táillí 2017 €'000 | Táillí 2016 €'000 | Taisteal Speansais 2017 €'000 | Taisteal Speansais 2016 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Mr Kieran Calnan (Tréimhse 13 Meitheamh 2015 go 12 Meitheamh 2018) | An Cathaoirleach | - | - | 9 | 7 |
| Ms Lisa Vaughan (Tréimhse 21 Meitheamh 2016 go 20 Meitheamh 2019) | Stiúrthóir | 8 | 4 | 1 | 1 |
| William Deasy (Tréimhse 26 Iúil 2017 go 26 Iúil 2020) | Stiúrthóir | 6 | 8 | 7 | 6 |
| Raymond Harty (Tréimhse 26 Iúil 2017 go 26 Iúil 2020) | Stiúrthóir | 7 | 8 | 4 | 4 |
| Damien McLoughlin (Tréimhse 26 Iúil 2017 go 26 Iúil 2020) | Stiúrthóir | - | - | - | - |
| Sean O'Donoghue (Tréimhse 26 Iúil 2017 go 26 Iúil 2020) | Stiúrthóir | 5 | 8 | 4 | 5 |
| | | **26** | **28** | **25** | **23** |

Bhí 10 gcruinniú iomlán ag an Bord in 2017 agus d'fhreastail Comhaltaí Boird ar chruinnithe eile thar ceann BIM. D'fhreastail trí Chomhalta Boird ar chruinnithe eile lasmuigh de chruinnithe an Bhoird agus Cruinnithe Iniúchóireachta thar ceann BIM.

| | Bord Freastal 2017 | Eile Cruinnithe 2017 |
|---|---|---|
| Kieran Calnan | 10 | 4 |
| Lisa Vaughan | 10 | 1 |
| William Deasy | 10 | - |
| Raymond Harty | 9 | - |
| Damien McLoughlin | 8 | - |
| Sean O'Donoghue | 8 | 4 |

## 10. Tuarastal na Stiúrthóirí agus an Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin (ar lean)

| | Tuarastal 2017 €'000 | Tuarastal 2016 €'000 |
|---|---|---|
| Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (Tara McCarthy) éirithe as a post an 30 Eanáir 2017 | 10 | 121 |
| Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (Jim O'Toole) ceaptha an 25 Aibreán 2017 | 85 | - |
| | **95** | **121** |

Is ball an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin reatha de scéim sochair sainithe BIM.

## 11. Maoin, Gléasra agus Trealamh

| | Iomlán €'000 | Talamh agus Áitreamh €'000 | Gléasra agus Innealra €'000 | Sócmhainní atá á thógáil faoi láthair €'000 | Mótar Feithiclí €'000 | Fearas agus Trealamh €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | | | |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | 26,399 | 6,258 | 5,035 | 0 | 515 | 14,591 |
| Breiseanna | 2,247 | 410 | 186 | 581 | 71 | 999 |
| Diúscairtí | (156) | (156) | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | **28,490** | **6,512** | **5,221** | **581** | **586** | **15,590** |
| | | | | | | |
| **Dímheas** | | | | | | |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | 23,682 | 5,317 | 4,131 | 0 | 456 | 13,778 |
| Muirear don Bhliain | 1,380 | 313 | 165 | 0 | 34 | 868 |
| Diúscairtí | (156) | (156) | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | **24,906** | **5,474** | **4,296** | **0** | **490** | **14,646** |
| | | | | | | |
| **Glanluach Leabhair** | | | | | | |
| **Amhail an 31 Nollaig 2017** | **3,584** | **1,038** | **925** | **581** | **96** | **944** |
| **Amhail an 31 Nollaig 2016** | **2,717** | **941** | **904** | **0** | **59** | **813** |

Tagraíonn sócmhainní atá á thógáil faoi láthair don tiomantas caipitil sonraithe i Nóta 20.

## 12. Infháltais

| | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|
| Infháltais Iasachta | 70 | 892 |
| Infháltais Eile | 138 | 399 |
| Réamhíocaíochtaí | 233 | 78 |
| | 441 | 1,369 |
| Lúide: Soláthar le haghaidh Fiach Amhrasach | (152) | (1,039) |
| | **289** | **330** |

Tá luachanna córa na bhféichiúnaithe agus na réamhíocaíochtaí gar dá suimeanna glanluacha. Tá gach féichiúnaí dlite laistigh de bhliain amháin. Tagraíonn féichiúnaithe iasachta de €70,000 don socrú a baineadh amach le Comhairle Contae Chiarraí maidir le Dingle Boats Teo. Bhí na fiacha seo faoi réir imeachtaí dlíthiúla a críochnaíodh in 2017.

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2017

## 13. Iníocthaigh (suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin)

| | 2017<br>€'000 | 2016<br>€'000 |
|---|---|---|
| Ioncam Iarchurtha | 55 | 55 |
| Suimeanna iníoctha Trádála agus Fabhruithe | 3,233 | 2,174 |
| Fabhruithe Deontais | 1,754 | 0 |
| | **5,042** | **2,229** |

Tá cáin agus árachas sóisialta faoi réir théarmaí na reachtaíochta ábhartha. Gearrtar ús ar íocaíochtaí déanacha. Ní raibh aon ús dlite ag dáta deiridh na bliana airgeadais. Tá téarmaí na bhfabhruithe bunaithe ar na conarthaí bunaidh. Na suimeanna eile a chuirtear san áireamh i gcreidiúnaithe, nach bhfuil cumhdaithe ag nochtadh nótaí ar leith, is suimeanna neamhurraithe iad atá gan ús agus iníoctha ar éileamh.

## 14. Ceangaltais Léasa

Amhail an 31 Nollaig 2017 bhí na híocaíochtaí íosta todhchaíocha léasa seo a leanas ag BIM, faoi léasanna oibriúcháin nach féidir iad a chealú, do na tréimhsí seo a leanas:

| | 2017<br>€'000 | 2016<br>€'000 |
|---|---|---|
| Iníoctha laistigh de bhliain amháin | 20 | 20 |
| Iníoctha laistigh de dhá bhliain suas le cúig bliana | 67 | 70 |
| Iníoctha tar éis cúig bliana | 67 | 84 |
| | **154** | **174** |

Chuaigh an léas reatha ar Cheannoifig BIM i nDún Laoghaire in éag i Meán Fomhair 2016 agus tá plé fós ar siúl le hOifig na nOibreacha Poiblí maidir leis an léas nua.

## 15. Cúlchistí Caipitil

| | 2017<br>€'000 | 2016<br>€'000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | 2,717 | 2,207 |
| Aistriú (chuig an)/ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachas: | | |
| Maoiniú Bhreiseanna Sócmhainní | 2,247 | 1,677 |
| Amúchadh i gcomhréir le Dímheas Sócmhainní | (1,380) | (1,167) |
| **Aistriú chuig an Ráiteas maidir leis an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais agus le Cúlchistí Ioncaim Coinnithe** | **867** | **510** |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | **3,584** | **2,717** |

## 16. Dliteanais agus Ceangaltais Theagmhasacha

Ní raibh aon dliteanais agus ceangaltais theagmhasacha ann amhail an 31 Nollaig 2017, a d'eascair as seo a leanas:

(a) Ráthaíochtaí d'Institiúidí Airgeadais i leith iasachtaí arbh ionann iad agus €165,229. Sealbhaítear céadmhorgáiste mar urrús do na ráthaíochtaí seo. Níor iarradh ar an mBord aon íocaíochtaí a dhéanamh i ndáil le ráthaíochtaí in 2016.

(b) Ag deireadh na bliana bhí iarratais ar dheontais ann nach raibh formheasta, agus nach bhfuarthas aon iarratas ina leith.

Ba iad na hiarmhéideanna maidir leis na háiseanna airgeadais seo a faomhadh ach nár úsáideadh ar an 31 Nollaig ná:

| | **2017 €'000** | **2016 €'000** |
|---|---|---|
| Dobharshaothrú | - | 197 |
| Iascaigh | 2,864 | 774 |

(c) Léasaítear foirgneamh na ceannoifige ó Oifig na nOibreacha Poiblí. Áirítear dliteanas leis an léas seo maidir leis an bhfoirgneamh a choinneáil mar a bhí sé ag an tús. Bheadh sé deacair luach a leithéid d'obair a mheas.

(d) Níl aon imeacht dlí á chosaint ag an mBord.

## 17. Tionscnamh Dobharshaothraithe Trasteorann

Rinneadh an Tionscnamh Dhobharshaothraithe Trasteorann arna thacú ag an gClár Speisialta um Shíocháin agus Athmhuintearas a chorprú in 1998 mar Ghrúpáil Eorpach um Leas Eacnamaíoch (EEIG) agus a chlárú san Oifig um Chlárú Cuideachtaí. Tá sé faoi chomhúinéireacht BIM agus Bhia Mara Thuaisceart Éireann Teoranta (Northern Ireland Seafood Limited).

An 31 Nollaig 2011, tar éis comhairle dlí a fháil, cinneadh go ndéanfaí cúigear duine d'fhoireann GELE a aistriú chuig párolla BIM. Cuirtear na daoine sin san áireamh anois in uimhreacha Chreat Rialaithe um Fhostaithe BIM. Is fostaithe BIM anois iad, ach in ainneoin sin tá obair éigin á déanamh go fóill ag iarbhaill foirne GELE ar an tionscadal GELE, mar chuid dá gceangaltais GELE roimhe seo.

Níl cabhair dheontais á fháil faoi láthair ag an GELE reatha do 2017 ó Roinn Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe Thuaisceart Éireann (RTFT). Tá an cúnamh deontais seo sa chonradh ag an GELE seachas ag BIM.

Comhdaítear ráiteas bliantúil leis an CRO (IG8) agus síníonn ballraíocht an GELE é, Bluett Conran a iniúchann na cuntais don Tionscnamh Uisceshaothraithe.

## 18. Ciste Cothromais Bheanntraí

Bhunaigh an Rialtas an ciste faoi leith seo le forbairt thionscal dobharshaothraithe réigiún Bheanntraí a chur chun cinn tar éis dhúnadh Chríochfort Ola Fhaoide. Ní féidir luach na scaireanna seo a mheas go cruinn de bharr go mbraitheann sé ar fheidhmíocht na bhfiontar. Sealbhaítear na scaireanna uile in ainm an Aire Airgeadais.

| **Sealbhaíodh na hinfheistíochtaí seo a leanas amhail an 31 Nollaig 2017:** | **2017 €'000** | **2016 €'000** |
|---|---|---|
| Kush Seafarms Teoranta | 19 | 19 |
| Fastnet Mussels Teoranta | 19 | 19 |
| | **38** | **38** |

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2017

## 19. Costais Shochair Scoir

### (a) Costais Scoir

Anailís ar na costais iomlána shochar scoir a gearradh ar an Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus le Cúlchistí Ioncaim Coinnithe:

| | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|
| Costas Seirbhíse Reatha | 1,999 | 1,576 |
| Ús ar Dhliteanais Scéime Pinsin | 1,404 | 1,638 |
| Ranníocaíochtaí Fostaí | (319) | (499) |
| | 3,084 | 2,715 |

### (b) Gluaisteacht i nglan-Oibleagáidí Shochar Scoir

| | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|
| Glandliteanas Pinsin amhail an 1 Eanáir | 74,179 | 65,873 |
| Costas Seirbhíse Reatha | 1,999 | 1,576 |
| Rannchuidithe Fostaithe | - | - |
| Ús ar Dhliteanais Scéime Pinsin | 1,404 | 1,638 |
| Caillteanas/(Gnóthachan) Achtúireach | (1,458) | 7,388 |
| Pinsin a íocadh sa bhliain | (2,518) | (2,296) |
| | **73,606** | **74,179** |

### Toimhdí Airgeadais

| Ba iad seo a leanas na príomhthoimhdí achtúireacha: | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| Ráta Méadaithe i dTuarastail | 3.30% | 3.25% |
| Ráta Méadaithe i bPinsin atá á Íoc | 2.80% | 2.75% |
| Ráta Lascaine | 2.00% | 1.9% |
| Ráta Boilscithe | 1.80% | 1.75% |

Ligeann bonn na básmhaireachta a nglactar leis d'fheabhsúcháin ar ionchas saoil le himeacht aimsire. Mar sin de, braithfidh ionchas saoil tráth scoir ar an mbliain a bhaineann ball aois scoir amach (65 bliain d'aois). Taispeántar sa tábla thíos an meánionchas saoil ualaithe a úsáidtear chun oibleagáidí sochair na mball a leagadh amach.

| **Bliain a baineadh aois 65 bliain amach** | 2017 | 2037 |
|---|---|---|
| Ionchas saoil – fir | 21.40 | 23.80 |
| Ionchas saoil – mná | 23.90 | 25.90 |

### (c) Sócmhainn Maoinithe Iarchurtha le haghaidh Pinsean

Breathnaíonn an Bord ar na méideanna seo mar shócmhainn a fhreagraíonn don dliteanas iarchurtha gan mhaoiniú le haghaidh pinsean de réir na sraithe toimhdí a mhínítear thíos agus roinnt imeachtaí a tharla san am atá thart. Ar na himeachtaí seo tá an bonn reachtúil um bunú na scéimeanna aoisliúntais, agus an beartas agus an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair i ndáil le maoiniú pinsean na seirbhíse poiblí, lena n-áirítear ranníocaíochtaí fostaithe agus an próiseas bliantúil meastachán. Cé nach ann do chomhaontú foirmiúil i ndáil leis na suimeanna faoi leith seo leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, níl aon fhianaise ag an mBord nach mbainfidh an beartas maoinithe seo na suimeanna seo amach mar is dual dó de réir an chleachtais reatha.

## 19. Costais Shochair Scoir (ar lean)

### Glanmhaoiniú Iarchurtha le haghaidh Pinsean in

| | 2017<br>€'000 | 2016<br>€'000 |
|---|---|---|
| Maoiniú in-aisghabhála maidir le costais phinsin na bliana reatha | 3,403 | 3,214 |
| Deontas Stáit caite le pinsinéirí a íoc | (2,518) | (2,296) |
| | **885** | **918** |

### (d) Stair na nDlitinis Scéime agus na ngnóthachan/(caillteanais) Taithí

| | An Bhliain Airgeadais dar chríoch in | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | **2017<br>€'000** | **2016<br>€'000** | **2015<br>€'000** | **2014<br>€'000** | **2013<br>€'000** |
| Oibleagáidí sainithe sochair | 73,606 | 74,179 | 65,873 | 54,800 | 54,900 |
| Gnóthachain ó thaithí ar dhliteanais phlean | (740) | (1,950) | (2,048) | (2,680) | (3,613) |
| Gnóthachain ó thaithí mar chéatadán de dhliteanais phlean | 1.0% | 2.6% | 3.1% | 4.9% | 7% |

### (e) Scéim Pinsin

Feidhmíonn BIM scéim aoisliúntais sochair sainithe don fhoireann. Íoctar teidlíochtaí aoisliúntais a eascraíonn ó na scéimeanna as ioncam reatha agus gearrtar ar an Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus le Cúlchistí Ioncaim Coinnithe iad, de réir glan-ranníocaíochtaí aoisliúntais na bhfostaithe, sa bhliain a bhíonn siad le híoc. Leagtar amach na torthaí thíos ar luacháil achtúireach de dhliteanais pinsin maidir le foireann BIM atá ag obair, atá scoite nó básaithe ar an 31 Nollaig 2017. Rinne achtúire neamhspleách cáilithe an luacháil seo.

### (f) Scéim Aonair

Is í an Scéim Aonair an scéim pinsin gairme d'fhostaithe sa tseirbhís phoiblí a earcaíodh ó 2013 i leith. Is scéim sochar sainithe atá ann, le sochair scoir bunaithe ar meánphá gairmréime. Gnóthaíonn an scéim sochair pinsin agus sochair chnapshuime scoir do gach ball den scéim. Fabhraíonn na sochair airgid seo, ar a nglaoitear "suimeanna inghairthe", mar chéatadáin de phá ar bhonn leanúnach. Déantar na suimeanna inghairthe fabhraithe gach bliain a luacháil go bliantúil go dtí scor ag teacht le méaduithe boilscithe (Praghasinnéacs Tomhaltóirí). Is ionann an pinsean bliantúil a bhronntar ar scor agus iomlán carnach suimeanna inghairthe pinsean bhall den scéim agus, ar an gcuma chéanna, is ionann an cnapshuim a bhronntar agus iomlán suimeanna inghairthe chnapshuime bhall den scéim.

## 20. Ceangaltais Chaipitil

Bhí tiomantas caipitiúil de €184,000 ann maidir leis an T.Burke II ar an 31 Nollaig 2017. Is soitheach athsholáthair an T.Burke II agus tabharfaidh sé tacaíocht do chlár oibre teicniúil an Roinn Forbartha Dhobharshaothraithe. Caithfear soitheach nua a chur in áit an tsoithigh atá ann faoi láthair de bharr imní faoi leas chriúnna agus na ceangaltais suirbhéireachta atá á chur ar BIM, atá níos minice agus níos casta le cúig bliana anuas. Is é costas an fheithicil nua beartaithe ná €765,000. Síníodh conradh i Samhain 2017.

## 21. Leasanna Bhaill an Bhoird

Ghlac an Bord le nósanna imeachta de réir na dtreoirlínte a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i dtaca le nochtadh Chomhaltaí an Bhoird faoi leasanna agus comhlíonadh na nósanna imeachta seo i rith na bliana. Nochtaigh Comhaltaí Boird leasanna trí huaire in 2017.

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)
Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2017

## 22. Nochtadh Páirtí Baintigh

Is ionann na príomhphearsanra bainistíochta i BIM agus an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus Bord na Stiúrthóirí. B'ionann iomlán an chúitimh a íocadh leis an bpríomhphearsanra bainistíochta, táillí agus speansais chomhaltaí an Bhoird agus luach saothair iomlán an Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin, agus €157,000 (2016: €184,000).

Chun briseadh síos a fháil ar luach saothair agus sochair a íocadh leis an bpríomhphearsanra bainistíochta, déan tagairt le do thoil le Nóta 9(d).

Glacann BIM nósanna imeachta i gcomhréir leis na treoirlínte a eisíonn an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a chlúdaíonn leasanna pearsanta chomhaltaí an Bhoird. I ngnáthchúrsa an ghnó, féadfaidh BIM deontais a fhormheas nó dul isteach i socruithe conarthacha le heintitis ina bhfuil comhaltaí Boird an BIM fostaithe nó a bhfuil leas eile acu iontu.

## 23. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

Rinne an Bord na Ráitis Airgeadais a fhaomhadh ar an 20 Aibreán 2018 agus sínítear iad thar ceann.

# Cúnamh Deontais De Minimis

## Scéim Sábháilteachta Loingis

| Contae | Líon na dTionscadal | Iomlán Incháilithe Costais Infheistíochta | Deontas (€) |
|---|---|---|---|
| An Clár | 11 | €30,525 | €17,557 |
| Corcaigh | 80 | €343,131 | €172,789 |
| Dún na nGall | 53 | €228,134 | €123,060 |
| Baile Átha Cliath | 7 | €27,022 | €12,562 |
| Gaillimh | 81 | €151,225 | €83,337 |
| Ciarraí | 40 | €169,191 | €85,242 |
| Liatroim | 1 | €1,537 | €922 |
| Lú | 15 | €235,231 | €96,340 |
| Maigh Eo | 34 | €73,574 | €41,142 |
| Mí | 2 | €11,345 | €4,739 |
| Sligeach | 8 | €9,358 | €5,616 |
| Port Láirge | 21 | €50,090 | €25,870 |
| Loch Garman | 33 | €80,436 | €44,800 |
| Cill Mhantáin | 1 | €7,547 | €4,528 |
| **Scéim Shábháilteachta Loingis Iomlán** | | **€1,418,346** | **€718,504** |

## Scéim Sábháilteachta Turasóireachta Muirí

| Contae | Líon na dTionscadal | Iomlán Incháilithe Costais Infheistíochta | Deontas (€) |
|---|---|---|---|
| Corcaigh | 2 | €6,174 | €2,469 |
| Dún na nGall | 1 | €867 | €347 |
| Gaillimh | 2 | €1,642 | €657 |
| Ciarraí | 2 | €3,301 | €1,320 |
| Maigh Eo | 2 | €4,914 | €1,966 |
| Sligeach | 1 | €292 | €117 |
| Loch Garman | 1 | €2,009 | €804 |
| Cill Mhantáin | 1 | €5,277 | €2,111 |
| **Scéim Shábháilteachta Turasóireachta Muirí Iomlán** | | **€24,476** | **€9,791** |

## Scéim Bhreisithe Sábháilteachta

| Contae | Líon na dTionscadal | Iomlán Incháilithe Costais Infheistíochta | Deontas (€) |
|---|---|---|---|
| An Clár | 2 | €1,170 | €705 |
| Corcaigh | 43 | €21,835 | €13,155 |
| Dún na nGall | 19 | €14,427 | €8,847 |
| Baile Átha Cliath | 6 | €3,509 | €2,114 |
| Gaillimh | 21 | €9,358 | €5,638 |
| Ciarraí | 30 | €13,257 | €7,987 |
| Maigh Eo | 29 | €14,817 | €8,715 |
| Mí | 3 | €1,560 | €940 |
| Sligeach | 3 | €1,560 | €940 |
| Port Láirge | 9 | €3,509 | €2,114 |
| Loch Garman | 15 | €7,798 | €4,698 |
| Cill Mhantáin | 2 | €1,170 | €705 |
| **Scéim Shábháilteachta Fheabhsaithe Iomlán** | | **€93,968** | **€56,557** |

# Cúnamh Deontais arna thacú ag an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh (CEMI) agus an Státchiste

## Scéim Iascairí Óga

| Contae | Líon na dTionscadal | Costais Iomlána Infheistíochta Incháilithe | Deontas (€) | Cuid den Deontas Cistithe ag an AE (€) | Cuid den Deontas Cistithe ag an Státchiste Náisiúnta (€) |
|---|---|---|---|---|---|
| Maigh Eo | 1 | €223,200 | €55,800 | €27,900 | €27,900 |
| **Iomlán** | | **€223,200** | **€55,800** | **€27,900** | **€27,900** |

## Scéim Iascaigh Inbhuanaithe - Cuid A

| Contae | Líon na dTionscadal | Costais Iomlána Infheistíochta Incháilithe | Deontas (€) | Cuid den Deontas Cistithe ag an AE (€) | Cuid den Deontas Cistithe ag an Státchiste Náisiúnta (€) |
|---|---|---|---|---|---|
| Baile Átha Cliath | 12 | €1,539,500 | €1,158,498 | €579,249 | €579,249 |
| **Iomlán** | | **€1,539,500** | **€1,158,498** | **€579,249** | **€579,249** |

## Scéim Iascaigh Inbhuanaithe - Cuid B

| Contae | Líon na dTionscadal | Costais Iomlána Infheistíochta Incháilithe | Deontas (€) | Cuid den Deontas Cistithe ag an AE (€) | Cuid den Deontas Cistithe ag an Státchiste Náisiúnta (€) |
|---|---|---|---|---|---|
| Corcaigh | 24 | €941,670 | €391,763 | €195,882 | €195,882 |
| Dún na nGall | 4 | €252,375 | €103,405 | €51,703 | €51,703 |
| Baile Átha Cliath | 3 | €55,704 | €22,282 | €11,141 | €11,141 |
| Gaillimh | 6 | €99,814 | €41,228 | €20,614 | €20,614 |
| Ciarraí | 11 | €171,453 | €94,354 | €47,177 | €47,177 |
| Lú | 5 | €182,433 | €72,973 | €36,487 | €36,487 |
| Maigh Eo | 10 | €144,709 | €75,422 | €37,711 | €37,711 |
| Sligeach | 2 | €1,110 | €666 | €333 | €333 |
| **Iomlán** | | **€1,849,268** | **€802,093** | **€401,047** | **€401,047** |

## Scéim Iascaigh Inbhuanaithe - Cuid C

| Contae | Líon na dTionscadal | Costais Iomlána Infheistíochta Incháilithe | Deontas (€) | Cuid den Deontas Cistithe ag an AE (€) | Cuid den Deontas Cistithe ag an Státchiste Náisiúnta (€) |
|---|---|---|---|---|---|
| Corcaigh | 2 | €540,445 | €318,712 | €159,356 | €159,356 |
| Dún na nGall | 2 | €30,823 | €18,494 | €9,247 | €9,247 |
| Gaillimh | 1 | €25,592 | €15,355 | €7,677 | €7,677 |
| Loch Garman | 1 | €683,776 | €341,888 | €170,944 | €170,944 |
| **Iomlán** | | **€1,280,635** | **€694,449** | **€347,224** | **€347,224** |

Ireland's EU Structural and Investment Funds Programmes 2014 - 2020
Co-funded by the Irish Government and the European Union

An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
Department of Agriculture, Food and the Marine

AONTAS EORPACH
Tá an beart seo maoinithe i bpáirt ag an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh

## Scéim V-Eangaithe Iascach

| Contae | Líon na dTionscadal | Costais Iomlána Infheistíochta Incháilithe | Deontas (€) | Cuid den Deontas Cistithe ag an AE (€) | Cuid den Deontas Cistithe ag an Státchiste Náisiúnta (€) |
|---|---|---|---|---|---|
| An Clár | 2 | €24,503 | €17,136 | €8,568 | €8,568 |
| Corcaigh | 7 | €112,176 | €83,998 | €41,999 | €41,999 |
| Dún na nGall | 3 | €72,808 | €54,606 | €27,303 | €27,303 |
| Baile Átha Cliath | 7 | €40,795 | €28,563 | €14,282 | €14,282 |
| Gaillimh | 7 | €27,769 | €22,384 | €11,192 | €11,192 |
| Ciarraí | 5 | €26,129 | €18,991 | €9,495 | €9,495 |
| Lú | 2 | €5,247 | €3,673 | €1,836 | €1,836 |
| Maigh Eo | 8 | €45,863 | €33,859 | €16,930 | €16,930 |
| Sligeach | 4 | €31,062 | €23,237 | €11,618 | €11,618 |
| Port Láirge | 7 | €20,600 | €15,237 | €7,619 | €7,619 |
| Loch Garman | 1 | €27,477 | €20,608 | €10,304 | €10,304 |
| Cill Mhantáin | 2 | €20,049 | €14,034 | €7,017 | €7,017 |
| Náisiúnta* | 1 | €5,535 | €5,535 | €5,535 | €0 |
| **Iomlán** | | **€460,012** | **€341,861** | **€173,698** | **€168,163** |

** Comhthiomsú Sonraí*

## Scéim Chaomhnaithe Iascaigh Intíre

| Contae | Líon na dTionscadal | Costais Iomlána Infheistíochta Incháilithe | Deontas (€) | Cuid den Deontas Cistithe ag an AE (€) | Cuid den Deontas Cistithe ag an Státchiste Náisiúnta (€) |
|---|---|---|---|---|---|
| Gaillimh | 1 | €465 | €372 | €186 | €186 |
| **Iomlán** | | **€465** | **€372** | **€186** | **€186** |

## Scéim Eagraíochta Táirgeoirí

| Contae | Líon na dTionscadal | Costais Iomlána Infheistíochta Incháilithe | Deontas (€) | Cuid den Deontas Cistithe ag an AE (€) | Cuid den Deontas Cistithe ag an Státchiste Náisiúnta (€) |
|---|---|---|---|---|---|
| Eagraíocht Tháirgeoirí Éisc na hÉireann Teo | 2 | €388,449 | €192,070 | €96,035 | €96,035 |
| Irish South and East Fish Producers Organisation Teo | 2 | €86,670 | €56,933 | €28,467 | €28,467 |
| Irish South and West Fish Producer's Organisation Teo | 2 | €299,904 | €183,127 | €91,563 | €91,563 |
| Killybegs Fishermen's Organisation Teo | 1 | €141,756 | €88,741 | €44,371 | €44,371 |
| **Iomlán** | | **€916,780** | **€520,871** | **€260,435** | **€260,435** |

# Cúnamh Deontais arna thacú ag an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh (CIME) agus an Státchiste (ar lean)

## Forbairt Ghrúpa Limistéir Áitiúil Iascaigh 2016 - 2023

| Contae | Líon na dTionscadal | Costais Iomlána Infheistíochta Incháilithe | Deontas (€) | Cuid den Deontas Cistithe ag an AE (€) | Cuid den Deontas Cistithe ag an Státchiste Náisiúnta (€) |
|---|---|---|---|---|---|
| FLAG Thuaidh (Dún na nGall) | 33 | €515,620 | €315,740 | €157,870 | €157,870 |
| FLAG Oirthuaisceart (Baile Átha Cliath) | 9 | €387,245 | €199,489 | €99,745 | €99,745 |
| FLAG Oirthuaisceart (An Lú) | 2 | €50,473 | €21,764 | €10,882 | €10,882 |
| FLAG Oirthuaisceart (an Mhí) | 2 | €6,632 | €5,306 | €2,653 | €2,653 |
| FLAG Iarthuaisceart (Maigh Eo) | 9 | €246,325 | €179,964 | €89,982 | €89,982 |
| FLAG Iarthuaisceart (Sligeach) | 5 | €92,208 | €64,705 | €32,353 | €32,353 |
| FLAG Deisceart (Corcaigh) | 20 | €486,753 | €278,479 | €139,239 | €139,239 |
| FLAG Oirdheisceart (Port Láirge) | 4 | €41,522 | €31,359 | €15,680 | €15,680 |
| FLAG Oirdheisceart (Loch Garman) | 8 | €191,554 | €127,986 | €63,993 | €63,993 |
| FLAG Oirdheisceart (Cill Mhantáin) | 2 | €9,314 | €5,198 | €2,599 | €2,599 |
| FLAG Iardheisceart (Ciarraí) | 16 | €240,052 | €155,613 | €77,806 | €77,806 |
| FLAG Iarthar (an Clár) | 5 | €181,519 | €82,800 | €41,400 | €41,400 |
| FLAG Iarthar (Gaillimh) | 23 | €519,444 | €278,161 | €139,080 | €139,080 |
| FLAG Iarthar (Maigh Eo) | 1 | €56,000 | €28,000 | €14,000 | €14,000 |
| **Iomlán** | | **€3,024,662** | **€1,774,563** | **€887,281** | **€887,281** |

## Scéim Thairseach Eolais do Dhobharshaothrú

| Contae | Líon na dTionscadal | Costais Iomlána Infheistíochta Incháilithe | Deontas (€) | Cuid den Deontas Cistithe ag an AE (€) | Cuid den Deontas Cistithe ag an Státchiste Náisiúnta (€) |
|---|---|---|---|---|---|
| Dún na nGall | 1 | €11,250 | €5,625 | €2,813 | €2,813 |
| Maigh Eo | 2 | €121,281 | €72,768 | €36,384 | €36,384 |
| **Iomlán** | | **€132,531** | **€78,393** | **€39,197** | **€39,197** |

## Scéim Dhobharshaothraithe Inbhuanaitheach

| Contae | Líon na dTionscadal | Costais Iomlána Infheistíochta Incháilithe | Deontas (€) | Cuid den Deontas Cistithe ag an AE (€) | Cuid den Deontas Cistithe ag an Státchiste Náisiúnta (€) |
|---|---|---|---|---|---|
| Ceatharlach | 1 | €22,313 | €8,925 | €4,463 | €4,463 |
| Corcaigh | 4 | €124,146 | €49,768 | €24,884 | €24,884 |
| Dún na nGall | 6 | €2,213,674 | €885,470 | €442,735 | €442,735 |
| Gaillimh | 2 | €132,960 | €53,184 | €26,592 | €26,592 |
| Ciarraí | 2 | €55,608 | €22,243 | €11,122 | €11,122 |
| Maigh Eo | 4 | €1,028,722 | €339,639 | €169,820 | €169,820 |
| Sligeach | 2 | €177,313 | €79,326 | €39,663 | €39,663 |
| Port Láirge | 1 | €98,959 | €39,583 | €19,792 | €19,792 |
| **Iomlán** | | **€3,853,695** | **€1,478,140** | **€739,070** | **€739,070** |

Ireland's EU Structural and Investment Funds Programmes 2014 - 2020
Co-funded by the Irish Government and the European Union

An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
Department of Agriculture, Food and the Marine

AONTAS EORPACH
Tá an beart seo maoinithe i bpáirt ag an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh

## Scéim Nuála Bia Mara agus Pleanála Gnó

| Contae | Líon na dTionscadal | Costais Iomlána Infheistíochta Incháilithe | Deontas (€) | Cuid den Deontas Cistithe ag an AE (€) | Cuid den Deontas Cistithe ag an Státchiste Náisiúnta (€) |
|---|---|---|---|---|---|
| Corcaigh | 5 | 99,959 | 49,979 | 24,990 | 24,990 |
| Dún na nGall | 3 | 58,319 | 29,160 | 14,580 | 14,580 |
| Baile Átha Cliath | 1 | 40,000 | 20,000 | 10,000 | 10,000 |
| Gaillimh | 2 | 29,874 | 14,937 | 7,469 | 7,469 |
| Cill Chainnigh | 1 | 27,199 | 13,600 | 6,800 | 6,800 |
| Luimneach | 1 | 10,000 | 5,000 | 2,500 | 2,500 |
| Maigh Eo | 1 | 9,532 | 4,766 | 2,383 | 2,383 |
| Loch Garman | 2 | 37,191 | 18,596 | 9,298 | 9,298 |
| **Iomlán** | | **312,075** | **156,037** | **78,019** | **78,019** |

## An Scéim um Scálú Bia Mara agus Fhorbairt Mhargaí Nua

| Contae | Líon na dTionscadal | Costais Iomlána Infheistíochta Incháilithe | Deontas (€) | Cuid den Deontas Cistithe ag an AE (€) | Cuid den Deontas Cistithe ag an Státchiste Náisiúnta (€) |
|---|---|---|---|---|---|
| Maigh Eo | 1 | 105,438 | 52,719 | 26,360 | 26,360 |
| Loch Garman | 1 | 125,217 | 60,000 | 30,000 | 30,000 |
| **Iomlán** | | **230,655** | **112,719** | **56,360** | **56,360** |

## Scéim Infheistíochta Caipitil Phróiseáil Bia Mara

| Contae | Líon na dTionscadal | Costais Iomlána Infheistíochta Incháilithe | Deontas (€) | Cuid den Deontas Cistithe ag an AE (€) | Cuid den Deontas Cistithe ag an Státchiste Náisiúnta (€) |
|---|---|---|---|---|---|
| An Clár | 1 | 142,675 | 35,666 | 17,833 | 17,833 |
| Corcaigh | 4 | 1,172,182 | 323,204 | 161,602 | 161,602 |
| Dún na nGall | 4 | 2,076,486 | 614,450 | 307,225 | 307,225 |
| Baile Átha Cliath | 3 | 2,513,898 | 656,510 | 328,255 | 328,255 |
| Ciarraí | 1 | 847,915 | 211,979 | 105,989 | 105,989 |
| Lú | 2 | 139,498 | 41,849 | 20,925 | 20,925 |
| Maigh Eo | 1 | 66,832 | 19,111 | 9,556 | 9,556 |
| Loch Garman | 1 | 375,780 | 112,734 | 56,367 | 56,367 |
| **Iomlán** | | **7,335,267** | **2,015,503** | **1,007,752** | **1,007,752** |

FSC
www.fsc.org
MIX
Paper from responsible sources
FSC® C105984

Arna chur i gcló ar pháipéar a fuarthas ó fhoraoiseacha a bhainistítear ar bhonn inbhuanaithe



**Bord Iascaigh Mhara**

**An Cheannoifig**

Bóthar Crofton,
Dún Laoghaire,
Co. Bhaile Átha Cliath
A96 E5A0

**Irish Sea Fisheries Board**

**Head Office**

Crofton Road,
Dun Laoghaire,
Co. Dublin
A96 E5A0

**T** +353 1 214 4100 | **E** info@bim.ie | **www.bim.ie**

BIM Ireland's Seafood Development Agency